

**Logainmneacha Cheatharlach**

**Liam Ó Paireín**

**Imleabhar I**

**Tráchtas do chéim dhochtúireachta sa Nua-Ghaeilge**

**Stiúrthóir; An tOllamh R. Ó hUiginn**

**Ollscoil na hÉireann**

**MÁ NUAD**

**1998**

## Clár

### Imleabhar I

I.1	Focal Admhála	12
I.2	Achoimre	13
II	<i>Tíreolas</i>	14
I 2	<i>Stair</i>	14
I 2.1	<i>Maigh nAilbhe</i>	15
I 2.2	<i>Uí Cheinnselaigh agus Uí Dhróna</i>	16
I 2.3	<i>Fothairt</i>	17
I 2.4	<i>Tionchar na Críostaíochta</i>	18
I 2.4.1	<i>Naomh Molaise</i>	18
I 2.4.2	<i>Naomh Moling</i>	18
I 2.4.3	<i>Naomh M'Aodhóg</i>	18
I 2.4.4	<i>Naomh Foirtchearn</i>	19
I 2.4.5	<i>Cill Losnada (Losna ?)</i>	19
I 2.4.6	<i>Mainistreacha</i>	19
I 2.5	<i>Teacht na Normannach</i>	19
I 2.6	<i>Clann an Phaoraigh</i>	20
I 2.7	<i>Clann an Ghrásaigh</i>	21
I 2.8	<i>Clann Chaomhánach</i>	21
I 2.9	<i>Na Buitleáraigh</i>	22
I 2.10	<i>Clann Bagenal</i>	23

I 2.11	<i>Clann Tankard</i>	24
I 2.12	<i>Clann Wall</i>	24
I 2.13	<i>Clann Burton</i>	25
I 2.14	<i>Na Pailitínigh</i>	25
I 2.15	<i>Clann Bruen</i>	25
I 2.16	<i>Clann Wolseley</i>	26
I 2.17	<i>Daonáireamh san 17ú haois.</i>	26
I 2.18	<i>Tionsclaíocht</i>	26
II	<b>ANAILÍS AR NA LOGAINMNEACHA</b>	28
II II 1.1	<i>Béarlú na logainmneacha.</i>	28
II 1.2	<i>An leagan Gaeilge i litriú an Bhéarla.</i>	28
II 1.2.1	<i>Achadh i litriú an Bhéarla.</i>	23
II 1.2.2	<i>Ard i litriú an Bhéarla.</i>	28
II 1.2.3	<i>Áth i litriú an Bhéarla.</i>	29
II 1.2.4	<i>Baile i litriú an Bhéarla.</i>	29
II 1.2.5	<i>Bealach i litriú an Bhéarla.</i>	31
II 1.2.6	<i>Bearna i litriú an Bhéarla.</i>	31
II 1.2.7	<i>Buaile i litriú an Bhéarla.</i>	31
II 1.2.8	<i>Carraig i litriú an Bhéarla.</i>	31
II 1.2.9	<i>Cill i litriú an Bhéarla.</i>	32
II 1.2.10	<i>Cloch i litriú an Bhéarla.</i>	32
II 1.2.11	<i>Cluain i litriú an Bhéarla.</i>	34
II 1.2.12	<i>Cnoc i litriú an Bhéarla.</i>	34
II 1.2.13	<i>Coill i litriú an Bhéarla.</i>	34
II 1.2.14	<i>Cúil i litriú an Bhéarla.</i>	34

II 1.2.15	<i>Cúl</i> i litriú an Bhéarla.	35
II 1.2.16	<i>Currach</i> i litriú an Bhéarla.	35
II 1.2.17	<i>Draighean</i> i litriú an Bhéarla.	35
II 1.2.18	<i>Dún</i> i litriú an Bhéarla.	36
II 1.2.19	<i>Feá</i> i litriú an Bhéarla.	36
II 1.2.20	<i>Fearann</i> i litriú an Bhéarla.	36
II 1.2.21	<i>Garraí</i> i litriú an Bhéarla.	36
II 1.2.22	<i>Gleann</i> i litriú an Bhéarla.	37
II 1.2.23	<i>Grian</i> i litriú an Bhéarla.	37
II 1.2.24	<i>Leacain</i> i litriú an Bhéarla.	37
II 1.2.25	<i>Lios</i> i litriú an Bhéarla.	37
II 1.2.26	<i>Madra</i> i litriú an Bhéarla.	37
II 1.2.27	<i>Maigh</i> i litriú an Bhéarla.	38
II 1.2.28	<i>Manach</i> i litriú an Bhéarla.	38
II 1.2.29	<i>Móin</i> i litriú an Bhéarla.	39
II 1.2.30	<i>Mullán</i> i litriú an Bhéarla.	39
II 1.2.31	<i>Páirc</i> i litriú an Bhéarla.	39
II 1.2.32	<i>Ráth</i> i litriú an Bhéarla.	39
II 1.2.33	<i>Rí</i> i litriú an Bhéarla.	40
II 1.2.34	<i>Ros</i> i litriú an Bhéarla.	40
II 1.2.35	<i>Sceach</i> i litriú an Bhéarla.	41
II 1.2.36	<i>Seisceann</i> i litriú an Bhéarla.	41
II 1.2.37	<i>Sliabh</i> i litriú an Bhéarla.	41
II 1.2.38	<i>Srath</i> i litriú an Bhéarla.	41
II 1.2.39	<i>Teach</i> i litriú an Bhéarla.	43

II 1.2.40	<i>Teampall</i> i litriú an Bhéarla.	43
II 1.2.41	<i>Tuaim</i> i litriú an Bhéarla.	43
II 1.2.42	<i>Tulach</i> i litriú an Bhéarla.	43
II 1.3	Aistriúcháin	45
II 1.4	Leagan Gaeilge, Leagan Béarla	46
II 1.5.1	<i>-each</i> > <i>-agh</i> i litriú an Bhéarla.	47
II 1.5.2	<i>-each</i> > <i>-ow</i> i litriú an Bhéarla.	47
II 1.5.3	<i>-each</i> > <i>-a</i> i litriú an Bhéarla.	47
II 1.5.4	<i>-each</i> > <i>-ah</i> i litriú an Bhéarla.	47
II 1.5.5	<i>-each</i> > <i>-y</i> i litriú an Bhéarla.	48
II 1.5.6	<i>-aigh</i> > <i>agh</i> i litriú an Bhéarla.	48
II 1.5.7	<i>-bh</i> > <i>-ow</i> i litriú an Bhéarla.	48
II 1.5.8	<i>-bh</i> > <i>-y</i> i litriú an Bhéarla.	43
II 1.5.9	<i>-th-</i> láir cailte i litriú an Bhéarla.	48
II 1.5.10	<i>-th-</i> láir > <i>h</i> i litriú an Bhéarla.	49
II 1.5.11	<i>-dh-</i> láir cailte i litriú an Bhéarla.	49
II 1.5.12	Tuiseal Ginideach iolra i litriú an Bhéarla.	49
II 1.5.13	<i>óg</i> i litriú an Bhéarla.	49
II 1.5.14	<i>-gh</i> i litriú an Bhéarla.	50
II 1.5.15	<i>-y</i> i litriú an Bhéarla.	51
II 1.5.16	/ i: / i litriú an Bhéarla.	51
II 1.5.17	/ v / > v i litriú an Bhéarla.	52
II 1.6	<i>villa, -ton, -ton-, -town, -baile, -bally-</i>	52
II 1.7.1	<i>ainm + town</i>	55
II 1.7.2	<i>Focail dhifriúla + ainm</i>	56

II 1.7.3	<i>Baile + town</i>	56
II 1.7.4	<i>Cill + ainm</i>	57
II 1.7.5	<i>Coill + ainm</i>	58
II 1.7.6	<i>Ráth + ainm</i>	58
II 1.7.7	<i>Mount + ainm</i>	58
II 1.7.8	<i>Ainm + villa</i>	53
II 1.7.9	<i>Focail éagsúla + ainm pearsanta</i>	58
II 1.8.1	<i>Logainmneacha atá luaite i bhfoinsí Gaeilge</i>	59
II 1.8.2	<i>Logainmneacha nach bhfuil luaite i bhfoinsí Gaeilge ach dul na Gaeilge orthu.</i>	59
II 1.8.3	<i>Logainmneacha le leagan amháin Gaeilge agus leagan amháin Béarla</i>	60
II 1.8.4	<i>Logainmneacha le dhá ainm le dul na Gaeilge orthu.</i>	61
II 1.8.5	<i>Logainmneacha gan fianaise Gaeilge faighte agam dóibh.</i>	61
II 1.9.1	<i>Ainmfhocail Shimplí</i>	61
II 1.9.2	<i>Comhainmfhocail</i>	61
II 1.9.3	<i>Ainmfhocal + ainmfhocal eile sa ghinideach</i>	62
II 1.9.4	<i>Ainmfhocal + alt + ainmfhocal sa ghinideach</i>	62
II 1.9.5	<i>Ainmfhocal + ainm pearsanta</i>	63
II 1.9.6	<i>Ainmfhocal + sloinnté</i>	63
II 1.9.7	<i>Aidiachtaí</i>	64
II 1.9.7.1	<i>Dathanna</i>	65
II 1.10.1	<i>Tionchar na hEaglaise</i>	65
II 1.10.2	<i>Cill</i>	65
II 1.10.3	<i>Manach</i>	66

<b>II 1.10.4</b>	<i>Teampall</i>	66
<b>II 1.10.5</b>	<i>Tigh</i>	67
<b>II 1.10.6</b>	<i>Tobar</i>	67
<b>II 1.11.1</b>	<b><i>Gnéithe Aiceanta</i></b>	67
<b>II 1.11.2</b>	<i>Achadh</i>	67
<b>II 1.11.3</b>	<i>Aiteann</i>	67
<b>II 1.11.4</b>	<i>Ard</i>	67
<b>II 1.11.5</b>	<i>Carraig</i>	68
<b>II 1.11.6</b>	<i>Cloch</i>	68
<b>II 1.11.7</b>	<i>Cluain</i>	68
<b>II 1.11.8</b>	<i>Cnoc</i>	68
<b>II 1.11.9</b>	<i>Coill</i>	69
<b>II 1.11.10</b>	<i>Corrán</i>	69
<b>II 1.11.11</b>	<i>Crainn</i>	79
<b>II 1.11.12</b>	<i>Currach</i>	70
<b>II 1.11.13</b>	<i>Draighean</i>	70
<b>II 1.11.14</b>	<i>Drom(inn)</i>	70
<b>II 1.11.15</b>	<i>Fearann</i>	71
<b>II 1.11.16</b>	<i>Fiodh</i>	71
<b>II 1.11.17</b>	<i>Gleann</i>	71
<b>II 1.11.18</b>	<i>Grian</i>	71
<b>II 1.11.19</b>	<i>Hill</i>	71
<b>II 1.11.20</b>	<i>Lágh</i>	71
<b>II 1.11.21</b>	<i>Leacain</i>	72
<b>II 1.11.22</b>	<i>Maigh</i>	72

<b>II 1.11.23</b>	<i>Móin</i>	72
<b>II 1.11.24</b>	<i>Mullán</i>	72
<b>II 1.11.25</b>	<i>Oileán</i>	72
<b>II 1.11.26</b>	<i>Páirc</i>	73
<b>II 1.11.27</b>	<i>Ros</i>	73
<b>II 1.11.28</b>	<i>Sceach</i>	73
<b>II 1.11.29</b>	<i>Seisceann</i>	73
<b>II 1.11.30</b>	<i>Sliabh</i>	73
<b>II 1.11.31</b>	<i>Srath</i>	74
<b>II 1.11.32</b>	<i>Tulach</i>	74
<b>II 1.11.33</b>	<i>Úllord</i>	74
<b>II 1.11.34</b>	<i>Wood</i>	74
<b>II 1.12.1</b>	<i>Cur faoi an duine</i>	74
<b>II 1.12.2</b>	<i>Áth</i>	74
<b>II 1.12.3</b>	<i>Bealach</i>	74
<b>II 1.12.4</b>	<i>Bearna</i>	75
<b>II 1.12.5</b>	<i>Bóthar</i>	75
<b>II 1.12.6</b>	<i>Buaile</i>	75
<b>II 1.12.7</b>	<i>Caisleán</i>	75
<b>II 1.12.8</b>	<i>Cora</i>	75
<b>II 1.12.9</b>	<i>Cúil</i>	75
<b>II 1.12.10</b>	<i>Cúl</i>	76
<b>II 1.12.11</b>	<i>Dún</i>	76
<b>II 1.12.12</b>	<i>Garraí</i>	76
<b>II 1.12.13</b>	<i>Gráinseach</i>	76



II 1.12.14	<i>Líon</i>	76
II 1.12.15	<i>Lios</i>	77
II 1.12.16	<i>Muileann</i>	77
II 1.12.17	<i>Pis</i>	77
II 1.12.18	<i>Ráth</i>	77
II 1.12.19	<i>Rí</i>	78
II 1.12.20	<i>Tuaim</i>	78
II 1.13.1	<i>Ainmhithe</i>	78
II 1.14	<i>Fianaise na teanga ó na logainmneacha</i>	79
II 1.14.1	<i>-each &gt; / ð /</i>	79
II 1.14.2	<i>-each &gt; / x /</i>	79
II 1.14.3	<i>-each &gt; / ð /, / e: /, / i: /</i>	79
II 1.14.4	<i>-abha- &gt; / ðu /</i>	80
II 1.14.5	<i>-abha &gt; / u: /</i>	80
II 1.14.6	<i>-abha &gt; / o: /</i>	80
II 1.14.7	<i>/ ið /, / i: / &gt; / ði /</i>	80
II 1.14.8	<i>ua &gt; / o: /</i>	81
II 1.14.9	<i>ua &gt; / u: /</i>	81
II 1.14.10	<i>á &gt; / α: /</i>	81
II 1.14.11	<i>á &gt; / a: /</i>	81
II 1.14.12	<i>á &gt; / e: /</i>	82
II 1.14.13	<i>/ ið / &gt; / i: /</i>	82
II 1.14.14	<i>/ ið / &gt; / e: /</i>	82
II 1.14.15	<i>uí &gt; / ði /</i>	82
II 1.14.16	<i>nn &gt; ng</i>	82

II 1.14.17	<i>loch</i> > / o: /	82
II 1.14.18	<i>Mór</i> > / mo:r /	82
II 1.14.19	<i>Mór</i> > / mo:r /, / mu:r /	83
II 1.14.20	<i>Focal dháshiollach</i> > <i>focal aonsiollach</i>	83
II 1.14.21	<i>r</i> > / s /	83
II 1.15.22	Foinsí agus a Noda	85
II 1.15.23	Leabharliosta	105
II 1.15.24	Fáisnéiseoirí	114
II 1.15.25	Liostaí Barúntachtaí	116
II 1.15.26	Liostaí Paróistí	119
II 1.15.27	Liostaí de réir barúntachtaí	121
II 1.15.28	Liostaí de réir aibítire	174

### Imleabhar II

III	<i>FIANAISE NA LOGAINMNEACHA</i>	191
A	Barúntacht; Ceatharlach	191
B	Barúntacht; Fothairt	282
C	Barúntacht; Uí Dhróna Thoir	360
D	Barúntacht; Uí Dhróna Thiar	447
E	Barúntacht; Ráth Bhile	504
F	Barúntacht; Sliabh mBairrche	595
G	Barúntacht; Tigh Moling Íochtarach	599
H	Barúntacht; Tigh Moling Uachtarach	641
IV	LOGAINMNEACHA EILE	653

<b>613.</b>	<b>An Bhearú</b>	<b>653</b>
<b>614</b>	<b>An Bhoirinn</b>	<b>658</b>
<b>615</b>	<b>Dinn Ríg</b>	<b>659</b>
<b>616</b>	<b>The Dulloghe</b>	<b>661</b>
<b>617</b>	<b>Maigh nAilbhe</b>	<b>661</b>
<b>618</b>	<b>An tSláine</b>	<b>663</b>
<b>619</b>	<b>Na Staighrí Dubha</b>	<b>665</b>
<b>620</b>	<b>Stua (Sui) Laighean</b>	<b>665</b>
<b>621</b>	<b>Tuaim Tenbath</b>	<b>667</b>
<b>622</b>	<b>Uí Cheinnselaigh</b>	<b>667</b>

## I.1

### Focal Admhála

Ba é an tOllamh Ó hUiginn a spreag ar dtús mé tabhairt faoi logainmneacha Cheatharlach, agus a thug comhairle mo leasa dom. Chuidigh Dónall Mac Giolla Easpaig go mór leis an ullmhúchán. Gabhaim buíochas leis na fáisnéiseoirí a thug cúnamh dom le foghraíocht áitiúil.

Is mór agam cabhair ó fhoireann leabharlainne sna hinstiúidí seo;- NUI Má Nuad, An Leabharlann Náisiúnta, An Chartlann Náisiúnta, Clárlann na nGníomhas, Leabharlann Chontae Cheatharlach, Chill Chainnigh, Thiobraid Árann.

### Achoimre

Is éard a chuir mé romham sa tráchtas seo mionscrúdú a dhéanamh ar bhailte fearainn i gContae Cheatharlach. Chuige sin, tá bailiúchán déanta agam den fhianaise ar fad a d'fhéadfainn a fháil idir cáipéisí Laidine, Gaeilge, Fraincise agus Béarla, chomh maith leis na leaganacha de na hainmneacha atá ag pobal an cheantair sa lá atá inniu ann. Rinne mé iarracht teacht ar bhunleaganacha na logainmneacha, agus eolas a bhaint astu faoi stair agus faoi Ghaeilge an cheantair.

Trí roinn atá sa tráchtas, mar atá: (1) cur síos ar stair agus ar thíreolaíocht Cheatharlach (2) bailiúchán na logainmneacha mar aon le plé gairid ar a mbunús (3) conclúidí.

Sa taighde seo, bhí fáil ar fhianaise Béarla, Gaeilge agus Laidine. Bíodh is gur bhailigh mé na mílte leaganacha d'ainmneacha na mbailte fearainn ó fhoinsí éagsúla, níorbh fhéidir ach sampla ionadach a chur ar fáil, go háirithe i gcás logainmneacha ar leith a raibh tagairtí dóibh ar fáil go flúirseach sna foinsí.

Chun na leaganacha a roghnú, phiocas amach foirmeacha a mhair de réir foirme agus de réir aoise. Uaireanta ba dhoiligh idirdhealú a dhéanamh idir cúpla logainm, go háirithe iad sin atá ar fáil cúpla uair sa chontae.

Bailíodh an-chuid logainmneacha thar cheann na Suirbhéireachta Ordanáis sa 19ú haois, agus fáil orthu in Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis, Baile Átha Cliath. Tugann na foinsí sin faoi leagan Gaeilge maraon le tagairtí fánacha do leaganacha ar leith ó fhoinsí éagsúla. Go minic níor éirigh liom teacht ar fhianaise eile seachas a raibh ar fáil sna hainmleabhair. Is éard atá sna hAinmleabhair Pharóiste ná bailiúchán foirmeacha faoi gach logainm chomh maith le húdar gach foirme agus cur síos ar nádúr na háite a bhí i gceist. Bhí foinsí Uí Dhonnabháin teoranta, áfach. Donn Piatt a bhailigh fuaimniú ar fhocail Ghaeilge fós beo sa chaint maraon le logainmneacha sna triochaidí thart ar Laighin, Ceatharlach san áireamh, tugann sé béim na bhfocal le fios (Piatt 1933). Sa bhliain 1937, foilsíodh an leabhar *Placenames of Co. Carlow*, leabhar a leag amach saothar Uí Dhonnabháin beagnach ar an iomlán ar bhealach soléite (O'Toole 1937). Níl fágtha de Ghaeilge dhúchasach Laighean anois ach corrfhocal Gaeilge a mhaireann ar aghaidh i mBéarla na ndaoine agus na logainmneacha.

Ó Oifig na Logainmneacha a fuairas liosta na mbailte fearainn. Is don tsraith léarscáileanna ar scála sé orlaigh sa mhíle slí a thagraíonn na huimhreacha a leanann foirmeacha oifigiúla Béarla na n-ainmneacha. Tá na bailte fearainn leagtha amach in ord barúntachta agus ansin in ord paróiste. Tá an córas bunaithe ar ord aibíteach Béarla. Tugadh uimhir ar leith do gach baile fearainn.

**Contae Cheatharlach**



## LOGAINMNEACHA CHONTAE CHEATHARLACH

### **I 1. *Tíreolas***

Contae intíre is é Contae Cheatharlach, i ndeisceart Chúige Laighean a bhfuil Loch Garman suite ó dheas, agus soir ó dheas uaidh; Cill Mhantáin soir agus soir ó thuaidh uaidh; Cill Dara ó thuaidh, agus Laois agus Cill Chainnigh siar ón gcontae.

Is féidir an contae a roinnt i gcúig cheantar tíreolaíochta;

(1) Gleann na Bearú; machaire íseal atá anseo, faoi bhun 200 troigh. Tá an leagan tíre seo réidh cothrom, gan easpa tortóg ann. Tá an gleann ag síneadh ar dhá thaobh na habhann ó theorainn Chill Dara ó thuaidh go Cois Feoire ó dheas.

(2) An Ceantar Idirmheánach; (200-800 troigh): talamh droimneach atá anseo i lár an chontae ar fad nach mór.

(3) Droim Urnaí; (400-677 troigh): sníonn an droim ardaithe seo ó thuaidh agus soir ó thuaidh trí lár an chontae.

(4) Ardchlár Chaisleán an Chomair; (400-1055 troigh): machaire droimneach arís atá anseo maraon le cúpla fána ghéar. In iarthar an chontae atá an chuid seo a shíneann leis isteach i Laois agus i gCill Chainnigh. Ó thaobh topagrafachta de, athraíonn an talamh ó dhroimeanna ar bharr an ardchláir, go sléimeanna géara crochta san iarthar.

(5) Ceantar ardaithe - Na Staighre Dubha; (800-2610 troigh): san oirdheisceart tá malaí géara ag imeacht le fána. Tá ardaithe suntasacha le sonrú anseo; Stua (Suí) Laighean (2610 troigh), agus Na Staighrí Dubha (2409 troigh).

Ó thaobh na geolaíochta de, eibhear an chloch is coitianta sa chontae. Tá aolchloch leagtha i ngleann na Bearú (613). Thart ar Ardchlár Chaisleán an Chomair, tá teacht ar scealla, agus ar ghaineamhchloch. Is in iarthar an chontae agus ó thuaidh ó Stua (Suí) Laighean atá ceantar siosta agus slinne suite. Tá gairbhéal fosaithe go flúirseach ar fud ghleann na Sláine, ar dhroim Urnaí agus in áiteanna i log na Bearú (613).

Ceantar láidir talmhaíochta is ea Ceatharlach; tá béim ar churaíocht, bharráí agus stoc. Tá an córas measctha feirmeoireachta seo coitianta ar fud an chontae, ach amháin i gceantar sléibhtiúil san iarthar agus san oirdheisceart. San oirthear, oireann an talamh do fhéar níos mó ná do churaíocht, a bhuíochas sin do chomhdhéanamh trom na hithreach. Tá tógaint na gcaorach teoranta sa chontae le dúil i mbainne agus san eallach. San oir-dheisceart, toisc comhdhéanamh an-éadrom na hithreach agus taoscadh saor ann, ní morán plé a bhíonn le caoirigh sa chontae de bharr fheabhas na talún. Is san eallach a chuirtear spéis. Cés móite de na dúichí sléibhtiúla bíonn cruithneacht, biatas agus prataí á saothrú go coitianta.

### **I 2. *Stair***

Níorbh ann don chontae mar aonad riaracháin roimh 1210, nuair a bhunaigh an Rí Eoin seacht gcontae; Baile Átha Cliath, Lú, Cill Chainnigh, Loch Garman agus Ceatharlach ina measc. Ní leanann teorainn an chontae gné aiceanta ar bith.

Seacht mbarúntacht ar fad atá sa chontae;

Ceatharlach (A)	Fothairt (B)
Uí Dhróna Thiar (C)	Uí Dhróna Thoir (D)
Ráth Bhile (E)	Tigh Moling Íochtarach (G)
Tigh Moling Uachtarach (H)	

Seacht bparóiste is daichead ar fad atá sa chontae;

Agha (C 1)	Aghade (B 2)
Ardoyne (B 3, E 3)	Ardristan (E 4)
Ballinacarrig (A 5)	Ballon (B 6)
Ballycogue (A 7)	Ballyellin (B 8, C 8, G 8)
Baltinglass (E 9)	Barragh (B 10, H 31)
Carlow (A 11)	Clonmelsh (A 12)
Clonmore (E 13)	Clonygoose (G 14)
Cloydagh (A 15, D 15)	Cretrin (E 16)
Dunleckny (C 17)	Fennagh (B 18, C 18, E 18)
Gilbertstown (B 19)	Grangeford (A 20)
Hacketstown (E 21)	Haroldstown (E 22)
Kellistown (A 23, B 23)	Killerrig (A 24)
Killinane (D 26, C 26)	Kiltegan (E 27)
Kiltennell (C 28)	Kineagh (E 29)
Lorum (C 30)	Moyacomb (H 31)
Myshall (B 32, C 32)	Nurney (A 33, B 33, C 33)
Old Leighlin (D 34)	Painestown (A 35)
Rahill (E 36)	Rathmore (E 37)
Rathvilly (E 38)	St. Mullins (G 39)
Sliguff (C 40)	Straboe (E 41)
Templepeter (B 42)	Tullowcreen (D 43)
Tullowmagimma (A 44, B 44)	Tullowphelim (E 45)
Ullard (C 46, G 46)	Urglin (A 47)
Wells (D 48)	

Tá dhá bhaile fearainn atá i gCo. Laoise, a thagann faoi choimirce Cheatharlach, Crossneen (526) agus Graigue (527).

### **I 2.1 Maigh nAilbhe**

Sean-ainm ar an maigh a shín ó thuaisceart Cheatharlach go deisceart Chill Dara ab ea Maigh nAilbhe (617) (Price 1949, 37). Tá Maigh nAilbhe luaite go minic sna hannála roimh an 13ú haois, (*AIF* 908, 996.2, 983.4; *Ann. Ire. Frag.* 206, 238; *A. Tigern* xvi 378, xvii 132; *ARÉ* i 174, ii 576; *AU* i 44, i 420; *CGH* 118b 29, 122ab 35, 316 a 37, 320 a 60; *Chron. Scot.* 4, 42; *Cogadh GG* 107; *CSH* 165; *FFÉ* II 50, II 204, II 206;



LM 345; *Frag. Ann.* 423, 431; *Leabhar na gCeart* 16; *LL* i 2712, i 4969, i 6189, i 6320, i 6366, i 6839, ii 13230 i 13233, iv 25531, iv 27686, iv 27704, vi 39692, vi 40109, vi 40533, vi 41232, vi 47530).

## I 2.2 *Uí Cheinnselaigh agus Uí Dhróna*

D'fhág na treibheanna a mhair sa cheantar a rian ar leith ar fhorbairt na logainmneacha sa chontae. Go traidisiúnta, creideadh gur shíolraigh Uí Cheinnselaigh (621) ó Énna Ceinnsalach, mac le Cathaoir Mór, ardrí na hÉireann, sa dara haois. Tá fianaise ar fáil ar Uí Cheinnselaigh a bheith ag cur fúthú sa dúiche chomh luath leis an 5ú haois (*A. Clon.* 73; *ARÉ* i 150; *Chron. Scot.* 30). Tá go leor tagairtí ar fáil dóibh sna hannála ar aghaidh ón 6ú haois agus béim ann ar chreach agus chathanna leis na treibheanna timpeall orthu (*ARÉ* i 316, 414; *AU* i 236, 214, 454; *Chron. Scot.* 164; *Frag. Ann.* 69). Téann ainm Ua nDróna (214) siar chomh fada leis an dara haois de réir miotais, go Dróna, a shíolraigh freisin ó Énna Ceinnsalach, ardrí na hÉireann (*ARÉ* i 88; *AU* i 44). Ba le hUí Bhairrche (525) cuid mhaith den talamh ar a dtugtar Uí Dhróna inniu ó dheas i gCeatharlach chomh fada le **Leamhdhroim** (310) agus trasna theorainn Chill Chainnigh go Gabhrán, nach mór (Smyth 1982, 61). Is léir ó na hannála gur craobh d'Uí Cheinnselaigh (a ghlac an t-ainm Ua Riain níos déanaí) seachas Uí Dhróna féin, a bhí i gceannas ar an talamh ón 10ú haois ar a dtugtar Uí Dhróna inniu (Smyth 1982, 61, 161; *LL* 337.b.19; *CGH* i 430). Shíolraigh Uí Fheilmeadha ó Fheidhlimidh, mac le hÉnna Ceinnsalach, sa 4ú haois. (Féach **Tulach Ó bhFeilmidh** (524). Thart ar **Ráth Bhile** (507) a mhair Uí Cheinnselaigh a bhí ina ríthe ar Loch Garman ar fad, ar fhormhór Cheatharlach agus ar chuid de Chill Mhantáin. Luann Byrne agus Smyth go bhfuil an t-ainm Uí Bhairrche gaolta leis na Brigantes ó thuaisceart na Breataine (Byrne 1973, 155; Smyth 1982, 19). Bhí Uí Bhairrche i gceannas ar Laighin Desgabhair go gairid tar éis aois Chríost, go dtí an 5ú haois, nuair a thiomáin Uí Cheinnselaigh amach ó ghleann na Sláine, rud a bhris an treabh seo ina dhá leath. D'fhan an chuid thuaisceartach thart ar dheisceart Laoise inniu, agus i dtuaisceart agus in iarthar Cheatharlach, agus mhair an chuid dheisceartach (Uí Bhairrche Tíre) i ndeisceart Loch Garman (Smyth 1982, 19).

Rí Laighean d'Uí Cheinnselaigh ab ea Brandub mac Echach ag tús an 7ú haois. Shíolraigh sé ó Chlann Uí Fheilmeadha. Bhí tiarnacht Ua gCeinnselaigh an-chasta agus suas le sé ghrúpa ag iomaíocht don cheannaireacht. Nuair a tháinig Brandub chun cinn san seachtú haois, b'iad Uí Fheilmeadha an chlann ba láidre in Uí Cheinnselaigh ag an am, ach le himeacht aimsire níor éirigh leo tiarnacht Ua gCeinnselaigh a bhuanú, ach oiread le Síol Cormaic agus Síol Máeluidir, mar shampla a raibh i bhfad níos mó ríthe ar Uí Cheinnselaigh acu ná mar a bhí ag Uí Fheilmeadha.

Ionad cumhachta Ua gCeinnselaigh ab ea **Tulach Ó bhFeilmidh** (524) agus bhíodar an-láidir in oirdheisceart Chill Mhantáin. Bhí fonn ar gach rí acu leathnú amach uaidh seo isteach i gCill Mhantáin, le ceannas a fháil ar chúige Laighean. Ag tógaint san áireamh cé chomh lag is a bhí Uí Fhailge agus Dál Messin Corb, treibheanna a sholáthairigh ríthe Laighean go flúirseach fadó, bhí Brandub i gcónaí ag brú isteach ó thuaidh i gCill Mhantáin, ag iarraidh ceannas a fháil ar Ghleann Ua Máil. Ach ba chlann an-chumasach iad Uí Mháil san 6-7ú haois agus iad de shíor in achrann le hUí Cheinnselaigh. Ní amháin go raibh Uí Cheinnselaigh i mbun troda le hUí Mháil, ach bhíodar araon faoi scáil Ua Néill a raibh ceannas na Midhe acu go tréan. Bhí Brandub

ar bharr a réime in 598 nuair a bhuaigh sé ar arm Ua Néill agus mharaigh sé Rí Áed mac Ainmnerech ag Dún Bolg i gCill Mhantáin. In ainneoin na buachana seo, d'éirigh le hUí Néill an lámh in uachtar a fháil ar Uí Cheinnselaigh in 605, nuair a fuair Brandub bás.

Ní hé Brandub an t-aon rí ar Uí Cheinnselaigh a bhí ina rí ar Laighin; is amhlaidh a bhí Criomthann, mac le Énna Cennsealach, sular cailleadh é in 483. Ansin nuair a cailleadh Brandub, bhí ceannas Laighean ag na ríthe seo go léir ó Uí Cheinnselaigh; Rónán mac Colmáin (+624), Crundmáel Erbuilg mac Rónáin (+656), agus Aed mac Colggen (+738).

De réir a chéile bhí Uí Dhúnlainge ag teacht i réim i Laighin le tacaíocht Ua Néill. Bhí Murchadh mac le Bran de chuid Ua nDúnlainge ina rí ar Laighin in 715 agus de réir a chéile d'éirigh leo tiarnacht Laighean a choimeád go daingean ina seilbh ón 8ú go dtí an 11ú haois, nuair a tháinig Uí Cheinnselaigh in uachtar arís. Tháinig lagthrá ar chumhacht Ua Máil agus Ua mBairrche in aghaidh síorionsaithe Ua gCeinnselaigh. Ach tháinig easaontas idir Uí Cheinnselaigh agus maraíodh Rí Ua nDróna in 809. In 866, chuir a mhuintir féin Tadhg mac Diarmada chun báis, agus cuireadh Cairbre, deartháir leis, agus Rí Ua gCeinnselaigh ag an am chun báis, ar an dóigh chéanna in 876.

### I 2.3 Fothairt

Ó threabh na bhFothartach Feá, a mhair sa dúiche ón 5ú haois, a fuair barúntacht Fhotharta (85) a ainm. De réir na miotaseolaíochta, shíolraigh an treabh ó Fheilimidh, mac le hÉnna Ceinnsealach, rí Laighean sa 5ú haois. Chuir Eochaidh Fionn Fuath Airt, deartháir le Conn Céadchathach, an ruaig ar na Muimhnigh as Laighin. Fuair Eochaidh seacht bhFhotharta Laighean dó féin agus dá shliocht mar chúiteamh ó Chú Chorb, Rí Laighean. Duine de mhuintir Pharthalóin, de réir na miotaseolaíochta, Feadh, mac le Tartan; fuair sé bás seacht mbliana tar éis do Pharthalón bheith i gceannas sa tír seo, agus creidimid gur cuireadh é anseo, agus is uaidh a ainmníodh an maigh. Tá an bharúntacht suite i gceantar darb ainm *Maigh Fea* a bhfuil fianaise againn dó chomh luath leis an mbliain 484 (*A. Tigern.* xvii 120), agus a mhair go dtí an dara haois déag (*LL* i 485, i 1118, ii 13324, iv 27255, iv 27249, vi 40639). Tá fianaise ann gur ghlac an treabh an t-ainm *Fotharta Fea* chuichi féin chomh luath leis an 8ú haois, (*ARÉ* i 352) agus gur mhair an t-ainm sin taobh le *Fotharta Tíre* (*Chron. Scot.* 158; *Frag. Ann.* 335; *Ann. Ire. Frag.* 162), ar aghaidh go dtí an dtí an 13ú haois; (*Reg. St. Thos.* ccccxvi 368, cxxxvii 119, cccli 304, ccclvii 308), nuair a tugadh *Fotheredonolan* ar an gceantar, mar gur ghlac an phríomhchlann *Ó Nualláin* uirthi féin. Mhair *fea* ar aghaidh go dtí an 17ú haois (*IPR Jas.* I 454a), bíodh is go bhfuil an leagan giorraithe *Fothord* (*CDI* ii 458), agus *Forth* (*COD* i 58), ar fáil chomh luath leis an 13ú haois. Mar a tharla d'Uí Bhairrche, scaipeadh an treabh seo ar fud Laighean thart ar an am céanna, agus maireann an t-ainm ar bharúntacht in oirdheisceart Loch Garman agus in oirthear Cheatharlach (Byrne 1973, 131). Ón 11ú haois, ghlac Fothairt (Ceatharlach) an sloinne Ua Nualláin agus ghlac Fothairt (Loch Garman) an sloinne Ua Lorcáin (Smyth 1982, 60, 63).

Luaitear go leor logainmneacha ón gcontae i scéalta difriúla, a léiríonn gur mhór an tábhacht a bhain leis an gceantar i saol lucht a gcumtha. Féach, mar shampla, *Orgain*

*Denna Ríg*, (LL v 1188-1191) agus *Scél mucci Meic Dá Thó* (LL ii 418-424).  
Ceapann O'Rahilly gurb ionann Dind Ríg (615) (áras ársa Rí Laighean) agus 'Dunon'  
ag Ptolemy (O' Rahilly 1946).

## I 2.4 *Tionchar na Críostaíochta*

### I 2.4.1 *Naomh Molaise*

Ba faoi thionchar na hEaglaise a tháinig forbairt an-mhór ar na logainmneacha sa chontae seo, mar is léir ó na focail éagsúla sna logainmneacha atá ceangailte leis an Eaglais, *cill, tobar, teampall* mar shampla. Tháinig borradh na Críostaíochta sa cheantar le teacht Molaise go **Leithghlinn** (371), áit ar bhunaigh sé mainistir cháiliúil in 616, faoi chúram Ghobáin, (*AIF* 641; *ARÉ* i 322; *A. Tigern.* xvii 232; *AU* i 104, 178). Sa bhliain 630, bhí comhdháil ag cléir na hÉireann i **Leithghlinn** chun ceist achrannach na Cásca a réiteach. Ghéill Naomh Gobán a mhainistir don Easpag in 632, agus bhí an rath ar mhainistir ag Naomh Molaise le thart ar 1500 manach, nach mór, ag freastal uirthi.

### I 2.4.2 *Naomh Moling*

Ba de shliocht Chathaoir Mhóir é Moling, an rí ba threise ar Laighin, namhaid le Conn Céadchathach. 'Moling Luachra' a thugtaí air uaireanta, de bharr na bainte a bhí aige le Ciarraí Luachra. Faolán ainm a athar agus Damnait ó Chiarraí Luachra a mháthair. Chaith sé blianta a óige i bhfochair mhuintir a mháthar. Chaith sé tamall sa scoil a bhí ag Caoimhín ag Gleann dá Loch. Bhunaigh sé a mhainistir cois Bearú sa pháirc ar a dtugtar *Achadh-Cainyd* ag an am sin (O' Leary 1887, 4) in áit ar tugadh *Ross mBrocc* (*Inc. Bóromo* 25, 29, 30). Rinneadh easpag Fhearna de agus cailleadh é in 697. Bíodh is go bhfuil a ainm luaite le Leabhar Moling, meastar gur scríobadh an leabhrán soiscéal sin go luath san 8ú haois (O' Neill 1984, 16). **Tigh Moling** (583) atá ar an áit ó shin taobh leis an mBearú (*A. Clon.* 149; *ARÉ* i 542, ii 590, 624, 668, 688, 842; *AU* i 580; *F. Oeng.* 152). Ba é an Gobán Saor féin a thóg a chill dó, más fíor, ó adhmaid ón gcrann clúiteach úd *Eo Rossa*, ceann de na crainn cháiliúla luaite sa Leabhar Laighneach a creideadh a bheith ag fás in aice le **Leithghlinn** (*Cath Muighe Léana*, Curry, 1885-95, 6). Bhain Moling clú agus cáil amach dó féin as ucht an chúige a shaoradh ón mBóramha. Cailleadh é sa bhliain 697. D'ionsaigh na Lochlannaigh an chill sa bhliain 951 agus dódh go talamh í in 1138. Maireann ainm na barúntachta chomh maith le hainm an bhaile fearainn fós (Féach **St. Mullins (Tigh Moling)** (583).

### I 2.4.3 *Naomh M'Aodhóg*

Bhunaigh Aodh mainistir i **gCluain Mhór** (414) sa 6ú haois. M'Aodhóg a tugadh air go háitiúil air mar chomhartha ceana. Fuair an ceantar a ainm ón Naomh seo, mar is léir ó na tagairtí ón 8ú haois (*ARÉ* i 374, 378, 450, 452; *F. Oeng.* 50, 70, 98, 114, 222). (Féach **Clonmore (Cluain Mhór)** (414).

#### I 2.4.4 *Naomh Foirtchearn*

Ba é an Rí Laoghaire seanathair Fhoirtcheirn. Ghlac Foirtchearn leis an gcreideamh nua go luath tar éis do Phádraig teacht go hÉirinn. Bhunaigh sé scoil ag **Tulach Ó bhFeilmidh** (524) ar a tugtaí *Tulach Foirtcheirn* le tamall. Tá fianaise ann den leagan seo ón 9ú haois ar aghaidh go dtí an 11ú haois (*ARÉ* ii 856; *AU* i 588; *F. Oeng.* 148).

#### I 2.4.5 *Cill Losnada (Losna ?)*

De réir na n-annála, bhí go leor cathanna sa cheantar, agus an ceann is cáiliúla orthu, b'fhéidir, ná *cath Cell Osnadha claoín* (*ARÉ* i 152), áit ar thug lucht leanúna na Mumhan agus Laighean aghaidh ar a chéile sa bhliain 487, (*AIF* 492; *A. Tigern.* xvii 120; *ARÉ* i 152; *AU* i 28, 30; *Chron. Scot.* 30). Go traidisiúnta deirtear gur thóg muintir na Mumhan séipéal ar láthair chatha agus gurb é olagón os cionn na marbh is bunús an logainm (LSO, E. Curry 101). (Féach **Kellistown East, West (Cill Losnada (Losna ?))** (40, 41).

#### I 2.4.6 *Mainistreacha*

Ní raibh tionchar na hEaglaise teoranta do ré na mainistreacha a bhláthaigh ón 6ú go dtí an 9ú haois; sna meánaoiseanna thriall go leor ord ar Éirinn d'fhonn mainistreacha dá gcuid féin a bhunú. Bunaíodh mainistir in **Killerig (Cill Dheirge)** (54) go déanach sa 12ú haois, a mhair ar aghaidh go dtí 1537, nuair a chuir an Rí Anraí VII na mainistreacha faoi chois. Níl na saineolaithe ar aon fhocal faoi chúlra na mainistreach seo; b'fhéidir gurb iad Ord Theamplóirí an Ridire, Naomh Eoin Baiste a bhunaigh í agus gur bronnadh ar Spidiléirí an Ridire Naomh Eoin Iarúsailéim í nuair a thug an Rí Éadbhard II faoi droim láimhe do na Teamplóirí in 1307. Meastar, áfach, nach raibh na Teamplóirí ann riamh, ach gurb iad na Spidiléirí a thosaigh agus a chónaigh inti ar feadh 350 bliain (Gwynn agus Hadcock 1970, 336). Is cinnte go raibh na Spidiléirí ann in 1212 (O'Toole 1987, 23). Bhí talamh fairsing ina seilbh ag an Ord, a bhúiochas sin do na hAngla-Normannaigh, agus faoi 1212 bhí séipéal ar bun in **Killerig (Cill Dheirge)** (54), **Busherstown** (48), agus **Ardnehue** (45) ag na Spidiléirí agus faoin 16ú haois, bhí séipéal acu in **Friarstown (Fearann na Manach)** (50), **Russellstown** (58), agus **Powerstown (Baile an Phaoraigh)** (24). Déanann Nicholls amach ar an ábhar gur tugadh 'maighistir' ar ab mhainistir Naomh Eoin Baiste, sna meánaoiseanna, agus go raibh mainistir in aice leis in **Killerrig (Cill Dheirge)** (54), ceapann sé gurb é is bunús le **Killamaster (Coill an Mháistir)** (53), (Nicholls 1984, 200).

#### I 2.5 *Teacht na Normannach*

Ba é lonnú na Normannach an ghné staire ba mhó tionchar ar logainmneacha an chontae seo. Mheall Diarmaid Mac Murchadha buíon saighdiúirí leis go hÉirinn chun Ruaidhrí Ó Conchubhair, ardrí Éireann a smachtú, agus lena gcabhair, ba ghairid go raibh Port Láirge, Loch Garman, agus Baile Átha Cliath ina sheilbh aige agus aitheantas ardrí Laighean aige. Phós Strongbó, ceannaire na Normannach, Aoife,

iníon Dhiarmada. Nuair a fuair Diarmaid bás sa bhliain 1171, ba é Strongbó Tiarna Laighean (Iasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus talamh eile a choimeád An Rí Anraí II.

Roimh a bhás in 1176, bhronn Strongbó Uí Dhróna agus Fothairt Feá ar Réamonn le Gros, ceannaire shaighdiúirí Normannacha, fear a bhí pósta le deirfiúr Strongbó, Basilia. Thóg Réamonn le Gros caisleán ag áit darb ainm *Rathsillan*, agus le himeacht aimsire, d'fhás baile beag timpeall ar an gcaisleán, agus tugadh *castle of Fothered* air le hainm na barúntachta san 13ú haois (Wade 58), agus *Castellmore* nó *Great Castle* air (*Ir. Mon. Poss.* 38, 128), óna bhfuair an baile fearainn a ainm (**Castlemore, Caisleán Mór**) (434).

Cailleadh Strongbó in 1176, gan mhac. Phós Sibéal nó Sibéal de Clare mar a tugadh uirthi, an t-aon iníon amháin a bhí aige, Uilliam Marascal, an t-Iarla Pembroke, sa bhliain 1189. Cailleadh Uilliam Marascal in 1219 agus Sibéal de Clare in 1220 (Duiske 31). Phós Matilda Marshall, *Maud; Honour of Carlow* (Hall 1913, 10), iníon leo, Hugh Bigod, an t-Iarla Norfolk sa bhliain 1207. Ba léi barúntacht Fhotharta agus Tigh Moling i gCeatharlach mar oidhreacht. (Féach **Minvaud (Mín Mháid)** (425, 426). Bhronn sí a cuid ar mhac léi Roger Bigod, (An 5ú Iarla Pembroke) nuair a cailleadh í sa bhliain 1248.

San 13ú haois, ba bharún an-saibhir é an t-Iarla Pembroke. Bhí thart ar 6,000 marc in aghaidh na bliana aige ag deireadh na haoise (Nugent 1955, 75). Bhí an státchiste suite i gcaisleán Cheatharlach. Sa bhliain 1302, ní raibh aon pháiste aige agus bhronn sé gach rud ar an Rí Éamonn I. Cailleadh an t-Iarla Roger Bigod in 1306, agus sa bhliain 1312, bhronn an Rí Éamonn II an t-eastát ar fad, (saoirse Cheatharlach san áireamh), ar Thomas Plantagenet (ar a tugadh *de Brotherton*). Ba uaidh a shíolraigh Clann Seagrave agus Mowbray agus san 15ú haois bhí an t-eastát ag Clann Howard, an t-Iarla Norfolk (Nugent 1955, 76). Thóg Edmund Randulf (1552) agus Richard Hartpole (1572) léas aon bhliain fichead ar mhainéar agus chaisleán Cheatharlach sular bhronn James I iad ar Dhonnchadh Ó Briain sa bhliain 1604 (King 1997, 10). Bhí an caisleán faoi ionsaí ag an dá thaobh sna daichidí, agus sa bhliain 1647 ghabh Ginearál Preston é ach trí bliana níos déanaí, ghabh Hardress Waller é do Ireton. Sa bhliain 1686 nuair a pósadh Henry Horatio, An t-Iarla Ó Briain, agus Henrietta Somerset, bhí dualgas ar Henry Horatio mainéar agus caisleán Cheatharlach a choimeád. Cailleadh Henry Horatio sa bhliain 1690, agus ba é Henry, mac leis, an 5ú Iarla Thuamhan. Bhí breis agus 4,000 acra i mainéar Cheatharlach, i gContae Cheatharlach agus Contae na Banríona. Bhí sé ina seilbh ag Muintir Bhriain thart ar 116 bliain ó 1604 go 1721. Díoladh an t-eastát le James Hamilton in 1721 (King 1997, 11).

## I 2.6 Clann an Phaoraigh

B'as Somerset sa 12ú haois deartháireacha le Poer, agus fuair Robert le Poer talamh i bPort Láirge. Fuair sliocht William le Poer níos mó talún in oirthear Phort Láirge agus i ndeisceart Chill Chainnigh, a raibh Ceannanas agus Gráig na Manach san áireamh ann. Clann Roger le Poer, an tríú deartháir a fuair talamh ar fud Chill Chainnigh in oirthear Chorcaí, agus a bhí ina shirriam i bPort Láirge san 14ú haois. Maraíodh Robert le Poer in 1178 i scliúchas leis na Gaeil i ndeisceart Chill Dara

(Parker 1995). Bhí Roger le Poer i bhfeighil ar gharastún **Leithghinne** (371) sa 12ú haois (*Gir. Cambrensis* 192). Bhí 'William le Poer' i gCeatharlach in 1299 (*CDI* iv 612). Luaitear Lord Robert le Poer mar fhinné sa 13ú haois ar cháipéis a bhaineann le *St. Patrick's in Kelesne in Fotherid* (*COD* i 55, 59; *Duiske* 79; *Rogero le Poer*), agus ba easpag Leithghlinne é Meiler le Poer 1320-1349 (*Pontif. Hib.* ii 256n).

## 2.7 Clann an Ghrásaigh

Is cosúil gur éag Robert de Caunteton (mac mic le Raymond le Gros) gan oidhre agus tugadh talamh leis do Chlann an Ghrásaigh, William le Gras ina measc. Tugadh *Barragh* do Hamo, deartháir eile (*Knights' Fees* 72). Is amhlaidh nach ó Raymond Fitz William ('le Gros', fear a d'éag gan páiste), a ainmníodh an baile fearainn seo (**Castlegrace (Caisleán Grás)** (89)) (*Orpen* II 50). Shíolraigh Clann an Ghrásaigh ó Chlann Gras, nó le Gras, Sodbury, Gloucestershire. Tháinig Odo agus Cunta Champagne lena dheartháir céile, Uilliam Concaire, agus tar éis dó Sasana a ghabháil, bronnadh mainéar Sodbury air. Cailleadh Odo in 1096, agus aois 56 slánaithe aige. Bhí mac aige, Stephen, a bhí pósta le Hawise, iníon Ralph de Mortimer. Tríúr mac a bhí ag Stephen; William 'le Gros' 'le Gras' nó i Laidin, Crassus; Stephen; agus Ingelram. Fuair William 'le Gros' bás in 1179, gan mhac. Lean William le Gras (mac deartháir leis), mar Iarla Mháinéar Sodbury. Bhí ceathrar mac ag William le Gras; William *primogenitus* ('senior'); William 'junior', a raibh talamh aige in *Ballyregan*, i dTiobraid Árann; Hamo, a d'imigh ar shlí na firinne tar éis 1231 agus Anselm, Easpag ar Naomh Daibhéid, 1230-1247. Go luath sa 13ú haois, thug William le Gras 'senior' agus a dheartháireacha William 'junior', agus Hamo aghaidh ar Éire, áit ar chuireadar fúthu don chuid is mór dá saol. Ar ndóigh, ba uncail leo William Marshal I. In 1247 bhí leath fheo ridire ag William le Gras Crassus nó Craside, in *Offerkelan*, in Osraí Uachtarach, agus ceathrú fheo i *Tulachrothan* (Carrigan II 1905, 500). Uaidh a shíolraigh Clann an Ghrásaigh a bhí mar Thiarnaí Thulach Ruáin, Baile na Cúirte, Cill Chainnigh, i bhfad ina dhiaidh sin.

## I 2.8 Clann Chaomhánach

Sa 14ú haois tháinig borradh athuair faoi chumhacht na nGael sa tír. I gCeatharlach, d'éirigh le Clann Chaomhánach formhór na talún a bhí cailte acu a ghabháil ar ais, talamh a bhí ag a sinsear riamh anall. Ina theannta sin, bhí ceannas acu ar an-chuid caisleáin Normannacha, go háirithe ar an droichead i **Leighlinbridge (Leithghlinn an Droichid)** (217). Ar feadh breis agus 150 bliain, b'éigean do Rí Shasana 'an cíos dubh' a íoc le ríthe Caomhánacha le haistear slán síochánta a chinntiú ar an bpríomhbhóthar trí Laighin ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh.

Nuair a ainmníodh Murchadh Ballach Caomhánach (Murrugh Ballagh Kavanagh) mar chonstábla ar chaisleán **Leithghlinn an Droichid** (217), ní amháin go raibh an 'cíos dubh' aige, ach airgead cosanta aige chomh maith ó bhaile Ghabhráin. Bhí sé de chumas aige cead taistil thar an abhainn a dhiúltú d'éinne agus bhí smacht iomlán aige ar gach gnó, cumarsáid agus earraí a ghluais an bóthar ó dheas nó ó thuaidh. Cailleadh Murrugh Ballagh Kavanagh in 1511 agus ba é an Caomhánach deireanach é a bhí ina chonstábla ar chaisleán **Leithghlinn an Droichid** (217). Bhí deireadh tagtha le ré na gCaomhánach agus an taoide ag casadh is ag trá.

Ag tús an 16ú haois, ba leis na Caomhánaigh formhór bharúntacht Ua nDróna Thiar an lae inniu agus ba le Sir Edmund Butler barúntacht Ua nDróna Thoir mar atá inniu ann. Ach rinne éileamh Sir Peadar Carrún cíor-thuathail den socrú seo. Ba lucht cúnta iad Ó Tuathail, Ó Broin, agus Caomhánach a bhí mar bhac ar theangmháil le deisceart na hÉireann. Sa bhliain 1567, d'éiligh Sasanach darb ainm Sir Peadar Carrún barúntacht Ua nDróna ó Eibhlís, Banríon Shasana. Dúirt sé gurb é an t-oidhre dílis é ar Roibeard mac Stiabhna, iarúinéir na barúntachta. Thug an bhanríon cead dó teacht go hÉirinn agus a chuid a éileamh. Fuair sé litreacha ón mBanríon Éilís a dúirt leis na teachtaí in Éirinn gach cabhair agus cúnamh a thabhairt dó. Chuir Carrún faoi sa chaisleán i **Leithghlinn an Droichid** (217).

D'éirigh go maith idir Sir Peadar agus chomharsana Gaelacha ach níor aontaigh sé ar chor ar bith leis na Buitléaraigh. Bhí sé ina chath dearg idir Carrún agus Sir Edmund Butler, ó **Clogrenan (Cloch Ghrianáin** (345), deartháir le James Butler, an 12ú Iarla Urmhumhan, ardcheannasaí fhorsaí na corónach in Éirinn in 1540. Nuair a chaith Sir Edmund úinéir Iarthar Ua nDróna (ceantar ar tugadh *The Dullough* (616), a chuid isteach le Desmond san éirí amach i gcoinne an rialtais, thug fear ionaid an tiarna feallaire air agus nuair a d'órdaigh sé do Charrún é a ghabháil, d'ionsaigh sé caisleán **Chloch Ghrianáin** (345). Ach fuair Sir Edmund pardún in 1569, a bhuíochas sin le himpí a dhearthár, an t-Iarla Urmhumhan. D'éag an Carrúnach sa bhliain 1575 agus bliain ina dhiaidh sin, d'ionsaigh an taoiseach Gaelach Ruaidhrí Óg Ó Mórdha **Leithghlinn an Droichid** (217) agus loisc sé baile Cheatharlach sa bhliain 1567. Faoi dheireadh ghabh Robert Hartpole, Constábla Cheatharlach, Ruaidhrí Óg agus chroch sé é.

## **I 2.9 Na Buitléaraigh**

Shíolraigh na Buitléaraigh ó thiarna Normannach darb ainm Hervey, a raibh eastáit mhóra aige in East Anglia agus Lancashire. Bhunaigh sé an chlann in Éirinn agus le hionradh na Normannach cheap an Rí Anraí II ina phríomhbhuitléir é. Bronnadh go leor talún ar an gclann i dTiobraid Árann agus in 1392, fuair an tríú Iarla Urmhumhan baile ársa Chill Chainnigh. Thóg an chlann Caisleán Chloch Ghrianáin in 1490, tar éis dóibh 'the Dullough' a cheannach ó Chlann Chaomhánach (O'Toole 1993, 78; Hadden 1994, 83). Tháinig Sir Edmund Butler, mac leis an 9ú Iarla Urmhumhan in oidhreacht ar an gcaisleán seo in 1562, agus bhí Caisleán Thulaí ina sheilbh aige chomh maith freisin. Ceapadh mac leis, Theobald de Bhuitléir mar Bhíocúnta Thulaí in 1603. In ard a réime i gCeatharlach dóibh, bhí 30,000 acra ag na Buitléaraigh. Le gach athrú réime na corónach, agus díolachán talún, bhí seo íslithe go 6,500 acra san 19ú haois (O'Toole 1993, 78).

Sa bhliain 1607, bhí fiosrúchán mór i gCeatharlach agus bhronn an Rí Séamus talamh ar Bhíocúnta Theobald de Buitléir, mac le Éamonn de Buitléir, ar Bhrian Caomhánach, ar Ridire Oilibhéar Laimbeart, ball de Chomhairle na Corónach. Bronnadh an-chuid talún ar Dhonnchadh Ó Briain, an t-Iarla Thuadhmmhumhan, chun go dtabharfadh sé suas gach talamh is caisleán a bhí aige ina chríoch dhúchais i Luimneach is i dTiobraid Árann. Deineadh fear ionaid ar an gcontae de Thíobóid Buitléir, Bíocúnta **Thulach Ó bhFeilmidh** go luath tar éis Cath Chionn tSáile.

## **I 2.10 Clann Bagenal**

Sa 16ú haois, bhí na Gaeil ag éirí amach in éadan na corónach arís. Níor stop an chreach, slad, agus loisceadh a bhí chomh forleathan sin go raibh an Pháil laghdaithe go dúiche Bhaile Átha Cliath. Le smacht, ord is eagar a chur i bhfeidhm sa tír arís, cuireadh Sir Edward Bellingham, fear ionaid an tiarna, go dtí an tír. Bhunaigh sé staisiún daingean sa mhainistir Charmeilíteach i **Leithghlinn an Droichid**. Ba é Sir Nicholas Bagenal marascal an airm. Cheannaigh Sir Nicholas barúntacht Ua nDróna ó chlann Carew dá dara mac, Dudley. Duine teasaí lasánta ab ea Dudley, agus bhí sé mar chonstábla ar chaisleán **Leithghlinn an Droichid**. Bhí sé ina shíor-achrann idir é féin agus na Caomhánaigh. Bhí an rath ar chlann Bagenal le talún bronnta ag an gcoróin orthu agus talamh a cheannaíodar féin, d'éirigh leo, ní amháin réimse leathan tíre a bheith acu, ach cumhacht pholaitíochta agus armtha a chinntiú dóibh féin.

Bhunaigh Walter Bagenal in **Dunleckny (Dún Leicne)** (244). Tógaint Chaitliceach a bhí aige, Gaeilge agus Béarla a labhair sé, bíodh is go raibh sé dílis don choróin. Cuireadh Walter chun báis ar chúis dhúnmharaithe in 1652.

Bhí Nioclás Bagenal ar a choimeád i Sasana, de dheasca dhúnmharaithe, ach thug an Rí Anraí VIII pardún dó in 1543, agus d'éirigh leis eastáit mhóra a fháil thart ar an Iúr i gContae an Dúin (*PNNI* i 1992 1). Bhí an ghráin dhearg ag Uí Néill agus Nioclás ar a chéile ar an ábhar go raibh Nioclás mar mharascal ar an arm in Éirinn.

Cheannaigh Nioclás barúntacht Ua nDróna ó George Carew in 1585 don dara mac a bhí aige; Dudley, ar chostas 2,000 punt. D'éirigh sé ina chath fíochmhar idir an Caomhánach agus é féin agus mharraigh na Caomhánaigh Dudley i luíochán in **Ballymoon (Baile Móna)** (233) in 1587.

Thóg mac le Dudley, George, Mainéar Dhún Leicne in 1612. Tháinig deireadh leis an tsíocháin a mhair ag tús an chéid le hÉirí Amach na gCaitliceach in 1641 agus teacht Chromail in 1649. Nuair a chuir an chlann fúithi i Sasana, caitheadh anuas ar Chríostaíocht le linn réim an Rí Anraí VIII, ach anois, sheas an chlann an fód, i ngeall ar bhaill na clainne a bheith pósta leis na Gaeil. Chuir Daniel Axtell, saighdiúir in arm Chromail, Walter Bagenal, mac le George, chun báis i gCill Chainnigh i nDeireadh Fómhair 1652 (O'Toole 1993, 10).

Chiall Clann Bagenal an talamh uile a bhí acu tar éis na heachtra seo, ach d'éirigh leis an aon infón amháin, Katherine, an t-eastát go léir a fháil ar ais nuair a phós sí John Corbet, príomhBharún na hÉireann. Nuair a tháinig an Rí Séarlas II i gcoróin in 1660, tugadh an talamh ar ais dá deartháir Dudley. Ar feadh tríocha bliain a lean síocháin ansin agus bhí síochán ag Dudley mar M.P. do **Oldleighlin (SeanLeithghlinn)** (371) agus don chontae. I ndiaidh chath na Bóinne, bhí Dudley ar deoraíocht sa Fhrainc agus cailleadh é in 1712 in Bruges

I rith an ama seo, níor chloígh an chlann go léir leis an gcreideamh Caitliceach. D'iompaigh mac le Dudley ina phrotastúnach chun an t-eastát a choimeád agus a dhaingniú. Bhí a dheirfiúracha, Mary agus Catherine ina mná rialta in Ord Naomh Clár in Gravelines.



Chuir Walter, mac le Dudley, roimhe baile a thógaint cois Bearú a bheadh ar aon dul le Versailles na Fraince (i **Muine Bheag**) (251). Le breis agus 600 bliain, bhí bóthar ársa ó Bhaile Átha Cliath go dtí an deisceart trí Laighin ag gabháil thar Bhearú ag Leithghlinn an Droichid. Ba ar mhaithe le stádas agus leis an ngnó seo a mhealladh a chinn sé ar dhroichead dá chuid féin a thógaint. Bhí iomarca dua agus costais ag gabháil leis an bplean, áfach, agus thit sé ar lár. Ba uaidh a fuair an baile Bagnalstown, **Muinebeag (Muine Bheag)** (250) a ainm. Cailleadh é in 1745.

Mac le Walter ab ea Beauchamp a rugadh in 1735. D'fhreastail sé ar Choláiste na Trionóide i gCambridge agus thug sé cuairt ar gach príomhchathair san Eoraip. In 1769, bhí sé mar fheisire Parlaiminte do chontae Cheatharlach agus thug sé iomlán a thacaíochta do Pharlaimint Ghrattan. Ní raibh aon leisce air airgead a chaitheamh agus go luath tar éis dó an t-eastát go léir a fháil mar oidhreacht, chrom sé ar é a dhíol; 10,000 acra le David La Touche; 6,000 acra le Marquis Phort Láirge; cheannaigh Bruen (**Painestown or Oakpark** (64)), talamh uaidh freisin. Dhíol sé 32,000 acra ar fad. Sa deireadh ní raibh fágtha ach 7,000 acra.

Nuair a d'éag Seamus, an 4ú Iarla Urmhumhan, in 1452, ghlac an chlann páirt i gCogái na Rósanna. Ghabh Uí Thuathail tailte de Buitléir, in oirthear Chill Mhantáin, le trá a réime, ach ó 1470-71, ghlac an t-Iarla Chill Dara, Tomás agus Gearóid, a mhac, a cuid uathu. In 1482, le cead na Parlaiminte, ghlac an t-Iarla an talamh a bhíodh ag na Buitléaraigh agus shocraigh Clann Mhic Dhónaill, saighdiúirí an Iarla, in iarthar Chill Mhantáin (*Boystown*, Price 1945-67, 244; *Fiants Eliz.* 444, 6660; Price 1949, 27-8), (Féach **Rathdaniel, (Ráth Dhónaill)** (80). Mar a tharla le cathracha eile ar fud na tíre, thosaigh Cromail ar Ghaill a bhunú i gCeatharlach, agus nuair a bhuaigh an Rí Liam ag deireadh an 16ú haois, bhí eastát Protastúnach á leathnú amach i gCeatharlach.

### **I 2.11 Clann Tankard**

Tá trí bhaile fearainn déag leis an ainm *Tankardstown* in Éirinn. Ar an ábhar go bhfuil scaipeadh fairsing orthu (Luimneach, An Mhí, Corcaigh, Port Lairge, Laois, Cill Dara, Baile Átha Cliath), is ar éigean go raibh gach duine acu ónar ainmníodh an baile fearainn gaolta lena chéile. Sloinne atá san ainm ar thionóntaithe a lonnaigh sa tír le teacht na Normannach san 13ú haois. Dar le Peter M. Tankard, bhí cúlra Pléimeanach ag na Tancardaigh in Éirinn. I measc na Normannach a shroich Éire, b'as Pembrokeshire go leor Pléimeanach. Bhí coilíneacht Phléimeanach bunaithe ag an Rí Anraí I ag tús an 12ú haois in Pembrokeshire, agus ba ghairid gur shocraigh siad sa dúiche go fonnmhar. Tankard an t-ainm a bhí in úsáid i gcoitinne ag na Pléimeanaigh seo, (Tankard 1985, 11). Tagraíonn Orpen do na Pléimeanaigh a lonnaigh i Loch Garman a tháinig ón mBreatain Bheag, ach a choimeád a gcanúint áirithe féin a bhfuil luí aici le canúintí na hOllainne (Orpen i 1911-20, 397).

### **I 2.12 Clann Wall**

Clann Normannach ab ea de Valle (Wall) a tháinig go hÉirinn ag deireadh an 12ú haois, agus lonnaigh siad ar dtús i gCo. Cheatharlach. Chomh luath le 1200, bhronn Hay de Valle, deartháir le Gilbert agus Stephen de Valle séipéal Naomh Bríd i

**Rathoe (Ráth Tó)** (122) ar Ospidéal Eoin Baiste, Baile Átha Cliath, ar son anama a athar, Robert de Valle agus a mháthair, Joeta (*Reg. St. John* 409, 418). Thart ar an am céanna, bhronn Gilbert de Valle seipéal Naomh Séamus in **Ardristan (Ard Bristin)** (403) ar an ospidéal céanna. Tuairimíonn Gallwey go raibh an chlann gaolta le Raymond le Gros (Gallwey 1970, 20).

Bhí feo ridire amháin ag Gilbert de Valle, mac le Robert de Valle agus Joeta in **Ardristan (Ard Bristín)** (403). Bhí talamh chomh maith ag deartháir leis, Hay de Valle in **Rathoe (Ráth Tó)** (172) (Gallwey 1970, 26). Mhair an chlann ar aghaidh san 16-17ú haois, agus seilbh mar shampla ag William Wale ar **Johnstown** (80), ar pharóiste **Urglin (Úrghleann)** (84) (3,080 acra), agus formhór de **Killerrig (Cill Dheirge)** (54), sa 16ú haois. De bhrí gur sheas siad leis na Gaeil in Éirí Amach 1641, chailleadar a gcuid go gairid ina dhiaidh sin (Gallwey 1970, 69). Cheannaigh Benjamin Burton I **Ballynakelly (Burton Hall)** (47) in 1712.

### I 2.13 *Clann Burton*

Tháinig Francis agus Tomás de Burtún, beirt dheartháir ó Shrewsbury in 1610, agus chuireadar fúthu i gContae an Chláir. Nia le Tomás, Benjamin de Burtún I, a bhog go Ceatharlach. Bhí éastát 4,500 acra acu agus gnó - banc. Cheannaigh Benjamin **Burton Hall** (47) (*Ballynakelly* mar a bhí) (O'Toole 1993, 71), agus eastáit eile ar 26 Meán Fomhair, 1712 (King 1997, 41). Nuair a díshealbhaíodh na Gaeil tar éis Chogadh an Dá Rí, dhíol an choróin eastáit mhóra le linn réime Bhanríon Áine, (1703-1713), **Burton Hall** ina measc. Tógadh teach mór Burton Hall in 1730, ar an suíomh céanna le tigh a tógadh sa 16ú haois. Ba chlann an-chumhachtach iad de Burtún san 18ú haois. Deineadh Barún de Charles de Burtún in 1758. Ba fheisire Párliminte é freisin. San 18ú haois, bhí an ré órga thart. In 1725 bhí fiacha £65,000 ar an mbanc (gnó an Bhurtúnaigh).

San 19ú haois scaoileadar an t-eastát amach ar cíós (1864). In 1927 díoladh an t-eastát de 1000 acra agus cheannaigh Coimisiún na Talún é (O'Toole 1993, 70).

### I 2.14 *Na Pailitínigh*

Teifigh chreidimh ó Phailitíneacht na Gearmáine ab ea na Pailitínigh a tháinig go hÉirinn go luath san 18ú haois. Tháinig thart ar 80 clann, breis is 3000 duine, i dtír in 1709. Nuair a cheannaigh Benjamin de Burtún eastát 4,500 acra i gCeatharlach, shocraigh fiche clann isteach ar an eastát. Coimisinéir ab ea de Burtún agus d'fhás baile beag darb ainm *Palatine* nó *Palatinestown* i gcuid de **Burton Hall** (47), (O'Connor 1989, 29; Hick 1996-7, 1-; de Bhulbh 1997, 380). Feictear rian an ainm i logainmneacha; cf. *Ráth na bPalaitíneach*, Co. Luimnigh (Ó Maolfabhail et al. 1990, 238).

### I 2.15 *Clann Bruen*

Henry Bruen I, mac mic le James Bruen, ó Tarvin, Chester, a tháinig ar dtús go hÉirinn, le harm Chromail. Tugadh talamh dó i Ros Comáin. In 1775, cheannaigh sé

cuid mhaith d'eastáit Bagenal, Whaley agus Grogan i gCeatharlach. Feisire Parlaiminte ab ea é ó 1790. D'éag sé in 1795. Maidir le Henry II, thug sé a thacaíocht d'Fhuascailt na gCaitliceach agus b'fhuath leis Córas na nDeachúna. D'éirigh le Henry II a shuíochán a choimeád ó 1840 go 1852 gan bhriseadh. In 1841 bhí 20,089 acra in éastáit Bruen (**Oakpark, Painestown** (64) mar a bhí), Tógadh Tigh Oakpark in 1795 ar dtús (O'Toole 1993, 53).

### I 2.16 *Clann Wolseley*

Ba leis na Buitléaraigh *Mount Arran* (CGn. 4.543.1281) go dtí tús an 18ú haois, agus ba é Charles Butler an t-Iarla Arran deireanach. D'éirigh le Clann Wolseley talamh fairsing a fháil tar éis teacht Chromail go hÉirinn. Bhí 2,500 acra i gCeatharlach agus 2,600 acra i gCill Mhantáin acu. Is é Richard Wolseley ó Staffordshire an chéad duine acu chónaigh ar an **dTulach**, deineadh Barún de in 1744. Cheannaigh na Bráithre Naomh Pádraig **Mount Wolseley** in 1925 (519).

### I 2.17 *Daonáireamh san 17ú haois.*

Sa bhliain 1654, bhí 89,239 acra ar fad sa chontae (CS X 14), agus ba leis an Iarla Thuamhan 2,000 acra. Ba leis 14% de bharúntacht Cheatharlach in éineacht le John Temple, William Wall agus John Cheevers (King 1997, 12). I gCúige Laighean, ba é Ceatharlach an ceathrú baile is mó, agus an baile is mó le Gaill ina gcónaí ann sa bhliain 1660 (40%) (King 1997, 22). Níorbh ionann seo agus nós na tuaithe, áit gur tearc Gall ina chónaí ann. Is cosúil go raibh thart ar 1,680 duine ina gcónaí sa bhaile sa bhliain 1660, agus ar a laghad 50 Francach ina gcónaí sa bhaile thart ar 1680. Éiríonn leis a dhéanamh amach go raibh nach mór 1,000 Protastúnach ina gcónaí sa chontae, agus 4,070 Caitliceach, comhréir (4:1) an-ard ar fad, an tríú ráta is mó i Laighin de Phrotastúnaigh. Faoin mbliain 1730, bhí foirgnimh éagsúla ag Caitlicigh, Eaglais na hÉireann, Cumann na gCarad, agus Preispitéirigh sa bhaile. Tháinig na hUgónaigh go déanach san 17ú haois, agus chuir Cumann na gCarad fúthu ó 1650 ar aghaidh thart ar **Newgarden (An) Garraí Nua** (63) (King 1997, 24). Ag breathnú ar shloinne i gCeatharlach sna blianta 1669 agus 1744, tugtar faoi deara gur bhog gach ceithre as gach cúig chlann ar aghaidh ón mbaile idir na blianta seo (King 1997, 25).

### I 2.18 *Tionsclaíocht*

D'fhág tionsclaíocht agus ceirdeanna a rian ar na logainmneacha freisin. Ba chuid thábhachtach den eacnamaíocht áitiúil é an muileann mar shampla agus *mill* i logainmneacha an chontae faoi dhó, **Milltown (Baile an Mhuilinn)** (152, 274). Tógadh go leor muilte cois Boirne (614) tar éis 1690 (King 1997, 31). Ó anailís ar chéad duine a bhfuil slíte beatha luaite leo, idir na blianta 1710-39, tugann King faoi deara go bhfuil thart ar ocht ngairm bheatha is caoga le haithint (King 1997, 27). Sa bhliain 1681, thug Dineley le fios go raibh lín á chothú sa chontae (*Dineley* 46). Ar mhaithe le lín a chruthú i gCeatharlach tháinig 'Mr Johnstone' go Ceatharlach sa bhliain 1708. Laistigh de cheithre bliana bhí fiche seol ag obair sa bhaile. Tá dhá logainm sa chontae le *lín* iontu, **Ballyleen (Baile Lín)** (109), agus **Garreen** len

**(Garraí an Lín)** (167). Tá insint freisin ar thorthúlacht na talún agus ar fheirmeoireacht na ndaoine, sna logainmneacha, **Rathnapish (Ráth na Pise)** (17), **Coolnapish (Cúil na Pise)** (242), **Rathornan (Ráth Eornan)** (288), agus **Tomard or Boolyrathornan (Buaile Ráth Eornan)** (391), mar shampla.

## II ANAILÍS AR NA LOGAINMNEACHA

### II 1.1 *Béarlú na logainmneacha*

An ghné is mó suntais ar na logainmneacha i gCeatharlach ná an oiread sin ainmneacha agus sloinnte atá le fáil iontu, go leor acu ó chlanna Gaelacha, ach freisin líon an-mhór ó lonnaitheoirí ó thréimhsí difriúla gur lonnaigh clann isteach i gceantar agus a bhaist an baile fearainn nó gur ainmníodh an ceantar ina diaidh. D'imir an Béarla tionchar an-mhór ar fhorbairt logainmneacha agus is féidir tréimhsí difriúla a aithint ó na hathruithe a tháinig ar an logainm de réir na bhfoinsí. De ghnáth san fhianaise seo deineadh iarracht Béarla a chur ar na logainmneacha ar thrí bhealach;

II 1.2 An leagan Gaeilge a thabhairt i litriú an Bhéarla.

II 1.3 An t-ainm a aistriú go Béarla.

II 1.4 I gcásanna eile ní hionann an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla.

II 1.2 Cuireadh litriú an Bhéarla i bhfeidhm ar na logainmneacha. Úsáideadh go leor modhanna le focail ar leith Gaeilge a thabhairt i litriú an Bhéarla.

#### II 1.2.1 *Achadh* i litriú an Bhéarla

Tá *achadh* ar fáil mar *agha* i litriú an Bhéarla sna logainmneacha **Aghanure (Achadh an Iúir)** (60), **Agha (Achadh)** (215), agus **Aghabeg (Achadh B(h)eag)** (324).

De réir na bhfoinsí is léir gur mhair an *-adh* ar aghaidh go dtí an 13ú haois, mar atá i bhfianaise an logainm **Agha (Achadh)** (215). In ainneoin an litriú Gaeilge atá ar fáil ó na hannála siar chomh fada le 864, *Achaidh Arglais (ARÉ* i 500), agus i bhfoinsí Laidine sa 13ú haois ... *Achadarglaiss (Pontif. Hib* i 61), is léir gur cailleadh an *-adh* faoin 15ú haois i bhfoinsí Béarla: 1468 *of Acha (Cal. Papal Letters XII* 661) (*-adh > -a*; (Féach Williams 1994, 473). San 16ú haois scríobhadh *ach-* mar *agh-*, mar atá sa bhliain 1568 mar shampla, *Agha (CPR Eliz. X* 520), agus sa bhliain 1570c *Agha (Baronia Udrona)* (McManus 1994, 354). Mhair *Agha* ar aghaidh go dtí inniu, ach mhair *Acha* taobh leis sa 17ú haois (*BSD.; DS; Hib. Reg.*).

Is *-gh-* a úsáidtear i litriú Béarla an logainm **Aghanure (Achadh an Iúir)** (60) faoin 18ú haois, mar shampla sa bhliain 1741 *of Aghanure (CGn,* 105.107.74038). Feicimid gur mhair *Acha* i gcás an logainm **Achadh B(h)eag** (324), san 17ú haois, sa bhliain 1613, *Achavick (IPR. Jas. I* 225b). Taobh leis, sa bhliain 1625, tá teacht ar *Aaghe-*, *Aaghebick (Inq. Temp. Car. I* 2). Tá litriú fionspéisiúil sa bhliain 1684 den logainm céanna, mar atá *Ahavigg alias Aghavigg (ASE* 9), a thugann le fios go bhfuil fuaim an *-g-* cailte mar atá i bhfuaimniú an lae inniu, / a hð 'beg / Fuaimniú Áitiúil (8), agus / axð 'beg / Fuaimniú Áitiúil (32, 49).

#### II 1.2.2 *Ard* i litriú an Bhéarla

Níor tháinig aon athrú ar *ard* nuair a chuaigh litriú an Bhéarla i bhfeidhm air, mar atá sna logainmneacha **Ardnehue** (45), **Knockarda (Cnoic Arda)** (83), **Ardoyne (Ard Dúin)** (95), **Ardattin (Ard Aitinn)** (96), agus **Ardbearn (Ardbhearna)** (125) **Ardbearn and Torman (Ardbhearna)** (174), **Ullard Beg, More (Érard)** (201, 202), **Tomard Lower, Upper (Tuaim Ard)** (390, 392), **Tomard or Boolyrathornnan (Tuaim Ard, Buaile Ráth Eornan)** (391), agus **Ardristan (Ard Bristín)** (403).

### II 1.2.3 *Áth* i litriú an Bhéarla

Is mar *agh-* nó *a-* go minic a fhaightear *áth* i logainmneacha Loch Garman (de Vál 1987, 62). Maidir le logainmneacha Cheatharlach is mar *agh-* nó mar *-a-* leis féin a chuaigh sé isteach i litriú an Bhéarla, **Cloghna (Cloch an Átha)** (25), **Aghwater (Áth Uaitéir)** (27), **Aghade (Áth Fiothaid)** (86), agus **Aclare (Áth Clár)** (180).

Tá **Aghade (Áth Fiothaid)** (86) luaite i bhfoinsí Gaeilge, mar shampla *co hÁth Fadat (Rennes Dind. xv 422* agus *Áth Fadat (LL iv 26620)*. I bhfoinse Laidine tá ...*Athfadat* ar fáil sa bhliain 1204 (*Pontif. Hib. i 61*). Faoin 16ú haois, tá an *-t-* láir cailte ar fad nach mór, agus an *d* deireanach athraithe go *-te*, mar shampla sa bhliain 1540-1 *in villata de Ahate (Crown Surveys 6)*, agus sa bhliain 1659c *Ahad (Census 35<sup>c</sup>)*, nó sa bhliain 1660c *Ahade (BSD 70)* (McCone 1994, 87). Tá cor shampla de *Ath-* san aois seo freisin, mar shampla sa bhliain 1569 *Athadde (Fiants Eliz. 1370)*, agus sa bhliain 1622 *Athade (IPR Jas. I 502a)*, agus chomh déanach leis an mbliain 1703 *Athade (ACT 372)*. Níl ach cúpla sampla den *-t-* fágtha san aois seo, mar shampla sa bhliain 1552 *Ahate (Fiants Ed. vi 1112)*, agus sa bhliain 1570 *Ahate (Fiants Eliz. 1600)*, agus sa bhliain 1582 *Ahate (Cal. Carew MSS iv 481)*. Níor éirigh liom teacht ar fhoinse ar bith den *agh-* roimh an 18ú haois, mar atá sa bhliain 1721 *Aghade (CGn. 33.504.21058)*, agus sa bhliain 1741 *church of Aghade (Reg. Deeds abstracts i 715)* (McManus 1994, 351). Is í an fhuaim / e: / atá ag an *-ade* mar atá san fhuaimniú áitiúil, / a 'he:d / (Fuaimniú Áitiúil (6, 59, 65, 71).

Tá an litriú *agh-* ag an logainm **Aghwater (Áth Uaitéir)** (27) agus is í an fhuaim / ð / atá aige, / ð 'watɪ / (Fuaimniú Áitiúil (17). Níor éirigh liom teacht ar fhoinse níos sine ná leagan Uí Dhonnabháin.

Is léir gur rian den alt é an *-n-* sa logainm **Cloghna (Cloch an Átha)** (25). Is léir go bhfuil an *átha* athraithe go leaganacha eile, mar shampla *-nwa*, *-nwe*, *-naa*, *-naye*, mar shampla sa bhliain 1546 *Cloghnwa (COD iv 289)*, agus sa bhliain 1549 *Clogheknawe (COD v 36)*. Tá an litriú *-na* ar fáil chomh luath leis an mbliain 1566 *Cloghna (Fiants Eliz. 857)*, nó sa bhliain 1576-7 *Cloughna (CPR Jas. I 68)*, ar aghaidh go 1659c *Cloughna (Census 353)*. Is é / clo:k 'na: / (Fuaimniú Áitiúil (8, 32, 44, 45, 63) nó / klok 'nɔ: / (Fuaimniú Áitiúil (9), fuaimniú an lae inniu ar **Cloghna**. Tá an fhuaim / k / ag an *-gh-*.

### II 1.2.4 *Baile* i litriú an Bhéarla

Is mar *bally-* a chuaigh an focal *baile* isteach i litriú an Bhéarla de ghnáth. Tá breis agus 35 logainm le *baile* agus sloinne ina dhiaidh a chuaigh isteach sa Bhéarla mar

*bally*. Maidir leis na sloinnte a leanann *bally*, báitear *Uí* mar shampla **Ballycarney**, (**Baile Uí Chearnaigh** (2), **Ballybannon**, (**Baile Uí Bhánáin**) (46), **Ballycran** (**Baile Uí Riain**) (67, 319), **Ballylennon**, (**Baile Uí Leannáin**) (74), **Ballykealey** (**Baile Uí Chaollaí**) (126), **Ballykennan**, (**Baile Uí Chianáin**) (132, 590), **Ballynolan**, (**Baile Uí Nualláin**) (356), **Ballymurphy**, (**Baile Uí Mhurchú**) (514, 558), **Ballycrinnigan**, (**Baile Uí Chruineagáin**) (552), **Ballyhegan** (**Baile Uí Ágáin**) (554), **Ballyling** (**Baile Uí Fhloinn**) (557), **Ballyine**, (**Baile Uí Eidhin**) (589), agus **Ballyroughan Big, Little** (**Baile Uí Ruacháin**) (591, 592). Féach freisin na logainmneacha a leanas, *bally* agus sloinne ina dhiaidh, 112, 226, 256, 261, 460, 461, 551, 258, 474, 475, 476, 534, 587, 257, 438. Tá sampla amháin ann de *bhaile* agus sloinne ina dhiaidh á thabhairt isteach i mBéarla mar *Ballin*; **Ballinabranagh**, (**Baile na mBreatnach**) (343).

Nuair a chuaigh litriú an Bhéarla i bhfeidhm ar *baile* agus ainm ina dhiaidh, *bally* + aidiacht an toradh, mar shampla **Ballyloo**, (**Baile Lughaidh**) (66), **Kilballyhue** (**Cill Bhaile Aodha**) (69), **Ballyvergal** (**Baile Uí Mhorghail**) (76), **Ballygarret or Sandbrook** (**Baile Ghearailt**) (108), **Ballymogue** (**Baile Maodhóg**) (111), **Ballyellin and Tomdarragh** (**Baile Alain agus Tuaim Darach**) (223), **Ballyellin or Ballinamona** (**Baile Alain, Baile na Móna**) (281), **Ballyteigelea** (**Baile Thaidhg Léith**) (225), **Ballywilliamroe** (**Baile Uilliam Rua**) (235), **Ballycormick** (**Baile Chormaic**) (300), **Ballyshane** (**Baile Sheáin**) (431), **Ballyedmond** (**Baile Éamainn**) (437), **Ballyoliver** (**Baile Oilibhéir**) (494), **Ballypierce** (**Baile Phiarais**) (596), agus **Ballyredmond** (**Baile Réamainn**) (602).

Nuair a chuaigh an Béarla i bhfeidhm ar *baile* agus aidiacht ina dhiaidh, *bally* + aidiacht an toradh, mar shampla, **Ballynoe** (**Baile Nua**) (99), **Ballybeg** (**Baile Beag**) (492, 549, 550), **Ballyduff** (**Baile Dubh**) (408), agus **Ballybrack** (**Baile Breac**) (528).

Mar an gcéanna le *baile* agus ainmfhocal sa ghinideach ina dhiaidh, tá *bally* againn faoi thionchar an Bhéarla, mar shampla **Ballynakillbeg** (**Baile na Coille**) (75), **Ballyleen** (**Baile Lín**) (109), **Ballylower** (**Baile Lobhar**) (110), **Ballycurragh** (**Baile an Churraigh**) (165), **Ballynunnery** (**Baile an Iomaire**) (166), **Ballyveal** (**Ní léir an bri**) (176), **Ballygraney** (**Baile na Gréine**) (224), **Ballymoon** (**Baile Móna**) (233), **Ballynakill** (**Baile na Cille**) (234, 409), **Ballyknockan** (**Baile an Chnocáin**) (259, 393), **Ballynaboley** (**Baile na Buaile**) (279), **Ballyellin or Ballinamona** (**Baile Alain, Baile na Móna**) (281) **Ballyloughan** (**Baile an Locháin**) (327), **Ballygowan** (**Baile an Ghabhann**) (344), **Ballynattin** (**Baile an Aitinn**) (382), **Ballysallagh Lower, Upper** (**Baile Saileach**) (439, 440), **Ballybit Big, Little** (**Baile an Bhiataigh**) (492, 493), **Ballynagrane** (**Baile na Gréine**) (535), **Ballynasilloge** (**Baile na Saileog**) (536), **Ballyknock** (**Baile Chnoc an Bhiocháire**) (555), **Ballyknockcrumpin** (**Baile Chnoc an Chrompáin**) (556), **Ballynalour** (**Baile na Lobhar**) (559), agus **Ballyshancarragh** (**Baile Sheangarraí**) (597).

Is fiú a thabhairt faoi deara nach n-athraíonn *baile* i gcónaí go *bally* faoi thionchar an Bhéarla. Tá naoi logainm le *ballin* (baile + an); **Ballinastraw** (**Baile na Srath**) (97), **Ballinacarrig** (**Baile na Carraige**) (1), **Ballintemple** (**Baile an Teampaill**) (98), **Ballinvally** (**Baile an Bhealaigh**) 106, 131, 280), **Ballinadrum** (**Baile na dTrom**) (157), **Ballintrane** (**Baile na tSrutháin**) (158), **Ballinrush** (**Baile an Rois**) (183), **Ballinkillin** (**Baile an Chillín**) (299), agus **Ballinree** (**Baile an Rí**) (325).

Tá éagsúlacht leaganacha le feiscint ar litriú an logainm **Ballyblake (Baile Mhic an Bhlácaigh)** (551) san 18ú haois, agus an litriú *Boly-* nó *Bool-* is coitianta; sa bhliain 1726 *Bolyblack* (CGn. 52.25.333492); sa bhliain 1733 (*Bolyblak* (CGn. 77.22.5253), agus sa bhliain 1758 (*Booloblacke otherwise Boolblack*) (CGn. 191.238.127761). Tá soiléiriú ar fáil san 17ú haois ar an gcéad focal; *Ballimickevlicke* (Price; CPR (RC)) sa bhliain 1604 agus *Ballyvickevlakee* (Price; CI) sa bhliain 1637. Is é / balɪ'ble:k / foghraíocht an lae inniu (Fuaimniú Áitiúil (6,13, 19).

### II 1.2.5 *Bealach* i litriú an Bhéarla

Nuair atá *bealach* sa chéad áit sa logainm, tá *ballagh-* in úsáid, siar chomh fada leis an 17ú haois, mar shampla *Ballaghdernyn* (*Inq. Temp. Car.* I 9), i gcás an logainm **Ballaghaderneen (Bealach an (?))** (255). Féach freisin **Ballaghmore (Bealach Mór)** (181), agus **Ballaghaclay (Bealach (Átha) Cléithe)** (406). Tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil an fhuaim / x / go minic ag an *-agh-* seo, mar shampla an logainm **Ballaghaderneen (Bealach an (?))** (255) / balðxð 'der ni:n / (Fuaimniú Áitiúil (7,18, 27, 31, 72), nó i gcás an logainm **Ballaghmore (Bealach Mór)** (181) / balðx 'mo:r / (Fuaimniú Áitiúil (10, 12, 71). Tá *-ally* in úsáid go forleathan nuair a tháinig *bealach* sa ghinideach faoi thionchar an Bhéarla. Mar shampla i gcás an logainm **Ballinvally (Baile an Bhealaigh)** (106) sa bhliain 1566, faighimid *Ballenvaly* (*Fiants Eliz.* 878). Féach freisin **Ballinvally (Baile an Bhealaigh)** (131, 280), agus **Moyvally (Maigh Bhealaigh)** (292). Guta neamhaiceanta atá san *-y*, / mði 'valɪ / (Fuaimniú Áitiúil (18), i gcás **Moyvally (Maigh Bhealaigh)** (292) nó / balun 'valɪ / (Fuaimniú Áitiúil (6, 59, 71).

### II 1.2.6 *Bearna* agus litriú an Bhéarla

Tá *-bearn-* in úsáid le *bearna* a chur sna logainmneacha **Ardbearn (Ardbhearna)** (125), **Ardbearn and Torman (Ardbhearna)** (174), **Barnahask (Bearna Sheasc)** (133). Tá *barn-* ar fáil sa logainm **Barnhill (Bearna Choille)** (495).

### II 1.2.7 *Buaile* i litriú an Bhéarla

Cuireadh litriú an Bhéarla i bhfeidhm ar *buaile* ar éagsúlacht slite de réir na logainmneacha. Tá *Bool-*, *Boley-*, agus *Booly-* ann, mar shampla **Booldurragh (Buaile Dhorcha)** (314), **Ballynaboley (Baile na Buaile)** (279), **Boolyvannanan (Buaile Mhanannáin)** (383), agus **Tomard or Boolyrathornan (Tuaim Ard, Buaile Ráth Eornan)** (391). Nuair a tháinig an logainm **Buaile na Creiche** (182) faoi anáil an Bhéarla, bhí **Ballinacrea** againn, ach tá sé soiléir go raibh *Bolyncreagh* in úsáid chomh déanach leis an 18ú haois (CGn. 184.53.121999), agus gurb ann don leagan foghraíochta / bu:l nð'kre: / (10) ag tús an chéid seo.

### II 1.2.8 *Carraig* agus litriú an Bhéarla

Ar 19 logainm le *carraig* iontu, i gContae Loch Garman, is mar *carrick* nó *carrig* a fhaightear an bhfocal i litriú an Bhéarla (de Vál 1987, 62). I gCeatharlach freisin,



nuair a thagann an focal *carrraig* faoi thionchar an Bhéarla, *carrig* is coitianta atá ar fáil, mar shampla, **Carrignafecka (Carraig na Feice)** (328), **Carriglead (Carraig Léith)** (561), **Carrig Beg, More (Carraig Bheag, Mór)** (238, 239), agus **Carrigpark (Páirc na Carraige)** (240). Tá *carrick* in úsáid do *charraig*, sna logainmneacha **Carrickslaney (Carraig na Sláine)** (88), agus **Carrickduff (Carraig Dhubh)** (138) (-g deiridh neamhaiceanta > / k' /). Nuair atá *carrraig* sa dara háit sna logainmneacha, tá *carrig*, agus *carry* in úsáid; **Ballinacarrig (Baile na Carraige)** (1), **Kilcarrig (Cill Charraige)** (247), **Tinnacarrig (Tigh na Carraige)** (595) agus **Kilcarry (Coill Charraige)** (608) mar shampla.

### II 1.2.9 *Cill* agus litriú an Bhéarla

Nuair a tháinig *cill* faoi thionchar an Bhéarla, *kil-* a bhí mar thoradh air, mar shampla **Kilgraney (Cill Ghréine)** (93, 309), **Kilbrannish North, South (Cill Bhreatnaigh)** (146, 147), **Kilcarrig (Cill Charraige)** (247), **Kildreenagh (Cill Draighneach)** (248), agus **Killedmond (Cill Éamainn)** (288). Féach freisin logainmneacha 40, 41, 42, 53, 54, 69, 92, 122, 128, 163, 169, 179, 229, 269, 271, 280, 287, 335, 336, 353, 450, 469, 518, 543, 570, 599. Tá *kill-* fós in úsáid ag seasamh do *cill* sa dara háit mar shampla **Raheenkillane (Ráithín Chill Áine)** (130), **Ballinkillin (Baile an Chillín)** (299), agus **Ballynakill (Baile na Cille)** (234, 409). Ar ndóigh, tá *kyle* ar fáil sa logainm **Kyle (Cill Ráth Gine (?))** (529). Ag breathnú ar fhoinsí **Kilcoltrim (Cill Chalatrúim)**, is *Kil-* an litriú is coitianta san 17ú haois, seachas sa bhliain 1570, nuair atá an litriú *Kyllatrum* ann.

### II 1.2.10 *Cloch* agus litriú an Bhéarla

Is léir ó na foinsí go ndeachaigh an focal *cloch* isteach sa Bhéarla mar *clogh-* nó *clo-*, mar shampla *clo-*; **Clogrenan (Cloch Ghrianáin)** (345), **Clorusk Lower, Upper (Cloch Rúsc)** (349, 350), **Clomoney (Cloch Mhuine)** (227), **Clowater (Cloch Uaitéir)** (228), agus **Closutton (Cloch Sutton)** (351). Tá dhá logainm le *clogh*; **Cloghna (Cloch an Átha)**, agus **Cloghrístick (Cloch Christic)** (26). Tá an logainm **Mountwolseley or Crosslow (Crois Chloiche)** (519) le tabhairt faoi deara, leis an bhfuaim / x / cailte faoi dhó.

Maidir leis an *-ch* san fhocal *cloch*, níl fáil air sna foinsí, ach tá struchtúir éagsúla lena cur i litriú an Bhéarla. I measc na logainmneacha ar fad leis an bhfocal *cloch* iontu sa chéad áit, is é an litriú is coitianta sa 16-17ú haois ná *clogh-* agus *clough-*, mar shampla sa logainm **Cloghna (Cloch an Átha)** (25); sa bhliain 1545 *Cloghnowe* (*COD* iv 287), agus sa bhliain 1570 *Cloughnowe (Cloughnowe)* (McManus 1994, 354). Sa logainm **Clorusk Lower, Upper (Cloch Rúsc)** (349, 350), faighimid sa bhliain 1659c *Cloughrouske (Census 357)*, agus sa bhliain 1732 *Cloghruske (CGn. 72.219.50486)*. Tá *clough-* agus *clogh-* ar fáil i bhfoinsí an logainm **Closutton (Cloch Sutton)** (351), mar shampla sa bhliain 1659c *Cloughsutton (Census 357)*, agus sa bhliain 1725 *CloghSutten (CGn. 48.34.30548)*.

Cé gurb iad *clogh* agus *clough* na bealaí is coitianta sna foinsí le *cloch* a litriú i mBéarla, tá litriú eile ar fáil, mar shampla *cloagh-* i bhfoinsí an logainm **Clogrenan (Cloch Ghrianáin)** (345) sa bhliain 1625 *Cloaghrena (Inq. Temp. Car. I 5)*. Níor

éirigh liom teacht ar fhoinse ar bith i gcás na logainmneacha **Cloghna (Cloch an Átha)** (25), **Clomoney (Cloch Mhuine)** (227), **Clowater (Cloch Uaitéir)** (228), agus **Closutton (Cloch Sutton)** (351) le *clo-* ann mar atá sa leagan Béarla inniu, *clough-*, nó *clogh-* amháin atá sna foinsí anuas go dtí lár an 19ú haois, mar shampla sa bhliain 1737 *Clogh Water* (CGn. 99.203.68632), i gcás **Clowater (Cloch Uaitéir)** (228), agus sa bhliain 1732 *Cloghruske* (CGn. 72.219.50486), i gcás **Clorusk Lower, Upper (Cloch Rúsc)** (349, 350).

Ach ní hamhlaidh atá na foinsí ag **Clogrenan Cloch Ghrianáin** (345), mar tá foinsí san 16-17ú haois le *cloe-*, *clow-*, agus *clo-*. Féach mar shampla ar an bhfoinse sa bhliain 1549 *to Cloenegrenan* (*Fiants Ed.* vi 249), agus tá *clow-* ar fáil sa bhliain 1603c *Clowghgrenan* (*Cal. Carew MSS* iv 447). Tá *cloc(k)-* againn i gcás an logainm **Cloghristick (Cloch Christic)** (26), mar shampla sa bhliain 1657c *Clockeristicka* (DS), nó sa bhliain 1659c *Clocristick* (*Census* 353), agus sa bhliain 1660c *Clockristicke* (BSD 65). Sa bhliain 1657c tá *clo-* againn; *Clogreenan* (DS), agus sa bhliain 1660c *Clogrennane* (BSD 65). Is amhlaidh freisin atá an cás leis an logainm **Clorusk Lower, Upper (Cloch Rúsc)** (349-350), agus fáil ar *clo-* sa bhliain 1606 *Morrhagh Roe of Cloroske* (IPR Jas. I 87b).

Ag féachaint ar litriú an lae inniu, is é / klo / nó / klo: / an fuaimniú áitiúil ar **Clomoney (Cloch Mhuine)** (227), **Clowater (Cloch Uaitéir)** (228), **Clogrenan (Cloch Ghrianáin)** (345), agus **Clorusk Lower, Upper (Cloch Rúsc)** (349, 350), Ach / klok / atá ann i gcás **Cloghna (Cloch an Átha)** (25), ach / klo 'kris tɪk / (8), / klo 'kris tɪk / (8), / klo 'kris tɪ / (14) an fuaimniú áitiúil ar **Cloghristick (Cloch Christic)** (26).

Sa phlé seo ar *chloch*, is fiú súil a chaitheamh ar **Mountwolseley or Crosslow (Crois Chloiche)**, (519), le féachaint conas a chaitear leis an nginideach *-cloiche*, atá sa ghinideach. Is léir ó na foinsí gurb ann don *-c-* tosaigh sa 16ú, agus isteach go luath sa 17ú haois, mar shampla sa bhliain 1559 *Crossclohe* (*Fiants Eliz.* 140), nó sa bhliain 1618 *Croscloughy* (*CPR Chrls.* I iv 246), agus chomh déanach leis an mbliain 1765 *Mount Wolseley otherwise Mount Arron otherwise Crosclough* (CGn. 235.321.154048). I lár an 17ú haois, tá an *-c-* á chailliúint agus an *-l-* in uachtar, mar shampla sa bhliain 1657c *Crosseloe* (*Hib. Reg.*), agus sa bhliain 1703, *Croselogh* (ACT 379). Maireann an *-l-* lárnach seo i litriú an lae inniu, agus / krɔs 'lo: / an fuaimniú áitiúil (1, 3, 7, 8, 17, 71).

Maidir leis an *-oiche* ag deireadh an fhocail *-chloiche*, tá bealaí éagsúla in úsáid sna foinsí lena thabhairt i litriú an Bhéarla, mar shampla *-lohe*, *-logh(e)*, *-loghy*, *-loe*, agus *-low*, (Ua Súilleabháin 1994, 487). Tá samplaí ar fáil sna foinsí, mar shampla sa bhliain 1562 *Crosclough* (COD v 125), sa bhliain 1566 *Crossclohe* (*Fiants Eliz.* 911), sa bhliain 1618 *Croscloughy* (*CPR Chrls.* I iv 246), agus sa bhliain 1657c *Crosseloe* (*Hib. Reg.*). Níor éirigh liom teacht ar fhoinse den deireadh *-ow* ach sa bhliain 1760 *Crosslow* (*Nevill Wicklow*).

In ainneoin an litriú Bhéarla **Clonmacshane (Cloch Mhic S(h)eoinín)** (206), tugann na foinsí le fios gur *cloch* an chéad fhocal le *clogh-*, *clough-*, ag freagairt di san 16-17ú haois. Is sa bhliain 1666 a thagaimid ar an litriú *clon-*; *Clonm<sup>c</sup>shenine* ar dtús (ASE 48).

### II 1.2.11 *Cluain* agus litriú an Bhéarla

Nuair a chuirtear litriú an Bhéarla i bhfeidhm ar *cluain*, bíonn *clon-* againn agus tá breis agus 17 shampla leis, **Clonmelsh (Cluain Meilse / -sí (?))** (22), **Broomville or Clonachona (Cluain an Chonaidh)** (100), **Clonmullen (Cluain (an) M(h)uilinn)** (139), **Clonee East, West (Cluain Aodha)** (186, 316), **Cloneen (Cluainín)** (216), **Clonacur (Cluain na Cora)** (241), **Knockclonagad (Cnoc Chluain na nGad)** (337), **Clonmore (Cluain Mhór)** (360, 414), **Clonygoose (Cluain na gCuas)** (540), **Kilcloney (Cill Chluaine)** (543), **Clonegall (Cluain na nGall)** (603), **Clongarran (Cluain Gearrán)** (604), **Clonogan (Cluain Uí Ógáin)** (605), agus **Clonbulloge or Ballycallon (Cluain Bolg)** (160). Tá athruithe le sonrú a *clon-* mar atá ar fáil i dtrí logainm, **Lumcloon (Lomchluain)** (273) **Clonetoose (Cluain Thuas)** (264), agus **Clanagh (Cluaineach)** (562). Maidir le logainmneacha Loch Garman, tá 45 logainm ann a bhfuil *cluain* iontu, mar *clon-*, *clone-*, *cloon-* (de Vál 1987, 58).

### II 1.2.12 *Cnoc* agus litriú an Bhéarla

Is é *knock* a úsáidtear le *cnoc* a thabhairt i litriú an Bhéarla. Tá breis agus tríocha sampla de *cnoc* agus *knock* atá in úsáid iontu ar fad, **Knockbower (Cnoc Bodhar)** (70), **Knockarda (Cnoic Arda)** (83), **Knocknatubbrid (Cnoc na Tiobraide)** (102), **Knockbarragh (Cnoc Barrach)** (150), **Knockdoorish (Cnoc Dubhrois)** (151), **Knockbrack (Cnoc Breac)** (190), **Knockdramagh (Cnoc Droma)** (191), **Knockmanus (Cnoc Mhánais)** (230), **Knockmore (Cnoc Mór)** (231), **Knockendrane (Cnoc an Draighin)** (272), **Knockroe (Cnoc Rua)** (289, 501), **Knockscur or Knocksquire (Cnoc Squire)** (290), **Knockclonagad (Cnoc Chluain na nGad)** (337), **Knockullard (Cnoc Úlloird)** (338), **Knockagarry (Cnoc an Gharraí)** (366), **Knocknabranagh and Knockbaun (Cnoc na mBeatnach agus Cnoc Bán)** (367), **Knockballystine (Cnoc Bhaile (?))** (424), **Knockboy (Cnoc Buí)** (497), **Knockevagh (Cnoc na bhFeá)** (498), **Knocklishen Beg, More (Cnoc Lisín Beag, Mór)** (499, 500), **Knocknagundarragh or Scortreen (Cnoc na gCondúnach nó Scairtín)** (545), **Knockeen (Cnoicín)** (571), **Knockymullgurry (Cnoc Uí Mhaoil Gharaidh)** (572), agus **Marley or Knockduff (Marlach, Cnoc Dubh)** (574). Nuair atá *cnoc* sa dara háit, *knock* a úsáidtear, **Kilknock (Cill Chnoic)** (128), **Ballyknockan (Baile an Chnocáin)** (259, 393), **Tiknock (Tigh an Chnoic)** (508), **Ballyknock (Baile Chnoc an Bhiocáire)** (555), agus **Ballyknockcrumpin (Baile Chnoc an Chrompáin)** (556).

### 1.2.13 *Coill* agus litriú an Bhéarla

Nuair a chuirtear litriú an Bhéarla i bhfeidhm ar *coill*, tá *kill-* againn cosúil le *cill*, mar shampla **Kilmeany (Coill Mheánach)** (4), **Ballynakillbeg (Baile na Coille)** (75), **Killyshane (Coill Sheáin)** (82), **Kilmaglush (Coill Mhaigh Ghlaise)** (189), **Kilcruit (Coill Cruite)** (308), **Killalongford (Coill an Longfoirt)** (423), agus **Kilcarry (Coill Charraige)** (608). Tá *kyle-* ag freagairt do *coill* sa logainm **Parknakyle (Páirc na Coille)** (372).

### II 1.2.14 *Cúil* agus litriú an Bhéarla

Ar na sé logainm le *cúil* iontu, is é *cool* is coitianta i litriú an Bhéarla, **Coolnasheegan (Cúil na Siogán)** (187), **Coolnapish (Cúil na Pise)** (242), **Coolnacuppoge (Cúil na gCopóg)** (329), **Coolmanagh Lower, Upper (Cúil na Manach)** (462, 463), **Coole (Cúil)** (496), agus **Coolyhune (Cúil Uí Chuáin)** (563),

### II 1.2.15 *Cúl* agus litriú an Bhéarla

Is doiligh idirdhealú a dhéanamh idir *cúl* agus *cúil* sna logainmneacha. *Cool* atá in úsáid chun *cúl* a thabhairt i litriú an Bhéarla, **Coolasnaghta (Cúl an tSneachta)** (265), **Coolnakeeran (Cúl na gCaorthainn)** (361), **Coolnakisha (Cúl na Cise)** (384), **Coolalaw (Cúl an Lágha)** (415), **Coolnamara (Cúl na Mara)** (593), agus **Coolroe (Cúl Rua)** 606).

### II 1.2.16 *Currach* agus litriú an Bhéarla

Ar sé logainm le *currach*, is é *curragh* is coitianta atá in úsáid, **Moancurragh (Móin an Churraigh)** (5), **Ballycurragh (Baile an Churraigh)** (165), **Curraghcruit (Currach na Cruite)** (243), agus **Curragh (Currach)** (445). Is léir gur éirigh le -*gurragh* fuaim den ghinideach iolra a chur in iúl, mar atá sa logainm **Bunnagurragh (Bun na gCurrach)** (137). Tá -*curra* ar fáil sa logainm **Rossacurra (Ros an Churraigh)** (195), inar is léir nár lean -*agh* ar aghaidh i litriú Béarla an lae inniu.

Cés móite den logainm **Curragh (Currach)** (445), níor éirigh liom teacht ar fhoinsé ar bith de na logainmneacha le *currach* iontu, a chaithfeadh solas ar phlé an fhocail i litriú an Bhéarla. An litriú is coitianta ná *curragh*, mar atá sa leagan Béarla de na logainmneacha, mar shampla, **Moanacurragh (Móin an Churraigh)** (5), **Ballycurragh (Baile an Churraigh)** (165), agus **Curraghcruit (Currach na Cruite)** (243), (McManus 1994, 354). Is é /'kurð/ an fuaimniú áitiúil ar an struchtúr, in ainneoin an litriú. Is léir gur cailleadh an -*c*- in *currach* sa logainm **Bunnagurragh (Bun na gCurrach)** (137). Is í -*g*- an litriú agus an fhuaim, / bun nð 'gurð / Fuaimniú Áitiúil (10), / bun ð 'gurð / Fuaimniú Áitiúil (65). Cé gurb é *currach* atá i gceist leo seo thuas, is léir ó na foinsí gurb é -*agh* a bhí á scríobh, mar shampla i gcás an logainm **Curragh (Currach)** (445), sa bhliain 1566, tá *Curraghe*, agus *Courragh* (*COD* v 153) ann.

### II 1.2.17 *Draighean* agus litriú an Bhéarla

Tá *draighean* ar fáil faoi thrí sna logainmneacha. Tá an cnuasfhocal ann, **Dranagh (Draighean)** (564), agus tá *cnoc* roimhe sa logainm **Knockendrane (Cnoc an Draighin)** (272).

Luaitear ó *Chill Draighean* chomh luath le 800c (*F. Oeng.* 186), agus ó *Cill Draighean* sa bhliain 1170c (*Mart. Gorm* 158), **Kildreenagh (Cill Draighean)** (248). Sa bhliain 1441, tá -*dry*- in úsáid, *Kyldrynach* (*Cal. Papal Letters* ix 191). Tá -*ach*- athraithe go -*agh(e)*- faoin mbliain 1586c, mar atá, *cum capella de Kyldrinaghe* (*Dioc. Leighlin* 7). Sa bhliain 1659c, áfach, tá litriú amháin gan -*agh*; *Kildrina*

(*Census 357*). Is é *Kildrinagh* (*Inq. Temp. Car. I 59*), agus *Killdrinagh* (*BSD 65*) an litriú is coitianta san 17ú haois, ach is léir gur tháinig fad ar an *-rin-* ón aois sin go *-een-* san 18ú haois de réir fianaise na bhfoinsí, mar shampla sa bhliain 1723 *Kildreenagh* (*CGn. 44.438.30021*). Tá an / i: / seo fós san fhuaimniú áitiúil 'kil 'dri:nð / (Fuaimniú Áitiúil (7, 8, 18, 32, 72), agus is léir go bhfuil an *-agh* sa leagan scríofa **Kildreenagh** (248) balbh.

Cailleadh an *-gh-* sa logainm **Dranagh (Draighneach)** (564) faoin 17ú haois, mar atá le feiscint sna foinsí, mar shampla sa bhliain 1637 *Dranagh* (*Inq. Temp. Car I 63*), (McManus 1994, 354). Mar a bhí sa logainm **Kildreenagh (Cill Draighneach)** (248), tá an *-ach* athraithe go *-agh* san aois seo, mar shampla sa bhliain 1604 *Dorronagh* (*IPR Jas. I 51a*). Is léir anseo go bhfuil bealaí éagsúla in úsáid le *drai-* a chur i litriú an Bhéarla, mar shampla *dar-* sa bhliain 1601 *Daranighe* (*Fiants Eliz. 6541*), nó *dirr-* sa bhliain 1632 *Dirranagh* (*Kavanagh Papers 48*). Bhí an siolla breise sna leaganacha seo cailte faoin 19ú haois, aimsir na Suirbhéireachta Ordanáis agus tá an *-agh-* ag deireadh an logainm inniu **Dranagh (Draighneach)** (564) balbh, dála **Kildreenagh (Cill Draighneach)** (248), / 'dra:nð / (Fuaimniú Áitiúil (6,13,19).

#### II 1.2.18 *Dún* agus litriú an Bhéarla

Maidir le *dún*, tá éagsúlacht le feiscint sna bealaí a úsáidtear chun litriú an Bhéarla a chur in iúl. Tá *-doyne -dun, -don*, agus *-down* in úsáid sna logainmneacha **Ardoyne (Ard dún)** (95), **Dunleckny (Dún Leicne)** (244), **Dunroe (Dún Rua)** (333), **Donore (Dún Óir)** (332), agus an uimhir iolra sa logainm **Downings (Dúnáin)** (517).

#### II 1.2.19 *Feá* agus litriú an Bhéarla

Tá *feá* ar fáil sa chéad áit, nó sa dara háit sna logainmneacha, ach úsáidtear bealaí éagsúla lena litriú i mBéarla. Tá an focal ann le haidiacht leis sa logainm **Feamore (Fiodh Mór)** (364) ann, ach tá *feá* againn sa ghinideach iolra, **Knockevagh (Cnoc na bhFeá)** (498), / nok ɪ 'va: /, agus **Lisnevagh (Lios na bhFeá)** (502), / lis nð 'va: /.

#### II 1.2.20 *Fearann* agus litriú an Bhéarla

Maidir le *fearann*, is é *farran* atá in úsáid i litriú an Bhéarla; **Farranaphlure (Fearann an Phlúir)** (30), **Farranafreney (Fearann na bhFréineach)** (352), agus **Farranacurragh (Fearann an Churraigh)** (363). Tá *fearann* ar fáil in **Friarstown (Fearann na Manach)** (50) freisin.

#### II 1.2.21 *Garraí* agus litriú an Bhéarla

Maidir le *garraí* is é *garry* atá in úsáid, **Garryhundon (Garraí Chondúin)** (23), **Shangarry (Seangharraí)** (197), agus **Knockagarry (Cnoc an Gharraí)** (366). Le súil a thabhairt ar **Garreenleen (Garraí an Lín)** (167), tá sé spéisiúil go ndéintear comhnascadh idir *garraí* agus an t-alt, **Garreenleen (Garraí an Lín)** (167). Tá *carragh* in úsáid sa logainm **Ballyshancarragh (Baile Sheangarraí)** (597).

### II 1.2.22 *Gleann* agus litriú an Bhéarla

Chun Béarlú a dhéanamh ar an bhfocal *gleann*, úsáidtear *-glen*, *-glin* nó *-ghlin* i litriú an Bhéarla, mar shampla **Glenoge (Gleannóg)** (31), **Leighlinbridge (Leithghlinn an Droichid)** (217), **Kilmaglin (Coill Mhig Fhloinn)** (271), agus **Oldleighlin (Seanleithghlinn)** (371). Tá *glan* ann chomh maith; **Glannahary (Gleann na Cora)** (305).

### II 1.2.23 *Grian* agus litriú an Bhéarla

Nuair atá *grian* sa chéad áit, úsáidtear *-green* sa logainm **Greenane (Grianán)** (52). Nuair atá an ginideach de *ghrian* ann, úsáidtear *-graney* agus *-grane*, mar shampla **Kilgraney (Cill Ghréine)** (93, 309), **Ballygraney (Baile na Gréine)** (224), agus **Ballynagrane (Baile na Gréine)** (535). Tá aon logainm amháin le *-grenan* ag tagairt do *-grianán*; **Clogrenan (Cloch Ghrianáin)** (345).

### II 1.2.24 *Leacain* agus litriú an Bhéarla

*Lacken* atá in úsáid leis an bhfocal *leacain* a chur i litriú an Bhéarla, mar shampla **Lacken (Leacain)** (291, 368, 573). Tá sampla amháin le *lacka*; **Lackabeg (Leaca b(h)eag)** (600).

### II 1.2.25 *Lios* agus litriú an Bhéarla

Níl ach lios-ainm amháin ar fáil i Loch Garman, Liskinfere (Lios Cinn Féir), paróiste i mbarúntacht Ghuaire (de Vail 1987, 51). Tá éagsúlacht le sonrú i gCeatharlach ar na bealaí atá in úsáid leis an bhfocal *lios* a chur i litriú an Bhéarla. Tá dhá logainm ann le *lis*; **Lisgarvan (Lios Garbháin)** (170), agus **Lisnevagh (Lios na bhFeá)** (502). Tá aon logainm amháin le *liss* agus sin in úsáid roimh ghuta, **Lissalican (Lios Ailleagáin)** (530), agus aon cheann amháin le *las* **Lasmaonly (Lios Mhic Conghaile)** (192). Tá dhá logainm le *lish*, a thugann an fhoghraíocht / s / murab ionann agus na litrithe eile, **Knocklishen Beg, More (Cnoc Lisín)** (499, 500).

### II 1.2.26 *Madra* agus litriú an Bhéarla

Luann O'Rahilly *madadh* mar shampa d'fhoclóir Uladh (O'Rahilly 1932, 240), agus luann Nicholas Williams gur bhain *madú* < *madadh*, leis an tuaisceart, gur bhain *mada* < *madadh*' le Connachta (de Bhaldraithe 1945, 8) agus gur bhain *madra* leis an deisceart (Williams 1994, 477). Tá **Seisceann na Madradh** againn sa logainm **Seskinnamadra** (339), agus **Póirse an Mhadaidh** sa logainm **Porchavodda** (453). Tá sé le tabhairt faoi deara nach bhfuil rian den *-r-* san fhocal *madra* ar fáil i bhfuaimniú áitiúil an logainm seo, / portsə 'vodə / (Fuaimniú Áitiúil (3), / prokə 'fadə / (Fuaimniú Áitiúil (8), / pok ə'vadə / (Fuaimniú Áitiúil (39), / porch ə'vadə /

(Fuaimniú Áitiúil (41). Is ann don *-r-* seo, áfach, sa logainm **Seisceann na Madradh** (339), / seskɪn θ 'madrθ / (Fuaimniú Áitiúil (12, 32).

### II 1.2.27 *Maigh* i litriú an Bhéarla

Tá bealaí éagsúla in úsáid le litriú an Bhéarla a chur ar an bhfocal *maigh*. Nuair atá an focal sa chéad áit, is é *moy-* agus *mo-* atá in úsáid, **Moyvally (Maigh Bhealaigh 292)**, agus **Moyacomb (Maigh Dá Chonn) (601)**, agus **Mohullen (Maighean (an) Chuilinn nó Maigh (an) Chuilinn) (531)**. Tá *ma-* agus *-agh* in úsáid nuair atá *maigh* sa dara háit, **Kilmaglush (Coill Mhaigh Ghlaise) (189)**, **Kilmaglin (Coill Mhig Fhloinn) (271)**, agus **Fennagh (Fionnmhach) (267)**.

Tá bealaí éagsúla in úsáid le *-aigh* an fhocail *maigh* a thabhairt sna foinsí. Tá fáil ar *-ot,-ad, -ath, -ah, -uigh*, agus *moy-* i bhfoinsí an pharóiste **Moyacomb (Maigh Dá Chonn) (601)**. Sa bhliain 1087 tá an litriú *Ua Néill Maighe dá chon (ARÉ ii 9)* ann, ach sa bhliain 1400, tagaimid ar *Ó Néill a Muigh caoin Dá Chonn (Topog. Poems 1105)*. Tá teacht ar *-ot, -ad, -ath, -uy* agus *-ah* san idir an 12ú haois agus an 15ú haois mar atá, *-ot*, sa bhliain < 1176 *Motdicon (COD i 1)*, *-ad* sa bhliain 1202 *cum omnibus decimis de Madechon (Reg. St. Thos. cclxix 225)*, *-ath* sa bhliain 1210c *quod dicitur Mathelcon (Reg. St. Thos. ccxvi 183)*, sa bhliain 1260 *de Matherconn (Pontif. Hib. ii 495)*, agus sa bhliain 1303 *pro iij feodis militum in Matheikon (RBO 3)*, *-uy* sa bhliain 1435 *rector of Muyacon (Cal. Papal Letters vii 564)*, *-ah* sa bhliain 1300c *Mahanne (Cal. Carew MSS v 369)*, agus breis agus 300 bliain níos déanaí, sa bhliain 1657c *Mahone Parish (DS)*. Tagaimid ar *-oh* sa bhliain 1603 *Mohacon or Moyacon in Co. Catherlogh (IPR Jas. 1 9a)*. San 16-17ú haois is é *-oy* an litriú is coitianta sna foinsí, mar shampla sa bhliain 1514 *Moycon (Crown Surveys 238)*, sa bhliain 1578 *Moyactone (Fiants Eliz. 3438)*, agus sa bhliain 1663 *Moyacon (CSP Ire. xxii 81)*, litriú a mhaireann sa léarscáil inniu.

Maidir leis an logainm **Moyvally (Maigh an Bhealaigh) (292)**, is é *-oy* atá in úsáid sna foinsí, mar shampla sa bhliain 1613 *Moyvalla (IPR Jas. I 225b)*, agus sa bhliain 1660c *Moyvally (BSD 101)* (Williams 1994, 450). Ag féachaint ar fhoinsí an logainm **Kilmaglush (Coill Mhaigh Ghlaise) (189)**, is é an litriú *-ma-*, agus *-mo-* atá ar fáil ón 16ú haois, taobh le chéile, mar shampla sa bhliain 1550-1 *Kilmoglishe (Fiants Ed. vi 719)*, agus sa bhliain 1592-3 *Kilmaglishe (Fiants Eliz. 5788)*, sa bhliain 1659c *Kilmalish (Census 355)*, agus sa bhliain 1666 *Killmolish (ASE 48)*. Guta neamhaiceanta atá ann inniu de réir foghraíochta, / kθil mθ 'glus' / Fuaimniú Áitiúil (6,10,12, 31, 64), agus / kil mθ glus' / Fuaimniú Áitiúil (27, 32).

### II 1.2.28 *Manach* agus litriú an Bhéarla

Nuair a thagann litriú an Bhéarla i bhfeidhm ar an bhfocal *manach* is é *-managh* atá in úsáid. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil an focal sa ghinideach iolra sna logainmneacha seo leanas, **Moanamanagh (Móin na Manach) (35)**, agus **Coolmanagh Lower, Upper (Cúil na Manach) (462, 463)**.

Má fhéachtar ar na logainmneacha leis an bhfocal *-manach* iontu, tugtar bealaí éagsúla faoi deara le *-ach* a chur in iúl. Maidir leis an logainm **Coolmanagh Lower**,

**Upper (Cúil na Manach)** (462, 463), tá *-anny*, *-any*, *-anna* agus *-anagh*, in úsáid san 16-17ú haois (Ua Súilleabháin 1994, 450). Mar shampla *-anny* sa bhliain 1575, *Cowlemanny* (COD v 261), *-any* sa bhliain 1659c *Coolmany* (Census 358), agus *-anna* sa bhliain 1753 *Coolmanna* (CGn. 164.371.110995). Tá *-agh* ar fáil sa bhliain 1636 *Coolemanagh* (Inq. Temp. Car. I 56), agus sa bhliain 1708 *Coolemanagh* (CGn. 4.543.1281), (McManus 1994, 354). Tá *-agh* i litriú an lae inniu **Coolmanagh** (462-3), ach is é / ku:l 'manð / an fuaimniú áitiúil (3, 4, 8, 17, 37, 38, 39, 41).

Feicimid *-agh* in úsáid sa logainm **Moanamanagh (Móin na Manach)** (35), mar shampla sa bhliain 1772, *Monamonagh* (CGn. 380.62.252734), agus *Monamanagh* (CGn. 369.478.249256). Cé gurb é **Moanamanagh** (35) litriú an lae inniu, is é / ð / atá san fhoghraíocht áitiúil ar an siolla deiridh, / mo:nð 'manð / (Fuaimniú Áitiúil (17, 58, 71)).

### II 1.2.29 *Móin* agus litriú an Bhéarla

Maidir leis an bhfocal *móin*, tá go leor bealaí in úsáid lena litriú i mBéarla. Nuair atá *móin* sa chéad áit, úsáidtear *moan-* sna logainmneacha seo, **Moanacurragh (Móin an Churraigh)** (5), **Moanalow (Móin an Locha)** (34), **Moanamanagh (Móin na Manach)** (35), **Moanmore (Móin Mhór)** (164, 370), **Moanduff (Móin Dhubh)** (354), agus **Moanavoth (Móin na bhFód)** (503). Tá logainm amháin le *mon-* agus *móin* ann sa chéad áit; **Monaughrim (Móin Achrainn)** (610), agus logainm amháin le *money-* ann; **Moneygrogh (Móin na gCruach)** (153). Nuair atá an focal *móin* sa ghinideach, tá *moon-* agus *mona-* in úsáid; **Ballymoon (Baile Móna)** (233), agus **Ballyellin or Ballinamona (Baile Alain, Baile na Móna)** (281).

### II 1.2.30 *Mullán* agus litriú an Bhéarla

Maidir leis an bhfocal *mullán*, atá sa chéad áit sna logainmneacha sa chontae seo, is é *mullan* a úsáidtear i litriú an Bhéarla **Mullanaskeagh (Mullán na Sceach)** (575), **Mullanavode (Mullán na bhFód)** (576), agus **Mullannagaun (Mullán na nGamhan)** (577).

### II 1.2.31 *Páirc* agus litriú an Bhéarla

Maidir le *páirc*, is é *park* atá in úsáid sna logainmneacha, ag tagairt do *pháirc* sa chéad áit **Carrigpark (Páirc na Carraige)** (240) agus **Parknakyle (Páirc na Coille)** (372). Is fiú a lua nár éirigh liom teacht ar aon fhoinsé Ghaeilge do na logainmneacha seo.

### II 1.2.32 *Ráth* agus litriú an Bhéarla

Nuair chuirtear litriú an Bhéarla i bhfeidhm ar an bhfocal *ráithín*, is é *raheen-* a úsáidtear, **Raheenkilane (Ráithín Chill Áine)** (130), **Raheen (Ráithín)** (154, 428, 467), **Raheenliegh (Ráithín Liath)** (194), **Raheendarragh (Ráithín Darach)** (293), **Raheenkyle (Ráithín Coill)** (294), **Raheenwood (Ráithín na Coille)** (318, 374),



**Raheendoran (Ráithín Deoráin 348)**, agus **Raheenadaw (Ráithín Uí Dheá) (479)** (McManus 1994, 351). Nuair a théann litriú an Bhéarla i bhfeidhm ar an bhfocal *raithín* sa ghinideach, is *-rane* a bhíonn in úsáid, an *-th-* cailte, **Skahanrane (Sceach an Ráithín) (312)**. Ar na logainmneacha ar fad le *ráth* sa chéad áit, is é *rath* a bhíonn in úsáid; **Rathnapish (Ráth na Pise) (17)**, **Rathbaun (Ráth Bán) (37)**, **Rathnashannagh (Ráth na Sionnach) (38)**, **Rathcrogue (Ráth Caróg) (72)**, **Ratheeragh (Ráth Fhiachrach) (104)**, **Rathvarrin (Ráth Bhairinn) (105)**, **Rathrush (Ráth Rois) (171)**, **Rathtoe (Ráth Tó) (172)**, **Rathedan (Ráth Éadain) (220)**, **Rathellin (Ráth Alain) (221)**, **Rathwade (Ráth Wade) (222)**, **Rathduff (Ráth Dubh) (252)**, **Rathercan (Ráth Earcáin) (277)**, **Rathnageeragh (Rath na gCaorach) (278)**, **Rathanna (Ráth Fhánadh) (295)**, **Rathornan (Ráth Eornan) (388)**, **Rathvinden (Ráth Bhindúin) (398)**, **Rathnafushoge (Ráth na Fuisseige) (454)**, **Rathnagrew Lower, Upper (Ráth na Graí) (455, 466)**, **Rathdaniel (Ráth Dhónaill) (480)**, **Rathmore (Ráth Mór) (490)**, **Rathvilly (Ráth Bhile) (507)**, **Rathglass (Ráth Glas) (521)**, **Rathlyon (Ráth Laighean) (522)**, agus **Rathgeran (Ráth Gearrán) (579)**. Tá *rath* in úsáid chomh maith nuair atá *ráth* sa dara háit, **Tomard or Boolyrathornan (Tuaim Ard, Buaille Ráth Eornan) (391)**. B'odh is gur *rath* an leagan scríofa, tá fianaise ann gurb é / rð / an leagan foghraíochta áitiúil a thagann leis an bhfuaimniú Gaeilge, mar shampla **Rathnagrew Lower, Upper (Ráth na Graí) (455, 456)** / ra nð 'grði / (Fuaimniú Áitiúil (8), **Rathmore (Ráth Mór) (490)** / ra 'mo:r / (Fuaimniú Áitiúil (3, 8); **Rathvilly (Ráth Bhile) (507)** / rð 'vili / (Fuaimniú Áitiúil (8, 15, 17, 68, 69); **Rathglass (Ráth Glas) (521)**, / rð'glas / (Fuaimniú Áitiúil (3, 71); **Rathlyon (Ráth Glas) (522)** / ra lðin / Fuaimniú Áitiúil (1, 7); agus **Rathvinden (Ráth Bhindúin) (389)** / ra 'vin ðun / Fuaimniú Áitiúil (15), / rat 'vin ðun / Fuaimniú Áitiúil (45, 46, 47, 54). Féach freisin logainmneacha 38, 72, 220, 277, 295, 455, 456. Feicimid *t < rat(h)* sa logainm **Tomard or Boolyrathornan (Tuaim Ard, Buaille Ráth Eornan) (391)** / bu:lɪ rð'tor nðn / (Fuaimniú Áitiúil (15). Is é **Rahill (Ráth Éill) (488)** an t-aon logainm le *-ra-* sa leagan scríofa.

Pléann McCone glórú consan déadach, *-th > d* sa litriú in aice le guta neamhaiceanta (McCone 1981). Feicimid *-d-* in ionad *-th-* anseo sa bhlian 1204 *Radmor (Pontif Hib. i 61)*, agus *Radmor (Cal. Papal Letters i 18)* sa bhliain chéanna agus *de Radnore* in 1260 (*Pontif. Hib. ii 495*). Feicimid forás *-th- > h* san 16-17ú haois sna foinsí, m.sh. don logainm **Rahill (Ráth Éill) (488)**, sa bhliain 1572, faighimid an litriú *Rahell (COD v 234)*, agus i gcás **Rathvilly (Ráth Bhile) (507)**, faighimid an litriú *Ravillie (Fiants Eliz. 5124)* sa bhliain 1587-8. Ag breathnú ar fhoinsí an logainm **Rathduff (Ráth Dubh) (252)**, tá *-agh* in úsáid le *-th-* a chur i litriú an Bhéarla (McManus 1994, 351), m.sh. *Raughduffe, Raghduffe (BSD 65, 92)* sa bhliain 1660c.

### II 1.2.33 *Rí* agus litriú an Bhéarla

Nuair atá an focal *rí* á chur i litriú an Bhéarla, is é *-ree* a úsáidtear, mar shampla **Ballinree (Baile an Rí) (325)**, agus **Kilree (Cill Rí) (336)**.

### II 1.2.34 *Ros* agus litriú an Bhéarla

Maidir leis an bhfocal *ros*, úsáidtear bealaí difriúla lena cur i litriú an Bhéarla. Nuair atá *ros* sa chéad áit, baintear leas as *-ros(s)*, mar shampla **Rossacurra (Ros an Churraigh)** (195), **Rosslee (Ros Liath)** (196), **Rosdellig (Ros Deilge)** (296), agus **Roscat (Ros Cat)** (404). Nuair atá an focal sa ghinideach uatha, úsáidtear bealaí éagsúla leis an /s'/ a léiriú, mar shampla *rish*; **Knockdoorish (Cnoc Dubhrois)** (151), *rush*; **Rathrush (Ráth Rois)** (171), **Ballinrush (Baile an Rois)** (183), agus *russ*; **Croanruss (Crón Ros)** (188). Tá an ginideach den leagan díspeagúil againn sa logainm **Portrushen Lower, Upper (Port Roisín)** (470-1).

### II 1.2.35 *Sceach* agus litriú an Bhéarla

Tá ceithre logainm ann leis an bhfocal *sceach* iontu. Tá an focal sa ghinideach faoi thrí sna logainmneacha, **Croneskagh Lower, Upper (Crón na Sceiche)** (416, 417), agus **Mullanaskagh (Mullán na Sceach)** (575). Tá an focal *sceach* sa chéad áit sa logainm **Skahanrane (Sceach an Ráithín)** (312).

Ag féachaint ar fhoinsí an logainm **Croneskagh Lower, Upper (Crón na Sceiche)** (416-7), is léir gurb é *-skagh*, *-skeagh*, nó *-skough* na bealaí is coitianta san 17-18ú haois leis an bhfocal *sceach* a thabhairt i litriú an Bhéarla, mar shampla sa bhliain 1636 *Croneskeagh (Inq. Temp. Car. I 56)*, nó sa bhliain 1659c *Craneskough (Census 354)* (McManus 1994, 354). Tá foinsé sa bhliain 1744 ann le *-c-* ann seachas *-k-*; *Croneskagh (Reg. Deeds abstracts ii 140)*. Tá sé le sonrú go bhfuil éagsúlacht fuaimne leis an logainm seo, /ski:/, /li:/, /ske:/, ach is cinnte go bhfuil an guta fada. /klo:nð 'ski:/ (Fuaimniú Áitiúil (3), /kra:nð 'li:/ (Fuaimniú Áitiúil (5), /kro:n ð 'ski:/ (Fuaimniú Áitiúil (5, 37, 39), /kro:n ð 'ske:/ (Fuaimniú Áitiúil (38, 41).

### II 1.2.36 *Seisceann* agus litriú an Bhéarla

Nuair a chuirtear litriú an Bhéarla i bhfeidhm ar an bhfocal *seisceann* is é *seskin* a úsáidtear, i ngach cás, mar shampla **Seskinryan (Seisceann Uí Riain)** (311), **Seskinnamadra (Seisceann na Madradh)** (339), **Seskin Lower, Upper (Seisceann)** (376, 378), **Seskinrea (Seisceann Riabhach)** (377), agus **Seskin (Seisceann)** (581).

### II 1.2.37 *Sliabh* agus litriú an Bhéarla

Cé nach bhfuil ach aon logainm amháin leis an bhfocal *sliabh* ann, is é *slieve* atá in úsáid lena cur i litriú an Bhéarla agus *-v-* in úsáid don fhuaim /v/ ón mbunlitriú *-bh-Slievedurda (Sliabh Durda)* (582), (Ua Súilleabháin 1994, 487).

Níl fáil sna foinsí ar *-abh* i bhfoinsí an logainm **Slievedurda (Sliabh Durda)** (582), ach tá *-ew-* ar fáil sa bhliain 1637 *Slewdurdee (Inq. Temp. Car. I 63)*, (Ua Súilleabháin 1994, 450). Ar ndóigh, *-ieve* atá sa leagan Béarla, **Slievedurda**. Féach mar shampla **Sliabh Eibhlinne, Slievfeilm Co. Luimnigh (Ó Maolfabhail, et al. 1990, 248)**.

### II 1.2.38 *Srath* agus litriú an Bhéarla

De réir na bhfoinsí ar **Straboe (Srath Bó)** (513), is léir go raibh an *-t-* sáiteach (Watson 1994, 667), tagtha isteach ar a laghad ag deireadh an 12ú haois, mar shampla thart ar an mbliain 1200, tá *omnia ecclesiastica beneficia de Strabo* (*Reg. St. Thos.* ccclxxii 323) ann. Tá foinsé ann fiú sa bhliain 1217-1226 gan *-r-* agus an *-t-* ina aonar, *super ecclesia de Stabo* (*Reg. St. Thos.* ccclii 305). Tá an *-t-* sin ar fáil tríd síos na foinsí ar fad go dtí litriú Béarla an lae inniu, **Straboe**. Tá corrshampla ann sna foinsí de litriú gan an *-t-*, mar shampla sa bhliain 1660c tá *Sraghboe* (*BSD* 70) againn. Tá *sh-* ar fáil san 17ú haois, mar shampla sa bhliain 1659c *Shrueboe* (*Censu* 354), agus sa bhliain 1672c *Shrughboe* (*Hib. Del.*).

Is amhlaidh freisin atá na foinsí ag an logainm **Sragh (Srath)** (124). Tá *Straugh* (*Cal. Carew MSS.* vi 26) ann sa bhliain 1608, agus sa bhliain 1672c tá *Straugh* (*Hib. Del.*) ann, ach is coitianta ar fad *shr-* sa 17ú haois, mar shampla *shro-* sa bhliain 1660c *Shrough* (*BSD* 65). Tá *shra-* ann feisin mar shampla sa bhliain 1657c *Shrauh* (*DS*). Tá *sr-* fós ann, mar shampla sa bhliain 1626 *Sragh* (*Inq. Temp. Car.* I 8), agus sa bhliain 1786, tá *Sragh* againn (*CGn.* 419.199.273657). Ar ndóigh, **Sragh** an litriú Béarla inniu, agus / *srax* / an fuaimniú áitiúil.

Caitear leis an *-th* ag deireadh an fhocail *srath* ar bhealaí éagsúla, mar shampla tá sé caillte ar fad i bhfoinsí Laidine san 12ú haois; níl ann ach *stru-*, *stra-* nó *stro-*. Féach mar shampla, sa bhliain 1185c *ad jura ecclesiastica de Strupho* (*Reg. St. Thos.* cxxxii 115), sa bhliain 1216 *Strabo* (*Pontif. Hib.* i 178); agus sa bhliain 1260; *in episcopatu Lechlinensi ... de Strabo* (*Pontif. Hib.* ii 495). San 16-17ú haois, tá an *-th* an fhocail *srath* athraithe go *-rogh*, *-rough-*, *-rugh-*, *-rue-*, agus *-ragh-* (McManus 1994, 351). Tá *-rogh-* mar shampla ann sa bhliain 1514 *Sroghboo* (*Crown Surveys* 238), agus sa bhliain 1567 *Stroboo* (*Fiants Eliz* 1136). Tá *-rough-* ann sa bhliain 1600 *Shroughe Boe* (*CSP Ire.* VII 438). Tá *-rugh-* ann sa bhliain 1657c *Shrughboe* (*Hib. Reg.*), agus *-rue-* sa bhliain 1659c *Shrueboe* (*Census* 354). Tá *-ra-* ann chomh maith sa tréimhse seo mar shampla sa bhliain 1568-9 *Straboo* (*Fiants Eliz.* 1265), agus sa bhliain 1703 *rectory of Straboe* (*ACT* 372). Ar ndóigh, **Straboe** litriú Béarla an lae inniu.

Tá an ginideach den fhocal *srath* againn sa logainm **Ballinastraw (Baile na Srath)** (97) (Watson 1994, 667). Is léir ó na foinsí go raibh an litriú *-sr-*, nó *-shr-*, gan aon *-t-*. Féach foinsé na bliana 1550-1, *Ballysraghe* (*Fiants Ed.* vi 719), agus go leor eile ar aghaidh chomh déanach leis an mbliain 1728 nuair atá an litriú *Ballynesragh als Ballynegragh* (*CGn.* 57.350.38822) ann. Tá *-shr-* ar fáil sa bhliain 1614 *Ballineshragh* (*IPR Jas.* I 266a), agus chomh déanach leis an mbliain 1756 *Ballyneshragh other Ballynestraw* (*CGn.* 184.53.121999). Ar ndóigh, is é **Ballinastraw** litriú Béarla an lae inniu, ach níor aimsigh mé fianaise den *-t-* níos luaithe ná an bhliain 1725 nuair atá *Ballynestragh* (*CGn.* 48.154.31016) ann. Maidir leis an *-ath* ag deireadh an fhocail, tá *-aghe(e)*, *-rah*, *-ra*, *-raw* in úsáid. Tá *-ragh* ar fáil sa bhliain 1660c *Ballinashragh* (*BSD* 65). Tá an litriú *-aghe-* ann sa bhliain 1550-1 *Ballysraghe* (*Fiants Ed.* vi 719). Sa bhliain 1607 tá litriú *-rah* ann, *Ballinesrah* (*IPR Jas.* I 109a). Tá *-ra* ann sa bhliain 1601, *of Ballinesra* (*Fiants Eliz.* 6549). Níor éirigh liom teacht ar fhoinsé le *-raw* atá sa leagan Béarla inniu **Ballinastraw** (97), níos luaithe ná 1756, mar atá, *Ballyneshragh other Ballynestraw* (*CGn.* 184.53.121999). D'fhág *-straw* a rian ar fhuaimniú áitiúil, / *balinθ 'strɑ:* / (Fuaimniú Áitiúil (6)).

Feicimid na struchtúir chéanna ar fhoinsí an logainm Srathán Thoir i Luimneach (Ó Maolfabhail et al. 1990, 249). Tá *shrough-* ann sa bhliain 1619 *Shroughane* (CPR 428). Tá *-shroh-* sa bhliain 1622 *Shrohane*, (CPR 558). Tá *-sr-* sa bhliain 1657 *Srahane* (DS), agus *-stragh-* ann sa bhliain 1660 *Straghane* (BSD 130). Féach freisin An Sráidbhaile Thuaidh, Sraoilleán, agus An Sruthán Thuaidh, Co. Luimnigh (Ó Maolfabhail et al. 1990, 249-250). Feicimid an tréith seo freisin i logainmneacha eile i gCeatharlach, ina measc, **Straduff (Srath Dubh)** (199), agus **Stralusky (Srath Loiscthe)** (468).

### II 1.2.39 *Teach* agus litriú an Bhéarla

Is é an tuiséal tabharthach den fhocal *teach* a úsáidtear sna logainmneacha *-ti*, **Tinnaclash (Tigh na Claise)** (210, 472), **Tiknock (Tigh an Chnoic)** (508), **Tinnahinch (Tigh na hInse)** (585), agus **Tinnacarrig (Tigh na Carraige)** (595).

### II 1.2.40 *Teampall* agus litriú an Bhéarla

Maidir leis an bhfocal *teampall* is é *temple-* a úsáidtear, bíodh sí sa chéad nó sa dara háit, **Ballintemple (Baile an Teampaill)** (98), **Templepeter (Teampall Pheadair)** (173), **Templeowen (Teampall Eoin)** (435), agus **Templenaboe (Teampall na Bó)** (584).

### II 1.2.41 *Tuaim* i litriú an Bhéarla

Caitear leis an bhfocal *tuaim* sa bhealach céanna i litriú an Bhéarla, le *tom-*, **Tomard Lower Upper (Tuaim Ard)** (390), agus **Tomard or Boolyrathornan (Tuaim Ard, Buailé Ráth Eornan)** (391).

### II 1.2.42 *Tulach* agus litriú an Bhéarla

Sa chéad áit atá an focal *tulach* sna logainmneacha agus caitear leis sa bhealach céanna i litriú an Bhéarla (*tulow*), **Tullowmagimma (Tulach Mhaigh Mo-Dhíomóg)** (65), **Tullowcreen (Tulach Chríon)** (380), **Tullowbeg (Tulach Bheag)** (436), agus **Tullowphelim (Tulach Ó bhFeilmidh)** (524).

Is é an tabharthach uatha de *thulach* atá ar fáil sna logainmneacha le *tulach* iontu de réir na bhfoinsí, ach tá leaganacha ar leith le feiscint i bhforbairt an fhocail seo. Chomh luath leis an 9ú haois, tá *Moithairea o Thilaig [Fh]ortcheirnn* (F. Oeng. 12Mh 148) againn (**Tullowphelim (Tulach Ó bhFeilmidh)**) (524). Sa bhliain 1050, tá an ginideach againn, *airchinneach Telcha Foirtcheirn* (ARÉ ii 856). Tá ginidigh éagsúla againn, mar shampla 12ú haois *Maothairean Tilcha Fortcheirn* (CSH 209), agus *os toraib Tulcha tinni* (CSH 701.4). Sa bhliain 1125, tá *i Tilaig* (CSH 247) againn agus sa bhliain 1170 tá *ó Thulaigh Foirtcheirn* (Mart Gorm. MH 12 lch. 114) ann. Cé go bhfuil *-ach* ar fáil sa bhliain 1185 *castellum de Tulach* (Reg. St. Thos. cxxx 113), is tearc ann é ina dhiaidh, mar shampla sa bhliain 1273 *apud Tholach* (Duiske 99), sa

bhliain 1300c *ville de Thulach* (*Reg. St. John* 405), agus chuaigh díom fianaise den -*ach* níos déanaí ná 1366 a fháil, *barony of Tullach* (*CPR Ed. II xii 272*). In áit -*ach*, tháinig *uath*, -*y* -(*e*)*o* agus -*agh*.

Thart ar an 13ú haois tagann -*uath* chun cinn, mar shampla sa bhliain 1192 (*de Tuluath in Ofelmyth* (*RBO* 9), sa bhliain 1289 *Tyllath* (*CDI II 559*), sa bhliain 1300 *Tuluath in Offelmyth* (*RBO* 158), agus sa bhliain 1306-7 i bhfoinse Béarla *4 knights' fees in Tylluath Offelmyth* (*CDI v 179*).

Is beag sampla sna foinsí de -*y*, ach amháin sa 16-17ú haois, mar shampla sa bhliain 1543 *Tully* (*CSP Ire. i 68*). San 16ú haois tá corrshampla de -(*e*)*o*, mar shampla sa bhliain 1540 *Tulleofelme* (*Fiants Hen. vii 514*), nó sa bhliain 1590 *Tulloe* (*Inq. Temp Gul & Mar. 1*).

Ba é -*agh* is coitianta anuas go dtí an 17ú haois. Tá -*agh* ar fáil chomh luath le 1279 *Tylagh* (*CJR i 141*), sa bhliain 1378 *apud Tillagh* (*R. Pat. Cl. 100 51*), chomh fada ar aghaidh leis an mbliain 1657c *Tullaghtown* (*Hib. Reg.*). Bíodh sin mar atá, is é -*ow* atá ann inniu, nach bhfuil ar fáil sna foinsí, ach go hannamh, mar shampla sa bhliain 1280 *the vill of Tullow* (*CDI ii 1740*), sa bhliain 1571 *Tullow* (*IMED 268*), sa bhliain 1647 *Tullow* (*CSP Ire. XVII 758*), agus níos déanaí sa bhliain 1760 *Tullow* (*Nevil' Wicklow*). Is fiú fuaimniú áitiúil an lae inniu a thabhairt chun cuimhne, / 'tu lə / (Fuaimniú Áitiúil (1, 67, 70).

Maidir leis an *tul-* san ainmfhocal *tulach*, tá éagsúlacht bealaí in úsáid lena cur i mBéarla, mar shampla *th-*, *til-*, *tyl-*. Níl ach sampla nó dhó aimsithe agam leis an litriú *th-*, mar shampla sa bhliain 1200c *ad Thulachfelme* (*Reg. St. Thos. cccli 304*), sa bhliain 1273c *apud Tholach* (*Duiske 99*), sa bhliain 1300c *in villa de Thulach* (*Reg. St. John 397*), agus sa bhliain 1303 *terre in Tholauth* (*RBO 5*). Is beag sampla den litriú *til-*, mar shampla sa bhliain 1204 *Tilachfortchin* (*Pontif Hib i 61*), sa bhliain 1304 *Tillagh* (*R. Pat. Cl. 6 55*), agus sa bhliain 1634 *baronies of... Tullagh* (*CSP Jas. i 140*). Is annamh chomh maith a thagaimid ar *tyl-* sna foinsí, ach mar shampla sa bhliain 1247 *barony of Tyllach* (*Knight Fees' 2*), sa bhliain 1305 *Tylaigh* (*CJR ii 49*), sa bhliain 1357 *at Tyllagh in Offelmyth* (*COD ii 27*), agus sa bhliain 1528 *Tyllogh* (*COD iv 121*). Ar ndóigh, ní gá a rá gurb é *tul-* coitianta tríd na foinsí síos.

Ag féachaint ar fhoinsí an logainm **Tullowcreeen (Tulach Chríon)** (380), tá -*agh* ar fáil sa 16ú haois ar a laghad, mar shampla sa bhliain 1544 *Tullaghkryne* (*COD iv 260*), agus sa bhliain 1625 *Tullaghcroyn* (*Inq. Temp. Car. I 5*).

Maidir leis an logainm **Tullowmagimma (Tulach Mhaigh Mo-Dhíomóg)** (65), is léir gurb ann do -*ach* san 15ú haois, ón tagairt sa bhliain 1424 *prebend of Tulach mochimna* (*Cal. Papal Letters vii 355*). An t-aon fhoinse a fuairas roimh leagan Uí Dhonnabháin le -*ow* ann, ná sa bhliain 1343 *the prebend of St. Columba of Tullowmagrinagh* (*Aff. Ire. 297*). Tá fianaise sna foinsí gur deineadh neamhaird den -*ach* sa logainm, gan fágtha de sna foinsí ach *tol-*, nó *tul-*. Níl ach sampla amháin de *tol-*, sa bhliain 1626 *Tolmigimo* (*Inq. Temp. Car. I 6*). Chomh luath le 1494, tá *apud Tulmogiman* (*Dowling 31*) againn, agus sa bhliain 1586 tá *Eccl[es]ia de Tulmaygma* (*Dioc. Leighlin 6*) ann. Is amhlaidh atá na tagairtí san 17ú haois, mar shampla sa bhliain 1657c *Tulmaghinagh* (*Hib. Reg.*), nó sa bhliain 1660c *Tulmagume Parish* (*BSD 79*), nó sa bhliain 1672c *Tulmagimah* (*Hib. Del.*).

Tá éagsúlacht le sonrú ar na foinsí don logainm **Tullowbeg (Tulach Bheag)** (436). Sa bhliain 1633 tá *Tullaghbegg al' Tullaghnemragher* (*Inq. Temp. Car.* i 39) againn. San aois chéanna is é *-ly* is coitianta, mar shampla sa bhliain 1635 *Little Tully*, nó sa bhliain 1660c *Tullybegg* (*BSD* 70). Tá *-ogh* ann sa bhliain 1672c *Tulloghbeg* (*Hib. Del.*). Tá *-oe* ar fáil freisin sna foinsí sa bhliain 1659c *Tulloebogg* (*Census 1554*), agus sa bhliain 1660c *of Tulloebegg* (*BSD* 68). Tá *-e* ann chomh maith sa bhliain 1660c *Tullebegg* (*BSD* 69). Níor éirigh liom teacht ar fhoinse ar bith roimh ré Uí Dhonnabháin le *-ow*, mar atá inniu ann. Is é / tulð 'beg / an fuaimniú áitiúil (8, 10, 17, 67, 70).

## II 1.3 Aistriúcháin

Tá leaganacha Gaeilge agus Béarla ar fáil de réir na bhfoinsí ar go leor logainmneacha, agus is léir gur aistriúcháin dhíreacha iad, bíodh is gur doiléir cé acu is túisce a bhí ann. Tá sé le léamh ar na foinsí ar na samplaí seo gur mhair leagan Gaeilge agus leagan Béarla comhaimsire le chéile, ach faoi thionchar an Bhéarla, ghéill an leagan Gaeilge.

In ainneoin gurb ionann *de Cartuamain* (*Balt* 188) ón 12ú haois agus **Chapelstown (Baile an Teampaill)** (21), dar le Nicholls (Nicholls 1985, 188, 200), *Chapel(s)ton* an leagan is coitianta a fuair sa 16ú haois, *Chapelston* mar shampla sa bhliain 1540 (*Ir. Mon. Poss.* 128). Tá tagairt ann ón mbliain 1546 nach bhfuil ann ach cruthú gurb ann don leagan Gaeilge, *Chapleton alias Ballytemple*, i rith an chéid chéanna (*COD* iv 292). Fiche bliain ina dhiaidh sin nach mór, sa bhliain 1564, tá an leagan Gaeilge ar fáil beag beann ar an leagan Béarla, *Ballytemple* (*COD* v 137). Bíodh sin mar atá, tagann an leagan Béarla in uachtar go mór ina dhiaidh sin san 17ú haois anuas go dtí inniu. Is léir gurb ann do *Garrynew* (*Inq. Temp. Car.* I) sa bhliain 1631 mar leagan Gaeilge ar **Newgarden (An) Garraí Nua** (63). As sin amach buanaíodh an litriú Béarla mar atá inniu; *Newgarden* (*BSD* 80; *ASE* 190); *Newgardens* (*Hib. Reg.*); *Newgardens* (*CSP Ire.* xxii 525). Bíodh is gur **Ballylennon (Baile Uí Leannáin)** (74) atá inniu ann, is léir gurb ann do leagan eile ceithre chéad bliain ó shin. In 1596, tá teacht ar *Ballylennan* (*CPR* ii *Eliz.* 38 375), agus *Ballylinan* sa bhliain 1668 (*ASE* 186). Thart ar 1660c b'ann do leagan eile, *Lenanstowne* ó fhoinsí Béarla éagsúla (*DS; Hib. Reg; BSD* 65, 86). Is díol suntais gurb í an leagan Gaeilge a d'fhág a rian ar leagan an lae inniu, murab ionann is **Chapelstown (Baile an Teampaill)** (21), agus **Newgarden (An) Garraí Nua** (63). Is maith is fiú breathnú ar **Ballynoe or Newtown (Baile Nua)** (99), mar atá ann inniu. Is iomaí tagairt don dá leagan a bheith in úsáid taobh le chéile tríd an 16ú agus 17ú haois. Tá an dá leagan ar fáil le chéile fiú in 1621 *Newtounne alias Ballinoe* (*Kavanagh Papers* 43) agus *Newtowne al' Ballynoe* (*Inq. Temp. Car.* I 63). Sa lá atá inniu ann, is annamh a úsáidtear an leagan Béarla (Fuaimniú Áitiúil 6, 10, 65).

Ag féachaint ar fhoinsí an bhaile fearainn **Newstown (Cloch Nua)** (103), bhí *Cloghnowe* (*COD* iv 287) agus *Neweston* (*Fiants Eliz.* 140) taobh le taobh san 16ú haois, ar aghaidh go dtí an 17ú haois nuair atá *Newstoane al' Cloghnoa* (*Inq. Temp. Car.* I 5) ar fáil sa bhliain 1625.

## II 1.4 Leagan Gaeilge, Leagan Béarla.

Uaireanta ní hionann an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla (mar a tharla i Loch Garman (de Vál 1987, 45)). Tharla seo go minic nuair a tháinig lonnaitheoirí go ceantar ar leith agus roghnaíonn siad a leagan féin mar ainm na háite beag beann ar an ainm áitiúil. I gcás **Burtonhall Demesne** (47), tagaimid ar sheainim na dúiche san 17ú haois, *Ulick Wale of Ballinakilly* sa bhliain 1653 (*T.C.D. MS. F. 2.5., p. 15*). Go luath tar éis do Chlann Burton teacht don cheantar, tháinig athrú ar an ainm, go *Burton Hall* mar atá in 1711 (*CGn. 52327.3474*). Is léir gur iarr úinéirí na talún sa bhliain 1839 ar oifigí na Suirbhéireachta Ordanáis ainm an logainm a athrú go hoifigiúil go **Burtonhall Demesne**.

Mhair an t-ainm *Painstown* anuas go dtí an 19ú haois; *Painstown* sa bhliain 1786 (*CGn. 376.384.251531*). Le teacht Clann de Bruen don cheantar go gairid ina dhiaidh sin, athraíodh an t-ainm go *Oakpark town and lands of Painstowne orse Oakpark* sa bhliain 1816 (*CGn. 708.236.484971*). Mar atá faoi láthair **Oakpark** (64) a úsáidtear go háitiúil.

Tháinig athrú ar **Ballygarret** san 19ú haois go **Sandbrook (Ballygarret or Sandbrook (Baile Ghearrailt))** (108). Mhair *Ballygarrett* sa bhliain 1741 (*Reg. Deeds abstracts* i 715). Faoin mbliain 1804, tá *Sandbrook* in úsáid (*Reg. Deeds abstracts* II 308). Ba *Ballygarrett or Bally[illaldin] or Sandbrook* atá in úsáid sa bhliain 1813 (*CGn. 650.51.452963*). **Sandbrook** a úsáidtear inniu go háitiúil.

Tugann *An Leabhar Branach* fianaise ar *Baile na Fuinnseóige (Leabhar Branach xviii 1661)*. Is léir gur **Constablehill** (444) atá ann agus gurb ann don leagan Gaeilge ón tagairt sa bhliain 1636, *Ballynefunshage al' Constablehill (Inq. Temp. Car. I 56)*. Ina dhiaidh sin, níor tháinig mé ar tagairt ar bith do *Bhaile na Fuinnseóige*, ach is léir gurb é seainim na háite.

Mhair *Killgarran* ina aonar anuas go dtí an 19ú haois, mar shampla sa bhliain 1773 *Killgarran (CGn. 301.333.201019)*. Tagaimid ar ainm eile sa bhliain 1809; *lands of Janeville heretofore called Killgarran (CGn. 623.38.426489)*. **Janeville** atá beo inniu, bíodh is gur **Kilgarran or Janeville (Coill Ghearrán)** (270) atá ar an léarscáil.

*Clonconagh* an t-aon leagan de **Clonachona (Cluain an Chonaidh)** (100) a fuair sa bhliain 1660c (*BSD 76*). Faoin mbliain 1796, áfach, tá tagairt do *part of the townlands of Clonohunna otherwise called Broomville (CGn. 506.40.327440)*. **Broomville or Clonachona (Cluain an Chonaidh)** (100) atá ar an léarscáil ach úsáidtear **Broomville** (Fuaimniú Áitiúil 10, 65).

Maidir le **Sherwood or Dukespark** (155), níor tháinig mé ar thagairt ar bith do **Dukespark** ach tháinig mé ar fhianaise gur ainm é **Sherwood** a mhair taobh le ainm eile san 16-17ú haois. Sa bhliain 1657c tá *Sherwood* luaite in *DS*, ach sa bhliain 1712 tá an tagairt *Raheen [?] agh als Sherwood* ar fáil (*C.Gn. 20.167.10179*). Tá an t-ainm le feiscint go soiléir sa bhliain 1798 *Raheen Ardagh orwise Sherwood (CGn. 531.52.347536)*, agus sa bhliain 1800; *Rahin Ardagh orwise Sherwood (CGn. 528.501.347537)* agus 1802; *Raheen Ardage orwise Sherwood (CGn. 546.244.359797)*. **Sherwood** agus **Dukespark** atá inniu agus tá *Raheen ardagh* cailte (10).

Sa bhliain 1125c a thagaimid ar an logainm **Rutland or Urglin (Úrghleann)** (84) sna foinsí, *i fail Irchulind (CSH 81)*. Sa bhliain 1302-6 tá *Urkelyn (CDI v 251)* agus sa bhliain 1387 *ecclie pochialis de Urghlyn in dioc' Loghlyn (R Pat. Cl. 126b 178)*. Faoin mbliain 1522, tá *Urghlen* againn (*Dowling 34*), agus mar sin ar aghaidh. Sa bhliain 1699c tá tagairt ann do *Edmund Wall, Rutland (Ir. Jac. 41 22v)*, agus minic go leor ina dhiaidh sin; *Rutland* sa bhliain 1711 (*CGn. 52.327.34742*), sa bhliain 1793 *Rutland (CGn. 466.331.297848)*. Is beag éagsúlacht atá le sonrú ann ach tá foinsé amháin ann gurb fhiú súil a chaitheamh air ón mbliain 1780; *Rutland, by the Irish called Rutlo (Luckombe 79)*. Tá an dá ainm in úsáid inniu (32, 43).

### II 1.5.1 *-each* > *agh* i litriú an Bhéarla.

Ach is mar *-agh* a litrítear *-each* i mBéarla, **Quinagh (Cúinneach)** (7), **Moanamanagh (Móin na Manach)** (35), **Rathnashannagh (Ráth na Sionnach)** (38), **Cappagh (An Cheapach)** (114), **Barragh (Barrach)** (134), **Bunnagurragh (Bun na gCurrach)** (137), **Knockbarragh (Cnoc Barrach)** (150), **Ballaghmore (Bealach Mór)** (181), **Leagh or Ballybeg (Leamhach)** (213), **Curragheruit (Currach na Cruite)** (243), **Kildreenagh (Cill Draighneach)** (248), **Fennagh (Fionnmhach)** (267), **Rathnageeragh (Ráth na gCaorach)** (278), **Crannagh (Crannach)** (286), **Raheendarragh (Ráithín Darach)** (293), **Ballinabranagh (Baile na mBreatnach)** (343), **Baunreagh (Bán Riach)** (359), **Farranacurragh (Fearann an Churraigh)** (363), **Knocknabranagh and Knockbaun (Cnoc na mBreatnach agus Cnoc Bán)** (367), **Ballaghaclay (Bealach (Átha) Cléithe)** (406), **Croneskagh Lower, Upper (Crón na Sceiche)** (416, 417), **Ballysallagh Lower, Upper (Baile Saileach)** (439, 440), **Curragh (Currach)** (445), **Coolmanagh Lower, Upper (Cúil na Manach)** (462, 463), **Kineagh (Ci(o)nn Eich)** (473), **Coppenagh (Copánach)** (516), **Ouragh (Odhrach)** (520), **Clanagh (Cluaineach)** (562), **Dranagh (Draighneach)** (564), agus **Mullannaskeagh (Mullán na Sceach)** (575).

### II 1.5.2 *-each* > *-ow* i litriú an Bhéarla.

Úsáidtear *-ow* uaireanta le *-each* a chur i litriú an Bhéarla; **Carlow (Ceatharlach)** (10), **Tullowbeg (Tulach Bheag)** (436), agus **Tullowphelim (Tulach Ó bhFeilmidh)** (524). Anseo ní mór an leagan foghraíochta a chur san áireamh, / 'karlð / (Fuaimniú Áitiúil 9, 67) nó / 'k' arlð / (Fuaimniú Áitiúil (27); / tulð 'beg / (Fuaimniú Áitiúil (8, 10, 17, 67, 70); / 'tu lð / (Fuaimniú Áitiúil (1, 67, 70).

### II 1.5.3 *-each* > *a* i litriú an Bhéarla.

Tá roinnt logainmneacha ina n-úsáidtear *-a* le *-ach* a chur i litriú an Bhéarla; **Cappawater (Ceapach Uaitéir)** (185), **Rossacurra Ros an Churraigh** (195), **Gormona (Gormeanach)** (246), **Drumfea (Droim Féich)** (266), **Bahana (Beitheanach)** (548), agus **Turra (Torach)** (586).

### II 1.5.4 *-each* > *ah* i litriú an Bhéarla.



Úsáideadh *-h* le *-each* a chur i litriú an Bhéarla sa logainm **Larah (Láithreach Thaidhg)** (123).

#### II 1.5.5 *-each* > *y* i litriú an Bhéarla.

Sa logainm **Kilmeany (Coill Mheánach)** (4), tá *-y* in úsáid leis an deireadh neamhaiceanta *-each* a chur i litriú an Bhéarla. Is é an fuaimniú áitiúil ná; / kil 'me:n /, agus / kil 'mi:n / (Fuaimniú Áitiúil (8, 9, 63).

#### II 1.5.6 *-aigh* > *agh* i litriú an Bhéarla.

Bíonn *-agh* in úsáid leis an deireadh neamhaiceanta *-aigh* a chur i litriú an Bhéarla, mar shampla sna logainmneacha **Moanacurragh (Móin an Churraigh)** (5), agus **Ballycurragh (Baile an Churraigh)** (165).

#### II 1.5.7 *bh* > *ow* i litriú an Bhéarla.

Baintear feidhm as *-ow* le *-bh-* láir a chur i litriú an Bhéarla sna logainmneacha seo; **River Barrow, An Bhearú** (613), agus **Ballylower (Baile Lobhar)** (110); fuaimniú áitiúil; / bal 'lo:r / (10) Maidir leis an **mBearú**, chomh luath leis an 13ú haois, tá an litriú *Barow* againn i bhfoinse Béarla (*Alen* 35), agus tá fáil ar an litriú seo go minic ón 14ú haois amach. Fiú i gcás an logainm **Garryhill (Garbhchoill)** (245), san 16ú haois faighimid an litriú *Garrowkyll* i bhfoinse Béarla (*CPR i Edwd.* vi II 177). Is é an fuaimniú áitiúil ná / garɪ 'hil / (7, 18, 49), / 'garɪ hɪl / (26-7, 29-32, 60, 72)

#### II 1.5.8 *-bh* > *y* i litriú an Bhéarla

Sa logainm **Garryhill (Garryhill)** (245), tá *-y* in úsáid le *-bh-* a chur i litriú an Bhéarla. Is forbairt dhéanach é seo de réir na bhfoinsí. I bhfoinsí Béarla, is iad *-ow-*, *-aw-*, *-g-* is coitianta a úsáidtear san 16ú haois leis an *-bh-* láir a chur i litriú an Bhéarla. San 17ú haois, is minic a fhágtar ar lár é, mar atá againn sa bhliain 1602, *Garkill (Fiants Eliz.* 6632). Tugaimid suntas don litriú *Garrichill* sa bhliain 1631 (*Inq. Temp. Car.* I 27). Sa bhliain 1667 a thagaimid ar dtús ar *-y-* in úsáid mar atá, *Garryhill (ASE* 134).

#### II 1.5.9 *-th-* láir *caillte* i litriú an Bhéarla.

I litriú an lae inniu, níl aon rian den *-th-* láir fágtha sna logainmneacha seo; **Carlow (Ceatharlach)** (9), **Grangeford (Gráinseach Fhotharta)** (32, 33), **Moyle Big, Little (Maothail)** (43, 44), **Barony of Forth (Fothairt)** (85), **Ballinabranagh (Baile na mBreatnach)** (343), **Coolnakeeran (Cúl na gCaorthann)** (361), agus **Walshtown or Ballynabranagh (Baile na mBreatnach)** (587). Sna logainmneacha seo, ní mór a adhmháil gur iomaí litriú anuas go dtí an 18ú haois le *-th-*, nó *-h-* ann, mar shampla, *Catherlough* sa bhliain 1736 (*CGn.* 83.498.59975), Ag féachaint dúinn ar fhoinsí an

logainm **Gráinseach Fhotharta (Grangeford)** (32, 33), is é an litriú *Gra(u)ngefort(e)* is coitianta san 16-17ú haois.

#### II 1.5.10 *-th- láir > h* i litriú an Bhéarla.

Níl fágtha den *-th-* láir sna logainmneacha seo a leanas i litriú an Bhéarla ach an litir *-h-*, **Boherduff (Bóthar Dubh)** (236), **Bohermore (Bóthar Mór)** (237), agus **Bahana (Beitheanach)** (548) (McManus 1994, 351). Tá sé le léamh ar fhoinsí an logainm **Boherduff (Bóthar Dubh)** (236) gur cailleadh an *-(t)h-* ar fad, mar atá sa bhliain 1570c *Bure Duffe (Baronia Udrone)*, agus sa bhliain 1690 *Boreduffe (Inq. Temp. Gul. & Mary Reg. I)*. Is é an litriú *Boherduffe* is coitianta i bhfoinsí Béarla san 16-17ú haois **Boherduff, (Bóthar Dubh)** (236). Is é an litriú *Bohermore* an litriú coitianta ar an logainm **Bohermore (Bóthar Mór)** (237), in ainneoin an litriú *Booremoore* sa bhliain 1660c (*BSD* 92). Ar na foinsí agam den logainm **Bahana (Beitheanach)** (548), is é an litriú *Benana(ugh)* is coitianta san 17ú haois.

#### II 1.5.11 *-dh- láir cailte* i litriú an Bhéarla

Ó thaobh fuaimne de, tá sé suimiúil gurb é an litriú *Knockbore, Knockbour* an litriú is coitianta a fhaighimid san 17ú haois, ó fhoinsí an logainm **Knockbower (Cnoc Bodhar)** (70). Tá an litriú *Knockbower* ann sa bhliain 1569 (*CSP Ire.* i 416), mar atá i leagan an lae inniu. Tá *-dh-* láir sa logainm **Ouragh (Odhrach)** (520), cailte ar fad sna foinsí san 17ú haois, nuair a fhaighimid an litriú *Orughe*.

#### II 1.5.12 Tuiseal Ginideach iolra i litriú an Bhéarla

Tá sé spéisiúil breathnú ar an mbealach ar cuireadh litriú an Bhéarla i bhfeidhm ar logainmneacha leis an struchtúr, *ainmfhocal, an t-alt agus ainmfhocal eile*. Nuair nach féidir urú a chur isteach, maireann fuaim an dara hainmfhocail mar atá i litriú na Gaeilge, mar shampla, **Moanamanagh (Móin na Manach)** (35), **Rathnashannagh (Ráth na Sionnach)** (38), **Coolnasheegan (Cúil na Síogán)** (187), **Graiguenaspiddoge (Gráig na Spideog)** (212), **Seskinnamadra (Seisceann na Madradh)** (339), agus **Rathnagrew Lower, Upper (Ráth na Graí)** (455, 456). Tá sé suimiúil go bhfuil an litriú Béarla agus an fhoghraíocht áitiúil dílis don urú, mar shampla *bh* ar ainmfhocail ag tosnú leis an litir *f*; **Moanavoth (Móin na bhFód)** (503), agus **Mullanavode (Mullán na bhFód)** (576). Sampla eile ná na t-urú *g* ar ainmfhocail a thosnaíonn le *c-*; **Bunnagurragh (Bun na gCurrach)** (137), **Rathnageeragh (Ráth na gCaorach)** (278), **Coolnakeeran (Cúl na gCaorthann)** (361), **Tinnagarney (Tigh na gCeithearnaigh)** (399), **Knocknagundarragh or Scortreen (Cnoc na gCondúnach nó Scairtín)** (545), **Aghnaglear (Áth na gCliar)** (547), agus **Mullannagaun (Mullán na nGamhan)** (577). Eisceacht sa tréith seo is ea an logainm **Coolnacuppage (Cúil na gCopóg)** (329), gan urú le feiscint san litriú agus san fhuaimniú litriú / ku:l nð 'kupog/ (Fuaimniú Áitiúil 32, 51), / ku:l nð 'kupo:g / (Fuaimniú Áitiúil 12, 20, 49).

#### II 1.5.13 *óg* i litriú an Bhéarla (Foirm díspeagtha)

Is é an litriú Béarla *-oge* a úsáidtear le *óg* na Gaeilge a chur i litriú an Bhéarla, mar a atá sna logainmneacha; **Baunogenasraid (Bánóg na Sráide)** (28), **Baunogephlore (Bánóg an Phlúir)** (29), **Glenoge (Gleannóg)** (31), **Rathcrogue (Ráth Caróg)** (72), **Ballymogue (Baile Maedhóg)** (111, 205), **Drisoge (Driseog)** (121), **Graiguenaspiddoge (Gráig na Spideog)** (212), **Coonogue (Cúinneog)** (285), **Coolnacuppoge (Cúil na gCopóg)** (329), agus **Kilmagarvoge (Cill Mo Gharbhóg)** (518).

#### II 1.5.14 *-gh* i litriú an Bhéarla

Tá an litriú *gh* ar fáil i mbreis agus 48 logainm. Tá breis agus 37 logainm orthu seo, ag tagairt do *-ch-* (McManus 1994, 354), mar shampla an *-ch-* i bhfocail cosúil le *achadh, bealach, Breatnach, cloch, currach, draighneach, sceach*, agus araile. Féach **Aghanure (Achadh an Iúir)** (60), **Agha (Achadh)** (215), **Aghabeg (Achadh B(h)eag)** (324), **Agharue (Achadh Rua)** (381), **Ballaghmore (Bealach Mór)** (181), **Ballaghaderneen (Bealach an (?))** (255), **Ballaghaclay (Bealach Átha Cléithe)** (406), **Ballinabranagh (Baile na mBreatnach)** (343), **Knocknabranagh and Knockbaun (Cnoc na mBreatnach agus Cnoc Bán)** (367), **Walshtown or Ballynabranagh (Baile na mBreatnach)** (587), **Barragh (Barrach)** (134), **Knockbarragh (Cnoc Barrach)** (150), **Cloghna (Cloch an Átha)** (25), **Cloghrystick (Cloch Christie)** (26), **Crannagh (Crannach)** (286), **Croneskagh Lower, Upper (Crón na Sceiche)** (416, 417), **Coppenagh (Copánach)** (516), **Curragh (Currach)** (495), **Curraghcruit (Currach na Cruite)** (243), **Moancurragh (Móin an Churraigh)** (5), **Ballyroughan Big, Little (Baile Uí Ruacháin)** (591, 592), **Ballysallagh Lower Upper (Baile Saileach)** (439, 440), **Booldurragh (Buaille Dhorcha)** (314), **Kildreenagh (Cill Draighneach)** (248), **Dranagh (Draighneach)** (564), **Kilconnaught (Cill Chonnacht)** (450), **Killoughternane (Cill Uchtarnáin (?))** (335), **Knockdramagh (Cnoc Droma)** (191), **Raheendarragh (Ráithín Darach)** (293), **Knocknagundarragh or Scortreen (Cnoc na gCondúnach nó Scairtín)** (545), **Moanamanagh (Móin na Manach)** (35), **Monaughrim (Móin Achrainn)** (610), **Moneygrogh (Móin na gCruach)** (153), **Mullanaskeagh (Mullán na Sceach)** (575), **Rathnageeragh (Ráth na gCaorach)** (278), **Tomnaslough (Tamhnach na Saileach (?))** (400), agus **Baunreagh (Bán Riach)** (359).

Tá logainmneacha eile ann leis an *gh* seo sa litriú Béarla agus seasann sé don *-th-* san fhocal *áth* (McManus 1994, 351-2), mar shampla **Aghade (Áth Fiothaid)** (86), **Aghnaglear (Áth na gCliar)** (547), **Aghwater (Áth Uaitéir)** (27). Tá dhá logainm le *-th-* scríofa mar *-gh-*; **Tombeagh (Tom Beithe)** (458), agus **Sragh (Srath)** (124). Tá trí logainm eile agus *gh* atá sa leagan Béarla chomh maith; **Labanasigh (Leaba na Soithe)** (249), **Leighlinbridge (Leithghlinn an Droichid)** (217), agus **Oldleighlin (Seanleithghlinn)** (371). Féach freisin ar **Ballyshancarragh (Baile Sheangarraí)** (597), **Bough (Ní léir an brí)** (484), agus **Broughillstown (Baile an Bhruthálaigh)** (485).

Maidir leis an logainm **Roslee (Ros Liath)** (196), is léir ó na foinsí gur *-leagh* a bhí in úsáid mar litriú Béarla anuas go dtí 1758 *Rosleagh otherwise Rusleagh (CGn. 191.238.127761)*. I leagan Béarla an lae inniu, níl rian de. Níor éirigh liom foinsé

níos sine ná leagan Uí Dhonnabháin a fháil den logainm **Rossacurra (Ros an Churraigh)** (195).

## II 1.5.15 -y- i litriú an Bhéarla

Tá fuaimneanna éagsúla ag -y- i litriú an Bhéarla. Is í an fhuaim /ði/ atá ag -y- i logainmneacha cosúil le **Myshall (Míseal)** (193), **Raheenkyle (Ráithín Coill)** (294), **Seskinryan (Seisceann Uí Riain)** (311), **Parknakyle (Páirc na Coille)** (372), agus **Kyle (Cill Ráth Gine (?))** (529). Nascann an fhoghraíocht /kðil/ ag an logainm **Kyle (Cill Ráth Gine (?))** (529) Gaeilge an cheantair le Gaeilge na nDéise (Ua Súilleabháin 1994, 484). Leis an oiread sin sloinnte luaite sna logainmneacha, tá sé spéisiúil nach ann do *uí* ar aghaidh i litriú an Bhéarla in aon chor ach in dhá logainm, áit a fhreagraíonn -y- dó, **Coolyhune (Cúil Uí Chuáin)** (563), agus **Knockymullgurry (Cnoc Uí Mhaoil Gharaidh)** (572). Ar ndóigh, tá **Uí Dhróna** (214), agus **Uí Cheinnselaigh** (622), ann chomh maith. Úsáidtear an -y- arís sna logainmneacha seo a leanas agus an fhoirm Ghaeilge chéanna i gceist, **Corrymore or Corries (Coraí)** (303), **Glannahary (Gleann na Cora)** (305), agus **Corry Beg or Cureenree (Cora Bheag nó Cora an Rí)** (330). Tá an -y- le feiscint i litriú Béarla na logainmneacha seo a leanas freisin, **Killyshane (Coill Sheáin)** 82), **Lasmaconly (Lios Mhic Conghaile)** (192), **Farranafreney (Fearann an bhFréineach)** (352), **Tinnagarney (Tigh na gCeithearnaigh)** (399), **Stralusky (Srath Loiscthe)** (468), **Rathvilly (Ráth Bhile)** (507), agus **Leany (Léana)** (609). I gcás an logainm **Ballyryan (Baile Uí Riain)** (67) úsáidtear -ya- le /ɪð/ a chur i litriú an Bhéarla.

Feicimid rian den alt i litriú Béarla na logainmneacha, **Ballynunnery (Baile an Iomaire)** (166), **Nurney (An Urnaí)** (321), agus **Ballynattin (Baile an Aitinn)** (382). Tháinig -h- isteach roimh an sloinne sa logainm **Ballyhegan (Baile Uí Ágáin)** (554).

## II 1.5.16 / i: / i litriú an Bhéarla.

Maidir leis an bhfuaim / i: /, is í -ee- is coitianta a úsáidtear le litriú an Bhéarla a chur uirthi. Feicimid é i sloinne duine **Ballykeenán (Baile Uí Chianáin)** (132, 590), mar shampla. Nuair atá an fhoirm dhíspeagtha i gceist is é an leagan scríofa Béarla -een atá againn, **Gorteengrone (Goirtín Eoghain)** (79), **Rahcenkillane (Ráithín Chill Áine)** (130), **Raheen (Ráithín)** (154, 373, 428), **Raheenliegh (Ráithín Liath)** (194), **Cloneen (Cluainín)** (216, 320), **Ballaghaderneen (Bealach an (?))** (255), **Raheendarragh (Ráithín Darach)** (293), **Raheenkyle (Ráithín Coill)** (294), **Raheenwood (Ráithín na Coille)** (318, 347), **Raheendoran (Ráithín Deoráin)** (348), **Raheenadaw (Ráithín Uí Dheá)** (479), **Knocknagundarragh or Scortreen (Cnoc na gCondúnach nó Scairtín)** (545), **Ballyglisheen (Baile Glaisín)** (553), agus **Knockeen (Cnoicín)** (571). Tá ocht logainm eile ann agus tá an -i- ina chuid den mhír Ghaeilge mar shampla *lín, síodhán, púirín, íseal, rí*, **Ballyleen (Baile Lín)** (109), **Garreenleen (Garraí an Lín)** (167), **Craanpursheen (Corrán Púirín)** (119), **Coolnasheegan (Cúil na Síogán)** (187), **Killeeshal (Cill \ Coill Íseal)** (347), **Kilree (Cill Rí)** (336), **Ballinree (Baile an Rí)** (325), agus **Corrybeg or Currenree (Cora Bheag, nó Cora an Rí)** (330, 331). Ní i gcónaí a bhíonn -ee- ag tagairt do -í-, ach do -ao-, i gcás na logainmneacha **Coolnakeeran (Cúl na gCaorthann)** (361), agus **Rathnageeragh (Ráth na gCaorach)** (278).

Tá ceithre logainm ann le *-í-* iontu, mar shampla, ach ní úsáidtear *-ee-* i litriú an Bhéarla, ach *-e-*, mar shampla, **Portrushen Lower Upper (Port Roisín)** (470, 471), agus **Knocklishen Beg, More (Cnoc Lisín)** (499, 500). Tá trí logainm eile ann agus úsáidtear *-ee-* le *-ia-* na Gaeilge a chur i litriú an Bhéarla; **Greenane (Grianán)** (52), **Ratheeragh (Ráth Fhiachrach)** (104), agus **Kildreenagh (Cill Draighneach)** (248).

## II 1.5.17 / v / > v i litriú an Bhéarla

Anseo is maith is fiú a thabhairt faoi deara go n-úsáidtear *-v-* leis an bhfuaim / v / a chur (*-bh-*, *-mh-*), mar shampla *-bh-*; **Rathvarrin (Ráth Bhairinn)** (105), **Ballinvally (Baile an Bhealaigh)** (106), **Ballyvolden (Baile Bhalduín)** (112), **Ballinvally (Baile an Bhealaigh)** (131), **Lisgarvan (Lios Garbháin)** (170), **Ballyveal (Ní léir an brí)** (176), **Ballinvally and Kiltennell (Baile an Bhealaigh agus Cill tSinchill)** (280), **Cranevonane (Corrán Bhunáin)** (386) **Rathvinden (Ráth Bhindúin)** (389), **Rathvilly (Ráth Bhile)** (507), **Kilmagarvoge (Cill Mo Gharbhóg)** (518), **Slievedurda (Sliabh Durda)** (582); **Knockevagh (Cnoc na bhFeá)** (498), **Lisnevagh (Lios na bhFeá)** (502), **Moanavoth (Móin na bhFód)** (503), **Mullanavode (Mullán na bhFód)** (576), *mh*; **Minvaud Lower, Upper (Mín Mháid)** (425, 426), **Porchavodda (Póirse an Mhadaidh)** (453), agus **Kildavin (Cill Damháin)** (599). Féach freisin **Ballyvergal (Baile Uí Mhorghail)** (76), (Ua Súilleabháin 1994, 487; Williams 1994, 472, 474).

## II 1.6 *villa-*, *-ton*, *-town*, *baile-*, *bally-*

Is léir go bhfuil eolas ar fhorbairt an fhocail *town* le sonrú ó na foinsí. Go n-inic bíonn soiléiriú ar fáil uathu ar bhunús an ainm. De ghnáth, más sloinne atá ann, tagaimid ar ainm an té a thug a ainm don áit, is costúil; *de villa David Bosch* mar shampla i gcás **Busherstown** (48), (*Pontif. Hib.* i 72) ón 13ú haois. Agus tacaíonn foinsí comhaimsire eile le an bhfocal *villa* sin, *de villa Laurence Boscher* mar shampla (*IMED* 3) agus ar aghaidh go dtí an 14ú haois le *Villa Laurence Boscher (COD* i 74). Sa 14ú haois freisin, áfach, tagann forbairt ar an ainm; le *Boscherstoun (CJR* II 175), agus *de Bosschereston (Reg. Kilmain* 96). Is gné choitianta an *-ton* seo ar fhorbairt go leor logainmneacha, mar shampla **Powerstown (Baile an Phaoraigh)** (24), **Waterstown (Baile Uaitéir)** (511). Is ann do *-ton* san 15ú haois mar shampla in *Bosserston (Ir. Mon Poss.* 98) agus san 17ú haois, *Busherston (Inq. Temp. Car.* I 1). Is san 16ú haois is túisce a thángas ar fhoinse de *-town* (seachas *-ton*) le *Busshirestowne (Fiants Eliz* 4558). Tá go leor samplaí den *-town* seo uaidh sin ar aghaidh, cés móite de na foinsí Laidine sa bhliain 1586c *eccl[es]ia de Bosherton (Dioc. Leighlin* 6).

Is fiú súil a chaitheamh ar **Gilbertstown (Baile Ghilbeairt)** (168), logainm a thugann forbairt ainm chun solais. Sa 13ú haois, bhí *church ville Gilberti (CDI* 251) ann, ach feicimid *-ton* nasetha leis an ainm pearsanta faoin mbliain 1540 *Gylbertston in Fort (Ir. Mon. Poss.* 124). Tháinig an logainm seo faoi anáil láidir na Gaeilge mar a thaispeánann an tagairt sa bhliain 1550-1 *Ballygillebert (Fiants Ed.* vi 719), sa bhliain 1557-8 *Balligilbert (CPR Phil & Mary* 385), agus sa bhliain 1604 *Balligilbert (IPR Jas.* I 41a, 52b). Ina theannta seo, mhair *-ton* ar aghaidh ar a laghad go dtí 1618, mar

atá, *Gilbertston* (*Inq. Temp. Jac I 4*). Ghéill *-ton*, agus *bally-* do *-town* sa leagan Béarla i rith an ama chéanna *Gilbertstowne* (*DS, BSD 65, 74, 79*).

Chímíd an fhorbairt chéanna ar **Tankardstown (Baile Thancaird)** (523). Tá an focal *villa-* agus sloinne le feiscint ón 13ú haois *ecclesie ... de Villa Tancardi* (*Pontif. Hib. ii 297*), *Villa Tankardi* (*COD i 125*), *the manor of Villa Tancardi* (*COD i 129*), *ecclesie de ... Villa Tancardi* (*Pontif. Hib. ii 495*), agus church de *Villa Tancardi* (*CDI v 251*). Sa 14ú haois, tá fianaise ar *-ton* buailte linn; *Tankardeston* (*COD ii 91, 92*). Níor tháinig mé ar fhianaise ar *-town* go dtí an 16ú haois; *Tankardistown* (*COD iv 287*), a bhí taobh le taobh le *Tankardistown* (*COD iv 289*) agus *Tankardiston* (*Fiants Ed. vi 1020*). Bíodh is gur mhair *-town* go dtí an lá atá inniu ann, is amhlaidh a bhí leagan eile beo sa 16ú agus 17ú haois, mar is léir ó na foinsí, *of Balihankerd* sa bhliain 1562 (*COD v 126*), agus *Ballyhankard* sa bhliain 1601 (*COD vi 113*). Is cosúil go ndeachaigh an logainm seo faoi anáil na Gaeilge agus an focal *baile* roimh an sloinne, ach ba lag an iarracht í, agus is tearc na tagairtí di. De réir na bhfoinsí ón 16ú haois agus ar aghaidh, b'ann do *Tankardstowne* (*BSD 70*), agus go leor samplaí eile dá leithéid.

Feicimid an fhorbairt chéanna de réir na fianaise ar an logainm **Haroldstown** (465). Sa chás seo, tagraítear sa bhliain 1302-6 do dhuine darb ainm Harold, *church of the vill of Harold* (*CDI v 242*). De réir mar a bhí againn thuas, faoin 16ú haois, tá an focal *villa-* agus ainm nó sloinne ina dhiaidh cailte is cosúil agus tá a áit tógtha ag an *-ton*, a ghéill do *-town* go luath sa 17ú haois; *Harrolliston* sa bhliain 1548-9 (*Fiants Ed. vi 240*), agus *Harrowliston* sa bhliain 1614 (*COD vi 171*), ach sa bhliain 1618 tá *Horrelstowne* againn (*IPR Jas. I 458b*) atá ann inniu.

Ag breathnú ar fhoinsí an logainm **Painestown or Oakpark (Ainm Béarla)** (64), sa bhliain 1302-6 luaitear sloinne leis an bhfocal *villa*; *Villa Pagani* (*Price; CDI Tax 249*) agus sa bhliain 1448 tá *Paneston* againn (*Cal. Papal Letters x 524*). Tá *-ton* seo ar fáil i litriú an logainm san 17ú haois, sa bhliain 1604, *Painston* (*IPR Jas. I 58b*). Tá teacht ar *-town(e)* san 16ú haois, *Painstowne* (*Cal. Carew MSS iv 481*).

Bíodh is nach bhfuil fianaise agam ar an bhfocal *villa-* i gcás **Powerstown (Baile an Phaoraigh)** (24), bhí *-ton* fáil san 16ú haois, *Poweriston* (*Kildare Rental 122*), *Powerston* (*Cal. Carew MSS i 128*), agus *Powerston* in 1565-6 (*Fiants Eliz. 808*). I rith an ama chéanna, bhí *-town* taobh le *-ton* mar is léir, *Poerstown* sa bhliain 1538 (*COD iv 178*). Cosúil le **Tankardstown (Baile Thancaird)** (523), tá fianaise ghann ann gur imir an Ghaeilge tionchar ar an logainm. An t-aon fhianaise a fuaireas di ná sa bhliain 1570, leis an tagairt *Poerston alias Ballynephoerye* (*COD v 190*). Tugann na fianaisí cruthú ar thionchar an Bhéarla ar fhorbairt an logainm. Féach **Waterstown (Baile Uaitéir)** (511), mar shampla, a raibh leagan Gaeilge *Ballywalltryn*, (*Fiants Ed. vi 625*), ar fáil sa bhliain 1550, agus *Ballywalter* sa bhliain 1566 (*Fiants Eliz. 911*) agus ar aghaidh chomh déanach le 1613 *Ballywalter* (*IRR Jas I 255b*) agus le 1635 *Ballywalter* (*Inq. Temp. Car. i 48*). Ina theannta sin, tá *Walterston* ar fáil sna foinsí ón mbliain 1581 (*Fiants Eliz. 3727*), agus fiú in 1601 of *Walterston* (*Fiants Eliz. 6517*). Faoin mbliain 1618, tagann *-town* chun cinn, *Walterstown* (*IPR Jas i 458b*), atá ann go fóill, beag beann ar thionchar agus anáil na Gaeilge.

Is fiú súil a thabhairt ar fhorbairt **Tobinstown (Baile Thóibín)** (509) de réir na bhfoinsí. Léiríonn an tagairt ón mbliain 1566 *Ballytobyn (Fiants Eliz. 911)*, agus sa bhliain 1583-4 *Ballitobyn (Fiants Eliz. 4314)*, gur tháinig an logainm seo faoi anáil na Gaeilge. Bhí *baile* le sloinne ina dhiaidh, ag géilleadh do *-ton* faoin mbliain 1578 *Tobenston (Ficnts Eliz. 3494)* agus sa bhliain 1618 *Tobinstown otherwise Ballytobin (IPR Jas 1 349a)*.

Ach ba é *-town* de réir na bhfoinsí a d'imir an tionchar is mó ar fhorbairt an logainm seo. Féach, mar shampla, *Tobinstown* ón mbliain 1618 (*IPR Jas I 458*), agus leanann na tagairtí eile an claonadh seo ar aghaidh go dtí anois. Tá an tréith chéanna le feiscint i bhforbairt an logainm **Linkardstown (Baile (?))** (71), a raibh rian na Gaeilge air sa bhliain 1590 *Ballinlinck (Fiants Eliz. 5483)*, sa bhliain 1601 *Ballinlinkerd, (Fiants Eliz. 6543)*, agus sa bhliain 1623 *Ballylincard* agus *ter de Ballylinkard (Inq. Temp. Car. I 6)*. Tá fianaise againn de *-town* againn in 1626 *Lynkardstowne (Inq. Temp. Car. I 10)*, agus sa bhliain 1657c *Linkinstowne (DS)*.

Níl aon easpa samplaí ó na foinsí den fhorbairt seo sna logainmneacha, **Williamstown (Baile Liam)** (512), mar shampla a bhfuil tagairt dó i *Leabhar Branach, fá Bhaile Uilliam (Leabhar Branach xvii 1770)*. Ní mór bheith cúramach faoin tagairt seo, agus faoi thagairtí do áiteanna eile sa chontae seo atá luaite sa leabhar sin, mar ní fios an leagan an fhile atá ann nó an leagan beo atá ann ag an am. *Williamston* an litriú is luaithe a d'aimsigh mé (*Fiants Eliz. 878*) le *-ton* a bhfuil go leor samplaí eile ar fáil dó chomh déanach leis an mbliain 1601 *Williamston (Fiants Eliz. 6534)*. Is léir ó na foinsí gur leagan beo ag an am é an leagan ón *Leabhar Branach*, mar shampla ón mbliain 1583-4 *Balliwilliam (Fiants Eliz. 4314)* agus ón mbliain 1622 *Ballywilliam (IPR Jas I 510a)*. Chomh luath le 1576, tá tagairt ar fáil do *Williamstown (COD v 280)*, a bhfuil tagairtí ar fáil dó go flúirseach ó 1657 ar aghaidh *Williamstown(e) (Hib. Reg.; DS; Census 355; BSD 70; Hib. Del)*.

I gcás **Pollerton Big (Baile Pholaird)** (15), deineann Nicholls amach gurb iad na tagairtí *Magister Cilli Magistrech (CSH 259)* agus *usque Kelmagistrath (Balt 190)*, a fhreagraíonn do **Pollerton** an lae inniu (*Nicholls 1985, 200*). Ina ainneoin sin, an tagairt is luaithe atá agam don logainm seo nó *Pollardiston (Accounts St. Mary ii 92)* sa bhliain 1540. Maireann an *-ton* ar aghaidh go 1632-33 *Pollardston (CPR Chrls. 656)*. Níor tháinig mé ach ar chúpla tagairt do leagan Gaeilge beo den logainm seo, an ceann is luaithe ón mbliain 1544 *Pollardiston or Ballypollarde (COD iv 267)*, agus ón mbliain 1632 *Pollardstowne al' Ballyfullard (Inq. Temp. Car. I 34)*. Níor éirigh leis an leagan seo ach oiread fanacht go buan agus faoin mbliain 1657c tá *Poll(e, a)rdstown(e)* gan smál againn, (*Hib. Reg., DS, BSD 65, 82, 86*). Sa bhliain 1777, tá an litriú *Pollardstown* ann (*C. Gn. 586. 548.259437*), agus fianaise ann ó léarscáil Taylor & Skinner gurb ann do *Pollerton* chomh luath le 1777 (*Taylor & Skinner 118*). Tá sé spéisiúil gurb é *Pollacton House* ainm an tí a thóg Clann Burton san 19ú haois agus é á fhoghrú / 'polðxtôn' / (Fuaimniú Áitiúil 43), chun é aithint ó ainm an bhaile fearainn (*Gallwey 1970, 68*).

Maidir le **Kernanstown (Baile Uí Chearnacháin)** (12), is cosúil gurb ann don sloinne agus an focal *bally* roimhe san 14-16ú haois; *Balym<sup>c</sup>cueran (Price; COD i 846)* sa bhliain 1350 agus *Ballikernin* sa bhliain 1407 (*Lodge Records 262*). Tháinig *ac villarum de ... Ballykernon* slán sa bhliain 1540 (*Accounts St. Mary ii 92*); *Ballykernan* sa bhliain 1581 (*Fiants Eliz. 3727*), sa bhliain 1595-6 *Ballykernan*,

(*Fiants Eliz.* 5974), agus sa bhliain 1596 *Ballykernan* (*CPR ii Eliz.* 28 375). Tá fianaise ann de *-ton* chomh luath le 1578 *Kernanston* (*Fiants Eliz.* 3497), agus *-town* i rith an 17ú haois; *Cernanstowne* sa bhliain 1659c (*Census* 353) agus *Kernanstowne* sa bhliain 1660c (*BSD* 82).

Tá an focal *villa* in úsáid sa bhliain 1303 in *Villa Johannis* (*Price; RBO* 8) ach sa bhliain 1659c tá *Templeowne* (*Census* 354) ar fáil agus an t-ainm aistrithe agus athruithe (**Templeowen (Teampall Eoin)** (435)).

Tá sloinne ar fáil le *terre-* sa bhliain 1200 mar logainm; *Terre Bal[d]wini de Karrui* (*Price RST 11*). Sa bhliain 1518, áfach, tá athrú ar sin go *Ballyvaldin* (*Kildare Rental* 120), agus ar aghaidh go dtí an lá inniu ann (**Ballyvolden (Baile Bhaldúin)** (112)).

### II 1.7.1 *ainm + town*

Tá an struchtúr *ainm nó sloinne agus - ton ina dhiaidh* ar fáil go coitianta sna logainmneacha. Tá samplaí go leor ar fáil sna logainmneacha do *town*. Bíonn sé i dteannta focail eile, ainm, sloinne, aidiacht nó ainmfhocal. Go minic tagann sloinne ina dhiaidh, mar shampla tá sloinne Angla-Normannach an-ghnáthach; **Staplestown (Baile Staple)** (8), **Dunganstown or Bestfield (Baile Dhungáin)** (11), **Mortarstown Lower, Upper** (13, 14), **Pollerton Big, Little (Baile Pholaird)** (15, 16), **Powerstown (Baile an Phaoraigh)** (24), **Busherstown** (48), **Russellstown** (58), **Painestown or Oakpark** (64), **Linkardstown (Baile ?)** (71), **Bendinstown (Baile Bhindon)** (127), **Gilbertstown (Baile Ghilbeairt)** (168), **Hacketstown Lower, Upper (Baile Haicéid)** (448, 449), **Philliptown (Baile Philib)** (478), **Ricketstown North, South (Baile Riocaird)** (481, 483), **Ricketstown or Bettyfield (Baile Riocaird)** (482), **Garrettstown** (486), **Maplestown** (487), **Ricketstown (Baile Riocaird)** (489), **Tobinstown (Baile Thóibín)** (509), **Waterstown (Baile Uaitéir)** (511), **Williamstown (Baile Liam)** (512) **Tankardstown (Baile Thancaird)** (523), **Harristown (Baile Anraí)** (568), agus **Walshtown or Ballynabranagh (Baile na mBreatnach)** (587).

Tá fáil freisin ar shloinnthe chlanna Gaelacha sa struchtúr seo; **Kernanstown (Baile Uí Chearnacháin)** (81), **Kneestown** (55), agus **Moorestown** (56). Tá an struchtúr *ainm agus -town* ina dhiaidh le fáil; mar shampla ainm Angla-Normannach; **Johnstown** (80), **Gilbertstown (Baile Ghilbeairt)** (168), **Phillipstown (Baile Philib)** (478), **Ricketstown North (Baile Riocaird)** (481, 483), **Ricketstown or Bettyfield (Baile Riocaird)** (482), **Garrettstown** (486), **Maplestown** (487), **Ricketstown (Baile Riocaird)** (489), **Waterstown (Baile Uaitéir)** (511), agus **Williamstown (Baile Liam)** (512).

Tá *-town* ar fáil le hainmfhocal eile go hiondúil, mar shampla tá *Oldtown* ar fáil faoi cheathar; **Oldtown (E. D. Ballyellin) (Seanbhaile)** (232), **Oldtown (E.D. Nurney) (Seanbhaile)** (322), **Oldtown (E. D. Clonmore) (Seanbhaile)** (427), agus **Oldtown (E.D. Kineagh) (Seanbhaile)** (477). Tá Newtown ar fáil faoi dhó; **Newtown** (218, 578). Tá Milltown ann faoi dhó freisin, **Milltown (Baile an Mhuilinn)** (152, 274). Ní ceart dearmad a dhéanamh ar **Castletown (Baile an Chaisleáin)** (68), **Chapelstown (Baile an Teampail)** (21), agus **Friarstown (Fearann na Manach)** (50).



Tá teacht ar fhoinsí an bhaile fearainn **Staplestown (Baile Staple)** (8) leis an bhfocal *baile* agus sloinne ina dhaidh, agus an focal *town* agus an sloinne roimhe taobh le chéile san 16ú haois; *Ballystoplocke* sa bhliain 1549 (*Price; Fiants Edw. vi 366*), agus *Staperstown* sa bhliain 1570c (*Baronia Udrone*). Níor éirigh liom litriú níos déanaí ná 1612 (*Ballystapleoake, Price; CPR (RC) 225*) a fháil leis an bhfocal *baile*. **Staplestown** atá ann go háitiúil inniu / 'st e:plz t̪un / (Fuaimniú Áitiúil (9, 27, 33, 41, 71).

San 16-17ú haois tá fáil sna foinsí ar *Ballyhenry* agus *Harristown* in aice lena chéile. Féach *Ballyhenrye (Fiants Eliz. 4918)* sa bhliain 1586, agus *Harreston (Fiants Eliz. 878)* sa bhliain 1566. Is é *Harristown* amháin atá sna foinsí san 18ú haois, mar shampla, *Harristown (CGn. 99.205.68633)* leagan an lae inniu. (**Harristown (Baile Anraí)** (568).

Tá *Le Boly* ar fáil sa bhliain 1307 ar an logainm **Ballynaboley (Baile na Buaille)** (279) (*Price; CDI 617, 174*). Tá sé spésiúil go bhfuil an tagairt *Killyne alias 'Balle John na bolie'* (*Price; COD iv 315*) ar fáil sa bhliain 1544. Is é fuaimniú an lae inniu ná / bal̪ n̪ 'bu:l̪ / (Fuaimniú Áitiúil (8)), / bal̪n̪ ð 'bo:l̪ / (Fuaimniú Áitiúil (46, 54, 57, 74).

### II 1.7.2 Focail dhifriúla + ainm

Tá éagsúlacht fhairsing ar fáil, ní amháin sna focail dhifriúla a chuirtear leis an ainm chun an logainm a chruthú, ach freisin sna hainmneacha féin sloinne, ainm clainne, Gaelach, Angla-Normannach. Ar na logainmneacha sa chontae le hainmneacha nó sloinnte iontu, is iad na hainmneacha Gaelacha agus sloinnte Normannacha is líonmhaire. Tá thart ar 44 logainm ann le sloinne Angla-Normannach, agus 35 logainm le sloinne Gaelach. Tá thart ar 40 logainm ann le hainm Gaelach, agus 33 logainm ann le hainmneacha Angla-Normannacha. Tá breis agus 160 logainm ann le sloinnte nó ainmneacha Gaelacha, Angla-Normannacha sa chontae. Tá tionchar mór na lonnaitheoirí le sonrú go soiléir ar líon mór ainmneacha agus sloinnte Angla-Normannacha. Tá thart ar fiche logainm leis an struchtúr *baile agus sloinne Gaelach*, i gcomparáid le 12 logainm leis an struchtúr *baile agus sloinne Angla-Normannach*. Tá thart ar 17 logainm leis an struchtúr *sloinne Angla-Normannach agus town* i gcomparáid le trí logainm le *sloinne Gaelach agus town*. Níl ach dhá logainm ann leis an struchtúr *ráth agus ainm Angla-Normannach* i gcomparáid le trí logainm le *ráth agus sloinne Gaelach*.

Tá thart ar ocht logainm leis an struchtúr *baile agus ainm Angla-Normannach* i gcomparáid le sé logainm leis an struchtúr *baile agus ainm Gaelach*. Tá thart ar 18 logainm ann leis an struchtúr *cill agus ainm Gaelach* i gcomparáid le haon logainm amháin agus ainm Normannach ann. Tá thart ar deich logainm leis an struchtúr *ainm Angla-Normannach agus town* ina dhiaidh. Tá dhá logainm ann leis an struchtúr *ráth agus ainm Angla-Normannach* i gcomparáid le trí logainm le *ráth agus ainm Gaelach*.

### II 1.7.3 Baile + ainm

Tá thart ar chúig logainm ann leis an struchtúr *baile* agus ainm Gaelach ina dhiaidh, **Ballyloo (Baile Lughaidh)** (66), **Kilballyhue (Cill Bhaile Aodha)** (69), **Ballycormick (Baile Chormaic)** (300), **Ballyshane (Baile Sheáin)** (431), agus **Ballyteigelea (Baile Thaidhg Léith)** (537). Tá thart ar seacht logainm freisin ann leis an struchtúr *baile* agus ainm Angla-Normannach **Ballygarret or Sandbrook (Baile Ghearailt)** (108), **Ballywilliamroe (Baile Uilliam Rua)** (235), **Ballyedmond (Baile Éamainn)** (437), **Ballyoliver (Baile Oilibhéir)** (494), **Ballymartin (Baile Mháirtín)** (534), **Ballypierce (Baile Phiarais)** (596), agus **Ballyredmond (Baile Réamainn)** (602).

Tá thart ar fiche logainm sa chontae leis an struchtúr *baile* agus sloinne Gaelach ina dhiaidh, mar shampla, **Ballycarney (Baile Uí Chearnaigh)** (2), **Ballybannon (Baile Uí Bhánáin)** (46), **Ballyryan (Baile Uí Riain)** (67), **Ballylennon (Baile Uí Leannáin)** (74), **Ballykeenán (Baile Uí Chianáin)** (132, 590), **Ballykealey (Baile Uí Chaollai)** (126), **Tobinstown (Baile Thiomín)** (261), **Ballynolan (Baile Uí Nualláin)** (356), **Ballykillane (Baile Uí Choileáin)** (438), **Ballykilduff Lower, Upper (Baile Mhic Ghiolla Dhuibh)** (461, 461), **Ballymurphy (Baile Uí Mhurchú)** (514, 558), **Ballycinnigan (Baile Uí Chruineagáin)** (552), **Ballyhegan (Baile Uí Ágáin)** (554), **Ballyling (Baile Uí Fhloinn)** (557), agus **Ballyine (Baile Uí Eidhin)** (589).

Tá thart ar 12 logainm leis an struchtúr *baile* agus sloinne Angla-Normannach ina dhiaidh, mar shampla, **Ballyvergal (Baile Uí Mhorghail)** (76), **Ballyvolden (Baile Bhdúin)** (112), **Ballywhinnin or Ballyfeanan (Baile an Fhainínigh)** (226), **Ballybrommell (Baile Bhromail)** (256), **Ballyhubbock or Upton (Baile Huboc)** (258), **Ballycook (Baile an Chúcaigh)** (474), **Ballinabranagh (Baile na mBeatnach)** (343), **Walshtown or Ballynabranagh (Baile na mBreatnach)**, (587), agus **Baile Haicéid, Íochtarach, Uachtarach (Ballyhacket)** (475, 476).

#### II 1.7.4 *Cill + ainm*

Is deacair idirdhealú a dhéanamh idir *cill*, *coill*, agus *cúil*. Tá *cill* agus ainm Gaelach ina dhiaidh ar fáil i mbreis agus 18 logainm agus de ghnáth ainm Naoimh a bhíonn ann; **Kellistown East, West (Cill Losnada (Losna ?))** (40, 41), **Killenora (Cill Fhionnúra)** (42), **Kilbride (Cill(in) Bhríde)** (92), **Kilmurry (Cill Mhuire)** (122), **Killane (Cill Áine)** (129), **Kilbrickan (Cill Bhreacáin)** (162), **Kilkey (Cill Chaoi)** (163), **Kilcoole (Cill Chomhghaill)** (169), **Kilconner (Coill Chonchúir)** (269), **Kilcumney (Cill Chuimne)** (229), **Ballinvally and Kiltennell (Cill tSinchill)** (280), **Killoughternane (Cill Uchtarnáin)** (335), **Kilconnaught (Cill Chonnacht)** (450), **Kiltegan (Cill Tadhgáin)** (469), **Kilmagarvoge (Cill Mo Gharbhóg)** (518), agus **Kildavin (Cill Damháin)** (599).

Níl ach aon logainm amháin leis an struchtúr *cill* agus ainm Angla-Normannach ina dhiaidh **Killedmond (Cill Éamainn)** (288). Tá dhá shloinne le *cill*, sloinne Gaelach, **Kilmacart (Cill Mhic Artáin)** (451), agus sloinne Angla-Normannach, **Kilt rannish North, South, (Cill Bhreatnaigh)** (146, 147).

### II 1.7.5 *Coill + ainm*

Tá an struchtúr *coill* agus ainm duine ar fáil sa logainm **Killyshane (Coill Sheáin)** (82).

### II 1.7.6 *Ráth + ainm*

Níl ach sé logainm ann leis an struchtúr *ráth* agus ainm Gaelach ina dhiaidh, **Ratheeragh (Ráth Fhiachrach)** (104), **Rathvarrin (Ráth Bhairinn)** (105), **Raheenkillane (Ráithín Chill Áine)** (130), **Rathercan (Ráth Earcáin)** (277), **Rathdaniel (Ráth Dhónaill)** (480), agus **Rathlyon (Ráth Laighean)** (522). Tá dhá logainm ann leis an struchtúr *ráth* agus ainm Angla-Normannach ina dhiaidh, **Rathellin (Ráth Alain)** (221), agus **Rathanna (Ráth Fhánadh)** (295).

Tá dhá logainm ann leis an struchtúr *ráithín* agus sloinne Gaelach leo; **Raheendoran (Ráithín Deoráin)** (348), agus logainm le hainm Gaelach leis, **Raheenadaw (Raithín Uí Dheá)** (479).

Níl ach dhá logainm ann leis an struchtúr *ráth* agus sloinne Angla-Normannach ina dhiaidh, **Rathwade (Ráth Wade)** (222) agus **Rathvinden (Ráth Bhindúin)** (389).

### II 1.7.7 *Mount + ainm*

Tá ceithre shloinne ann leis an struchtúr *mount* agus sloinne ina dhiaidh, ina measc, aon sloinne Angla-Normannach amháin, **Mountwelseley or Crosslow (Crois Chloiche)** (519), clann a chuir fúithi sa chontae sa 18ú haois agus trí shloinne Gaelacha; **Mountmelican** (275), **Mountkelly** (504), agus **Mountneill** (505). Is léir gurb é úinéir na talún faoi deara athrú an logainm ó *Ballinekill* (CSP. Ire xxiv 469), go **Burtonhall Demesne** (47) (*AL; Survey Officer*).

### II 1.7.8 *Ainm + ville*

Tá dhá logainm le *ville* agus sloinne Angla-Normannach, **Broomville or Clonachona (Cluain an Chonaidh)** (100), agus le hainm Angla-Normannach roimhe, **Kilgarron or Janeville (Coill Ghearrán)** (270).

### II 1.7.9 *Focail éagsúla + ainm pearsanta*

Tá breis agus 14 logainm ann le focail éagsúla (*áth, cill, cluain, conadh, droim, láithreach, lios, sliabh, tigh, tobar* agus *well*), agus ainm Gaelach ina dhiaidh, **Aghade (Áth Fiothaid)** (86), **Larah (Láithreach Thaidhg)** (123) **Lisgarvan (Lios Garbháin)** (170), **Clonee East, West (Cluain Aodha)** (186, 316), **Toberbride (Tobar Bhríde)** (254), **Killinane (Cill (Mo) Fhionáin)** (353), **Drumguin (Droim gCoinn)** (446), **Patrickswell** (506), **Tullowphelim (Tulach Ó bhFeilmidh)** (524),

**Lissalican (Lios Ailleagáin) (530), Kilmessan (Cill Mheasáin) (570), Slievedurda (Sliabh Durda) (582), agus St. Mullins (Tigh Moling) (583).**

Tá logainmneacha ann le focail éagsúla (*áth, ceapach, cloch, cnoc, gráinseach, mín, teampall*) agus ainm Angla-Normannach ina dhiaidh, **Aghwater (Áth Uaitéir) (27), Grangewat (Gráinseach Uait) (51), Gorteengrone (Goirtín Eoghain) (79), Templepeter (Teampall Pheadair) (173), Clowater (Cloch Uaitéir) (228), Knockmanus (Cnoc Mánais) (230), Minvaud Lower, Upper (Mín Mháid) (425, 426), Templeowen (Teampall Eoin) (435), agus Blindennis (441).**

Tá focail eile luaite le sloinnte Gaelacha i logainmneacha, mar shampla *cluain, corr, cúil, lios, seisceann*; **Lasmaconly (Lios Mhic Conghaile) (192), Clonmacshane (Cloch Mhic S(h)eoinín) (206), Seskinryan (Seisceann Uí Riain) (253), Coolyhune (Cúil Uí Chuáin) (563), Cournellan (Corr Nialláin) (594), agus Clonogan (Cluain Uí Ógáin) (605).**

Tá ocht logainm le sloinnte Angla-Normannacha luaite le focail éagsúla, mar shampla *cloch, cnoc, fearann, garraí, agus castle, grange, hill*; **Garryhundon (Garraí Chondúin) (23), Castlegrace (Caisleán Gráis) (89), Closutton (Cloch Sutton) (351), Farranafreney (Fearann na bhFréineach) (352), Knocknabranagh and Knockbaun (Cnoc na mBreatnach agus Cnoc Bán) (367), Knockdoorish (Cnoc Dubhrois) (418), Butlersgrange (Gráinseach an Bhuitléaraigh) (515), agus Nashesquarter (466).**

### **II 1.8.1 Logainmneacha atá luaite i bhfoinsí Gaeilge.**

Tá thart ar 38 logainmneacha le tagairtí dóibh i bhfoinsí Gaeilge; uimhir 10, 40, 59, 84, 85, 86, 107, 214, 215, 216, 219, 236, 245, 248, 273, 274, 288, 371, 403, 414, 444, 448, 478, 480, 481, 485, 490, 502, 507, 511, 512, 515, 515, 524, 583, 589, 601, 605, 609. Téann na tagairtí Gaeilge siar chomh fada leis an 8ú haois, mar shampla **Kildreenagh (Cill Draighneach) (248), agus Clonmore (Cluain Mhór) (414).** Tugann na hannála leaganacha eile dúinn de logainmneacha, mar shampla **Tulow (Tulach Ó bhFeilmidh) (525), agus Forth (Fothairt) (85).** Tá fianaise ar fáil i lámhscríbhinní eile san 11ú haois a thugann leaganacha eile de logainmneacha, mar shampla **Ballon (Balana) (107).** Tá cáipéisí ón 17ú haois a léiríonn leaganacha Gaeilge ar logainmneacha eile, go háirithe ón Leabhar Branach, **Constablehill (Baile na Fuinseoige) (444), Hacketstown Lower, Upper (Baile Haicéid) (448, 449), Phillipstown (Baile Philib) (478), Rathdaniel (Ráth Dhónaill) (480)** agus roinnt eile.

### **II 1.8.2. Logainmneacha nach bhfuil luaite i bhfoinsí Gaeilge ach dul na Gaeilge orthu.**

Ar 2,386 baile fearainn i gContae Loch Garman, is ainmneacha Gaeilge trí cheathrú díobh (de Vál 1987, 45). I gCeatharlach, tá dul na Gaeilge ar breis agus 428 logainm sa chontae seo, mar shampla **Rathnashannagh (Ráth na Sionnach) (38),**

**Knockbower (Cnoc Bodhar) (70), Knockarda (Cnoic Arda) (83), Ardattin (Ard Aitinn) (96), Ballintemple (Baile an Teampaill) (98), Nurney (An Urnaí) (219), Knocknabranagh and Knockbaun (Cnoc na mBreatnach agus Cnoc Bán) (367), Lacken, (Leacain) (291), Rathmore (Ráth Mór) (490), Templenaboe (Teampall na mBó) (584), agus Tullowphelim (Tulach Ó bhFeilmidh) (524).** Tá go leor eile ann le dul na Gaeilge orthu bíodh is nár éirigh liom teacht ar aon tagairt dóibh i bhfoinse Ghaeilge; uimhir 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 9, 17, 19, 20, 22, 23, 25, 26, 28, 29, 30, 31, 32, 33, 34, 35, 37, 38, 42, 43, 44, 45, 46, 51, 52, 53, 54, 60, 65, 66, 67, 69, 70, 72, 73, 74, 75, 76, 79, 82, 83, 88, 90, 91, 92, 93, 95, 96, 97, 98, 99, 100, 101, 102, 104, 105, 106, 108, 109, 110, 111, 112, 113, 114, 117, 119, 120, 121, 122, 123, 124, 125, 126, 128, 129, 130, 131, 132, 133, 134, 136, 137, 139, 141, 142, 146, 147, 150, 151, 152, 153, 154, 157, 158, 160, 161, 162, 163, 164, 165, 166, 167, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 176, 177, 180, 181, 182, 183, 184, 185, 186, 187, 188, 189, 190, 191, 192, 193, 194, 195, 196, 197, 198, 199, 200, 201, 202, 203, 205, 206, 210, 212, 213, 215, 216, 220, 221, 222, 223, 224, 225, 226, 227, 228, 229, 230, 231, 233, 234, 235, 237, 238, 239, 240, 241, 242, 243, 244, 246, 247, 249, 250, 252, 253, 254, 255, 256, 257, 258, 259, 260, 261, 263, 264, 265, 266, 267, 269, 270, 271, 272, 274, 275, 277, 278, 279, 280, 281, 282, 283, 284, 285, 286, 287, 289, 290, 291, 292, 293, 294, 295, 296, 298, 299, 300, 303, 304, 305, 308, 309, 310, 312, 313, 314, 315, 316, 318, 322, 324, 325, 327, 328, 329, 330, 333, 335, 336, 337, 338, 339, 342, 343, 344, 345, 347, 348, 349, 350, 351, 352, 353, 354, 355, 356, 357, 358, 359, 360, 361, 363, 364, 366, 367, 368, 370, 372, 373, 374, 376, 377, 378, 379, 380, 381, 383, 384, 385, 386, 388, 389, 390, 391, 393, 395, 399, 400, 404, 406, 407, 408, 409, 413, 415, 416, 417, 423, 424, 425, 426, 428, 431, 432, 435, 436, 437, 438, 439, 440, 445, 446, 450, 451, 452, 453, 454, 455, 456, 458, 460, 461, 462, 463, 464, 466, 467, 468, 469, 470, 471, 472, 473, 474, 475, 476, 479, 484, 488, 490, 491, 492, 493, 494, 496, 497, 498, 499, 500, 501, 503, 513, 514, 516, 517, 518, 519, 520, 521, 522, 528, 529, 530, 531, 532, 534, 535, 536, 540, 542, 543, 545, 546, 547, 548, 549, 550, 551, 552, 553, 554, 555, 556, 557, 558, 559, 560, 561, 562, 563, 564, 565, 567, 569, 570, 571, 572, 573, 574, 575, 576, 577, 579, 581, 582, 584, 585, 586, 587, 589, 590, 591, 592, 593, 594, 595, 596, 597, 599, 600, 602, 603, 604, 606, 608, 610.

### **II 1.8.3 Logainmneacha le leagan amháin Gaeilge agus leagan amháin Béarla.**

Tá thart ar fiche logainm le leagan amháin Gaeilge agus leagan amháin Béarla. Tá an leagan Gaeilge caillte inniu ag na bailte fearainn seo a leanas, gan fáil ar an leagan Béarla sna foinsí san 18ú haois amháin, mar shampla **Burtonhall Demesne (Baile na Cille) (47), Mountpleasant (Cluain Feart) (276), agus Constablehill (Baile na Fuinseoige) (444).** Tá thart ar ocht logainm ann le hainm Béarla agus ainm le rian na Gaeilge air le chéile mar logainm a mhaireann inniu, **Rutland or Urglin (Ú.ghleann) (84), Ballynoe or Newtown (Baile Nua) (99), Broomville or Clonachona (Cluain an Chonaidh) (100), Ballygarrett or Sandbrook (Baile Ghearailt) (108), Leigh or Ballybeg (Leamhach) (213), Ballyhubbock or Upton (Baile Huboc) (258), Kilgarron or Janeville (Coill Ghearrán) (270), agus Mount Wolseley or Crosslow (Crois Chloiche) (519).** Is fiú a chur san áireamh gur minic is féidir an leagan Béarla a cheangal le clann a lonnigh sa cheantar go minic san 18-19ú haois. Tá fianaise sna foinsí freisin gur aistriúchán ón leagan Gaeilge nó Béarla an leagan a úsáidtear inniu, mar shampla **Oldtown (Seanbhaile) (232, 427), agus Orchard (Abhallord) (611).**

#### II 1.8.4. *Logainmnecha le dhá ainm le dul na Gaeilge orthu.*

Tá breis agus deich logainm a bhfuil dhá ainm le dul na Gaeilge orthu, mar shampla; **Clonbulloge or Ballycallon (Cluain Bolg)** (160), **Ardbearn and Torman (Ardbhearna)** (174), **Ballyellin and Tomdarragh (Baile Alain agus Tuaim Darach)** (223), **Ballywhinnin or Ballyfeanan (Baile an Fhainínigh)** (226), **Ballinvally and Kiltennell (Baile an Bhealaigh agus Cill tSinchill)** (280), **Ballyellin or Ballinamona (Baile Alain nó Baile na Móna)** (281), **Corrymore or Corries (Coraí)** (303), **Corry Beg or Currenree (Cora Bheag nó Cora an Rí)** (330), **Knocknabranagh and Knockbaun (Cnoc na mBreatnach agus Cnoc Bán)** (367), **Tomard or Boolyrathornan (Tuaim Ard nó Buaille Ráth Eornan)** (391), **Knocknagundarragh or Scortreen (Cnoc na gCondúnach nó Scairtín)** (445), agus **Marley or Knockduff (Marlach nó Cnoc Dubh)** (574).

#### II 1.8.5 *Logainmneacha gan fianaise Gaeilge faighte agam.*

Tá breis agus fiche logainm gan aon fhianaise Ghaeilge faighte agam orthu agus gur cosúil gur ainmneacha Béarla atá iontu; féach mar shampla; **Strawhall** (18), **Newacre** (62), **Burtonhall Demesne** (47), **Altimont** (87), **Deerpark New, Old** (143, 144), **Boghouse** (262), **Heath** (307), **Fonthill** (346), **Demesne** (362), **Burgage** (394), **Ladystown** (405), **Bellmount** (410), **Bellshill** (411), **Eaglehill** (419, 420, 447), **Redbog** (429), **Vermount** (430), **Woodside** (459), **Rocksavage** (580), **Crowsgrove** (598), **Huntington** (607), agus **Woodlands** (612). Is annamh a théann na tagairtí do na logainmneacha níos faide siar ná an 18ú haois, rud a thabharfadh le fios gur lonnú na gclann sa 17ú haois faoi deara na n-ainmneacha seo. Féach gur iarr Burton go n-athrófaí an seanainm *Ballynakilly* go **Burtonhall Demesne** sa 19ú haois (47, 78).

#### II 1.9.1 *Ainmfhocail shimplí.*

Tá breis agus daichead logainm le déanamh na Gaeilge orthu gur ainmfhocail simplí iad de gach sórt, 6, 31, 43, 44, 52, 90, 91, 101, 107, 113, 117, 121, 123, 124, 154, 177, 198, 200, 216, 219, 284, 285, 291, 368, 373, 376, 378, 395, 542, 545, 560, 565, 567, 571, 573, 581, 609. Ina measc seo, tá logainmneacha ag tagairt do ghnéithe aiceanta, mar shampla **Closh (Clais)** (117), **Drummin (Dromainn)** (91, 565), **Glenoge (Gleannóg)** (31), **Gowlin (An Gabhailín)** (567), **Knockeen (Cnoicín)** (571), agus **Lacken (Leacain)** (291, 368, 573). Déanann na logainmneacha insint chomh maith ar áitreabh an duine, mar shampla **Cashel (Caiseal)** (284), **Cloneen (Cluainín)** (216, 320), agus **Larah (Láithreach Thaidhg)** (123).

#### II 1.9.2 *Comhainmfhocail*

D'fhéadfaí comhfhocail (ainmfhocail + ainmfhocail) a mhaireann inniu mar logainmneacha a cheangal le tréimhse roimh theacht na Críostaíochta go hÉirinn (Mac Giolla Easpaig 1981, 152). Tá breis agus deich logainm sa chontae gur comhfhocail iad; aidiacht a bhíonn sa chéad fhocal agus ainmfhocail ina dhiaidh. Cuirtear dath in iúl san aidiacht go minic mar shampla **Gormona (Gormeanach)** (306), **Fennagh**

(**Fionnmhach**) (267), agus **Duffery (Dubhthír)** (464). Bíonn insint san aidiacht ar chruth fisiciúil agus ar láthair an logainm, mar shampla; **Rutland or Urglin (Úrghleann)** (84); **Ardbearn (Ardbhearna)** (125), **Ardbearn and Torman (Ardbhearna)** (174), **Garryhill (Garbhchoill)** (245), **Shangarry (Seangharraí)** (197). **Crecin (Craobhdhroim (?))** (432), agus **Lorum (Leamhdhroim)** (310) dhá sampla d'ainmfhocal agus ainmfhocal le chéile mar chomhfhocal. Tá an aidiacht sa dara háit sna logainmneacha **Ullard Beg, More (Érard)** (200, 201) agus **Ullard Parish (Érard)** (588).

### II 1.9.3 *Ainmfhocal + ainmfhocal eile sa ghinideach*

Tá thart ar seasca logainm gur *ainmfhocal agus ainmfhocal (seachas ainmfhocal pearsanta) ina dhiaidh sa ghinideach* atá ann, mar shampla **Ballycrogue, (Baile Caróg)** (9), **Kilgraney (Cill Ghréine)** (93), **Ballyleen (Baile Lín)** (109), **Ballylower (Baile Lobhar)** (110), **Kilknock (Cill Chnoic)** (128), **Knockdoorish (Cnoc Dubhrois)** (151), **Clonbulloge or Ballycallon (Cluain Bolg)** (160), **Craanaha (Corrán Átha)** (161), **Rathrush (Ráth Rois)** (171), **Ballyveal (Ní léir an brí)** (176), **Croanruss (Crón Ros)** (188), **Knockdramagh (Cnoc Droma)** (191), **Rathedan (Ráth Éadain)** (220), **Clomoney (Cloch Mhuine)** (227), **Ballymoon (Baile Móna)** (233), **Dunleckny (Dún Leicne)** (244), **Drumfea (Droim Féich)** (266), **Kilgarron or Janeville (Coill Ghearrán)** (270), **Kilcoltrim (Cill Chalatruim)** (287), **Knockscur or Knocksquire (Cnoc Squire)** (290), **Moyvally (Maigh Bhealaigh)** (292), **Raheendarragh (Ráithín Darach)** (293), **Raheenkyle (Ráithín Coill)** (294), **Rosdellig (Ros Deilge)** (296), **Donore (Dún Óir)** (304), **Kilcruit (Coill Chruite)** (308), **Clashganny (Clais Ghainimhe)** (315), **Kilree (Cill Rí)** (336), **Knockclonagad (Cnoc Chluain na nGad)** (337), **Knockullard (Cnoc Úlloird)** (338), **Clogrenan (Cloch Ghrianáin)** (345), **Clorusk Lower, Upper (Cloch Rúsc)** (349, 350), **Rathornan (Ráth Eornan)** (388), **Tomard or Boolyrathornan (Tuaim Ard nó Buaille Ráth Eornan)** (391), **Roscat (Ros Cat)** (404), **Ballaghaclay (Bealach (Átha) Cleithe)** (406), **Raheen (E.D. Clonmore) (Ráithín Driseoige)** (428), **Ballysallagh Lower, Upper (Baile Saileach)** (439, 440), **Tombeagh (Tom Beithe)** (458), **Portrusheen Lower, Upper (Port Roisín)** (470-1), **Kineagl (Ci(o)nn Eich)** (473), **Rahill (Ráth Éill)** (488), **Barnhill (Bearna Choille)** (495), **Knocklishen Beg, More (Cnoc Lisín)** (499, 500), **Rathvilly (Ráth Bhile)** (507), **Straboe (Srath Bó)** (513), **Mountwoseley or Crosslow (Crois Chloiche)** (519), **Kilcloney (Cill Chluaine)** (543), **Rathgeran (Ráth Gearrán)** (579), **Ballyshancarragh (Baile Sheangarraí)** (597), **Moyacomb (Maigh Dá Chonn)** (601), **Clongarran (Cluain Gearrán)** (604), **Kilcarry (Coill Carraige)** (608), agus **Monaughrim (Móin Achrainn)** (610).

### II 1.9.4 *Ainmfhocal + alt + ainmfhocal sa ghinideach*

Tá thart ar chéad logainm le *hainmfhocal, an t-alt agus ainmfhocal ina dhiaidh sa ghinideach*, mar shampla **Ballynaboley (Baile na Buaille)** (279), **Baunogenasraid (Bánóg na Sráide)** (28), **Aghanure (Achadh an Iúir)** (60), **Ballinvally and Kiltennell (Cill tSinchill agus Baile an Bhealaigh)** (280), **Ballynattin (Baile an Aitinn)** (282), **Aghnaglear (Áth na gClair)** (547), agus **Ballyknock (Baile Chnoc an Bhiocáire)** (555). Tá samplaí eile ann freisin, 1, 3, 5, 17, 25, 28, 29, 30, 34, 35,

36, 38, 45, 53, 60, 75, 88, 97, 98, 100, 102, 106, 110, 119, 131, 137, 139, 153, 157, 158, 165, 166, 167, 180, 182, 183, 184, 188, 195, 203, 210, 212, 224, 234, 240, 241, 242, 243, 249, 255, 259, 260, 265, 272, 278, 279, 280, 281, 282, 283, 299, 305, 308, 312, 325, 327, 328, 329, 337, 339, 343, 344, 325, 355, 361, 363, 366, 372, 377, 379, 384, 386, 393, 399, 508, 531, 535, 536, 540, 545, 547, 555, 556, 559, 569, 575, 576, 577, 579, 584, 585, 593, 595, 603.

### II 1.9.5 *Ainmfhocal + ainm pearsanta*

Tá caoga logainm nach mór le *hainmfhocal agus ainm pearsanta ina dhiaidh*, 26, 27, 40, 41, 42, 51, 54, 66, 69, 72, 82, 86, 92, 104, 108, 111, 112, 129, 130, 162, 163, 169, 170, 173, 185, 186, 205, 221, 223, 225, 228, 229, 230, 235, 254, 269, 275, 271, 288, 295, 300, 316, 335, 353, 383, 570, 582. Ina measc seo go minic, bíonn tionchar na heaglaise le sonrú san ainmfhocal, mar shampla *teampall*; **Templepeter (Teampall Pheadair)** (173), *tobar*; **Toberbride (Tobar B(h)ride)** (254) *cill*; **Killenora (Cill Fhionnúra)** (42), **Killerrig (Cill Dheirge)** (54), **Kilballyhue (Cill Bhaile Aodha)** (69), **Kilbride (Cill(in) Bhríde)** (92), **Kilmurry (Cill Mhuire)** (122), **Killaie (Cill Áine)** (129), **Raheenkillane (Ráithín Chill Áine)** (130), **Kilbrickan (Cill Bhreacáin)** (162), **Kilkey (Cill Chaoi)** (163), **Kilcoole (Cill Chomhghaill)** (169), **Kilcumney (Cill Chuimne)** (229), **Killoughternane (Cill Uchtarnáin)** (335), **Killinane (Cill (Mo) Fhionáin)** (353), **Kilmissan (Cill Mheasáin)** (570), agus **Kildavin (Cill Damháin)** (599). Tá thart ar naoi sampla den fhocal *baile* sna logainmneacha; **Ballyloo (Baile Lughaidh)** (66), **Kilballyhue (Cill Bhaile Aodha)** (69), **Ballygarret or Sandbrook (Baile Ghearailt)** (108), **Ballymogue (Baile Maodhóg)** (205), **Ballyellin and Tomdarragh (Baile Alain agus Tuaim Darach)** (223), **Ballyellin or Ballinamona (Baile Alain nó Baile na Móna)** (281), **Ballyteigelea (Baile Thaidhg Léith)** (225), **Ballywilliamroe (Baile Uilliam Rua)** (235), agus **Ballycormick (Baile Chormaic)** (300). Tá thart ar ocht logainm leis an bhfocal *ráth* agus ainm ina dhiaidh, **Ratheeragh (Ráth Fhiachrach)** (104), **Rathvarrin (Ráth Bhairinn)** (105), **Raheenkillane (Ráithín Chill Áine)** (130), **Rathellin (Ráth Alain)** (221), **Rathercan (Ráth Earcáin)** (277), **Rathanna (Ráth Fhánadh)** (295), agus **Rathdaniel (Ráth Dhónaill)** (480).

### II 1.9.6 *Ainmfhocal + sloinne*

Tá breis agus cúig logainm agus daichead le *hainmfhocal agus sloinne ina dhiaidh*; 2, 23, 46, 67, 74, 75, 112, 126, 132, 146, 147, 192, 204, 222, 226, 253, 256, 257, 258, 261, 271, 348, 351, 352, 356, 357, 380, 530, 534, 551, 552, 553, 554, 557, 558, 563, 587, 589, 590, 591, 594, 596, 602, 605. Tá breis 23 sloinne Gaelach anseo, agus thart ar 14 sloinne Angla-Normannach. Tá focail eile ann freisin, mar shampla *cill*; **Kilbrannish North, South (Cill Bhreatnaigh)** (146, 147), *loch*; **Closutton (Cloch Sutton)** (351), *cluain*; **Clonogan (Cluain Uí Ogáin)** (605), *cnoc*; **Knocknabranagh and Knockbaun (Cnoc na mBreatnach agus Cnoc Bán)** (367), *cor*;; **Cournellan (Corr Nialláin)** (594), *coill*; **Kilmaglin (Coill Mhig Fhloinn)** (271), *cúil*; **Coolyhune (Cúil Uí Chuáin)** (563), *fearann*; **Farranafreney (Fearann na bhFréineach)** (352), *garraí*; **Garryhundon (Garraí Chondúin)** (23), *lios*; **Lasmaconly (Lios Mhic Conghaile)** (192), **Lissalican (Lios Ailleagáin)** (530), *ráth*;



**Rathwade (Ráth Wade) (222), Raheendoran (Ráithín Deoráin) (348), Rathvinden (Ráth Bhindúin) (389), agus seisceann; Seskinryan (Seisceann Uí Riain) (253),**

An focal is coitianta le sloinne ná *baile* atá ar fáil go forleathan sna logainmneacha, 2, 46, 67, 74, 112, 126, 132, 226, 256, 257, 258, 261, 356, 534, 551, 552, 553, 554, 557, 558, 587, 589, 590, 591, 596, 602. Sloinnte Angla-Normannacha iad fiche sloinne nach mór orthu seo, gan ach breis agus deich sloinne Gaelacha ina measc.

## II 1.9.7 *Aidiachtaí*

I dteannta na n-aidiachtaí a chuireann dath in iúl, atá ar fáil i mbreis agus tríocha logainm, tá roinnt aidiachtaí eile sna logainmneacha, mar shampla *ard, beag, garbh, gearr, lom, mór, nua, sean, seasc, úr*. Mar shampla *ard*: **Ardnehue (45), Knockarda (Cnoic Arda) (83), Ardoyne (Ard Dúin) (95), Ardattin (Ard Aitinn) (96), Ardbearn (Ardbhearna) (125) Ardbearn and Torman (Ardbhearna) (174), Ullard Beg, More (Érard) (201, 202), Ardristan (403) (Ard Bristín) *beag*; Ballynakillbeg (Baile na Coille) (75), Leigh or Ballybeg (Leamhach) (213), Muinebeag (Muine Bheag) (251), Aghabeg (Achadh Beag) (324), Tullowbeg (Tulach Bheag) (436), Ballybeg Big, Little (Baile Beag) (549, 550), Owlbeg (Abhail Bheag) (546), *garbh*; Garryhill (Garbhchoill) (245), *gearr*; Annagar (Eanach Gearr) (355), *lom*; Lumcloon (Lomchluain) (273), *mór*; Cranemore (Corrán Mór) (141), Moanmore (Móin Mhór) (164), Ballaghmore (Bealach Mór) (181), Knockmore (Cnoc Mór) (231), Bohermore (Bóthar Mór) (237), Clonmore (Cluain Mhór) (360, 414), Feamore (Fiodh Mór) (364), Rathmore (Ráth Mór) (490), *nua*; Ballynoe or Newtown (Baile Nua) (99), Newtown (Cloch Nua) (103), *sean*; Shangarry (Seangharraí) (197), Oldtown (Seanbhaile) (232, 427), Oldleighlin (Seanleithghlinn) (371), Ballyshancarragh (Baile Sheangarraí) (597), *seasc*; Barnahask (Bearna Sheasc) (133), *úr*; Rutland or Urglin (Úrghleinn) (84). Tá *blind* sa logainm **Blindennis (441)**.**

Tá focail *beg, big, east, little, lower, more, new, north, old, south, upper, west*, mar chuid de nach mór seasca logainm. Is é *lower* agus *upper* na focail is coitianta, atá ar fáil in thart ar 28 logainm; **Mortarstown Lower, Upper (13, 14), Ballybar Lower, Upper (An Baile Bhairr) (19, 20), Clorusk Lower, Upper (Cloch Rúsc) (349, 350), Seskin Lower, Upper (Seisceann) (376, 378), Tomard Lower, Upper (Tuaim Ard) (390), Croneskagh Lower, Upper (Crón na Sceiche) (416, 417), Minvaud Lower, Upper (Mín Mháid) (426, 427), Ballysallagh Lower, Upper (Baile Saileach) (439, 440), Hacketstown Lower, Upper (Baile Haicéid) (448, 449), Rathnagrew Lower, Upper (Ráth na Graí) (455, 456), Ballykilduff Lower, Upper (Baile Mhic Ghiolla Dhuibh) (460, 461), Coolmanagh Lower, Upper (Cúil na Manach) (462, 463), Ballyhacket Lower, Upper (Baile Haicéid) (475, 476), agus Portrushen Lower, Upper (Port Roisín) (470, 471).**

Is é *big* agus *little* an dara gné is coitianta atá ar fáil i 10 logainm, **Pollerton Big, Little (Baile Pholaird) (15, 16), Moyle Big, Little (An Mhaothail) (43, 44), Ballybit Big, Little (Baile an Bhiataigh) (492, 493), Ballybeg Big, Little (549, 550), agus Ballyroughan Big, Little (Baile Uí Ruacháin) (591, 592)**. Tá sé logainm ann leis na focail *beg, more*; **Ullard Beg, More (Érard) (201, 202), Corrybeg or Currenree (Cora Bheag nó Cora an Rí) (330), Corrymore or Corries (Corai)**

(303), agus **Knocklishen Beg, More (Cnoc Lisin)** (499, 500). Tá ceithre logainm le *north, south* iontu; **Kilbrannish North, South (Cill Bhreatnaigh)** (146, 147), agus **Ricketstown North, South (Baile Riocaird)** (481, 482). Tá ceithre logainm le *east, west* iontu; **Kellistown East, West (Cill Losnada (Losna ?))** (40, 41), **Clonee East, West (Cluain Aodha)** (186, 316), Tá trí logainm le *new, old* iontu; **Grangeford Old (Gráinseach Fhotharta)** (33), agus **Deerpark New, Old** (143, 144),

### II 1.9.7.1 *Dathanna*

*Dubh* an dath is coitianta ar na dathanna atá luaite sna logainmneacha agus is aidiacht é, mar shampla; **Carrickduff (Carraig Dhubh)** (138), **Knockdoorish (Cnoc Dubh Rois)** (151), **Straduff (Srath Dubh)** (199), **Boherduff (Bóthar Dubh)** (236), **Rathduff (Ráth Dubh)** (252), **Tomduff (Tuaim Dubh)** (298), **Sliguff (Slí Dhubh)** (313), **Moanduff (Móin Dhubh)** (354), **Ballyduff (Baile Dubh)** (408), agus **Marley or Knockduff (Marlach nó Cnoc Dubh)** (574). Is cuid de chomhfhocal é *Jubh* sa logainm **Duffery (Dubhthír)** (464), agus tá an focal Béarla *black* ar fáil sna logainmneacha **Johnduffswood** (365), agus **Blackhill** (412), agus **Blackstairs** (619). Tá *dorcha* ar fáil sa logainm **Boolydurragh (Buaille Dhorcha)** (314). Níl ach dhá shampla de *bán* mar aidiacht sna logainmneacha **Rathbaun (Ráth Bán)** (37) agus **Knocknabranagh and Knockbaun (Cnoc na mBreatnach agus Cnoc Bán)** (367). Tá an dath *fionn* sa logainm **Fennagh (Fionnmhach)** (267). Tá *liath* ar fáil i gcúig logainm **Cronaliegh (Crón Liath)** (142), **Raheenliegh (Ráithín Liath)** (194), **Rosslee (Ros Liath)** (196), **Ballyteigelea (Baile Thaidhg Léith)** (225), agus **Carriglead (Carraig Léith)** (561). Uair amháin atá *glas, buí, breac* ar fáil, **Rathglass (Ráth Glas)** (521), **Knockboy (Cnoc B(h)uí)** (497), **Ballybrack (Baile Breac)** (528). agus *brown* i mBéarla sa logainm **Brownbog** (443) Tá *gorm* sa chéad áit sa chomhfhocal **Gormona (Gormeanach)** (246). Tá seacht logainm sa chontae leis an dath *rua* iontu, **Ballywilliamroc (Baile Uilliam Rua)** (235), **Knockroe (Cnoc Rua)** (289, 501), **Dunroe (Dún Rua)** (333) **Agharue (Achadh Rua)** (381), agus **Coolroe (Cúl Rua)** (606). Tá *red* i mBéarla ar fáil sa logainm **Redbog** (429), agus *dearg* sa logainm **Killerrig (Cill Dheirge)**. Tá dath eile, ar ndóigh, ar fáil sa logainm **Ouragh (Odhrach)** (520). Tá dathanna éagsúla i gceist sna logainmneacha **Baunreagh (Bán Riach)** (359), **Seskinrea (Seisceann Riabhach)** (377), agus **Carrarea (An Cheathrú Riabhach)** (413).

### II 1.10.1 *Tionchar na hEaglaise*

Tá insint láidir sna logainmneacha ar áiteamh an duine agus é ag dul i mbun na timpeallachta ag iarraidh í a thuiscint agus a mhúnlú. Ní amháin gur imir an timpeallacht a tionchar air, ach ba láidre ar fad an tslí a ndeachaigh an duine i bhfeidhm ar na logainmneacha agus tá anáil chumhachtach an duine le brath iontu. Luaitear gnéithe éagsúla iontu a thugann eolas dúinn faoi shaol an duine, mar shampla na tagairtí don Eaglais, don dúlra, nó d'ainmneacha daoine.

### II 1.10.2 *Cill*

D'fhág lonnú na Críostaíochta in oirdheisceart na tíre a rian ar logainmneacha Cheatharlach, mar is léir ó na focail ar fad a bhaineann leis an eaglais a mhaireann beo sna logainmneacha, ina measc, *cill*, *manach*, *tobar*.

Tá a lán tagairtí sna logainmneacha do ghnéithe a bhaineann leis an gcreideamh, cuid acu ag dul siar go haoiseanna go luath tar éis teacht na Críostaíochta go hÉirinn. Tá sé soiléir gur gné an-tábhachtach é an creideamh i saol na ndaoine ó na focail éagsúla is féidir a cheangal leis an eaglais agus leis an gcreideamh. Tá breis agus daichead logainm le *cill*; tá dhá logainm ann leis, agus sloinne ina dhiaidh; le sloinne Normannach; **Kilbrannish North, South (Cill Bhreatnaigh)** (146, 147) a thabharfadh le fios go raibh *cill* in úsáid sa 13ú haois (Flanagan 1979, 5), agus le sloinne Gaelach; **Kilmacart (Cill Mhic Artáin)** (451). Tá aon logainm amháin le *cill* mar ainmfhocal aonair mar atá inniu ann; **Kyle (Cill Ráth Gine (?))** (529). Tá logainm ann le *cill* agus ainmfhocal ina dhiaidh; **Kilgraney (Cill Ghréine)** (93, 309), **Kilknock (Cill Chnoic)** (128), **Kilcarrig (Cill Charraige)** (247), **Kildreenagh (Cill Draighneach)** (248), **Kilcoltrim (Cill Chalatruim)** (287), **Kilree (Cill Rí)** (336), agus **Kilcloney (Cill Chluaine)** (543). Tá trí logainm ann le *baile* agus *cill* ina dhiaidh sa ghinideach **Ballynakill (Baile na Cille)** (234, 409), agus **Ballink'lin (Baile an Chillín)** (299). Tá breis agus fiche logainm le *cill* agus ainm baiste ina dhiaidh; **Kellistown East, West (Cill Losnada (Losna ?))** (40, 41), **Killenora (Cill Fhionnúra)** (42), **Killerrig (Cill Dheirge)** (54), **Kilballyhue (Cill Bhaile Aodha)** (69), **Kilbride (Cill(in) Bhríde)** (92), **Kilmurry (Cill Mhuire)** (122), **Killane (Cill Áine)** (129), **Kilbrickan (Cill Bhreacáin)** (162), **Kilkey (Cill Chaoi)** (163), **Kilcoole (Cill Chombghaill)** (169), **Kilcumney (Cill Chuimne)** (229), **Ballinvally and Kiltennell (Baile an Bhealaigh agus Cill tSinchill)** (280), **Killedmond (Cill Éamainn)** (288), **Killoughternane (Cill Uchtarnáin)** (335), **Killinane (Cill (Mo) Fhionáin)** (353), **Kiltegan (Cill Tadhgáin)** (469), **Kilmagarvoe (Cill Mo Gharbhóg)** (518), **Kilmissan (Cill Mheasáin)** (570), agus **Kildavin (Cill Damháin)** (599).

### II 1.10.3 *Manach*

Tá trí shampla de *manach* sna logainmneacha, **Moanamanagh (Móin na Manach)** (35), **Coolnamanagh Lower, Upper (Cúil na Manach)** (462, 463). Sa chomhthéacs seo, is fiú logainmneacha eile a lua, ina measc, **Friarstown (Fearann na Manach)** (50), **Killamaster (Coill an Mháistir)** (53), gur féidir iad a cheangal go díreach le mainistreacha ar leith sa cheantar sna meánaoiseanna, nó **An Urnaí** (219) atá luaite i bhfoinse Gaeilge (*Leabhar Branach*) sa 16ú haois. Luaitear an chléir sa bhaile fearainn **Aghnaglear (Áth na gCliar)** (547) (ginideach iorla).

### II 1.10.4 *Teampall*

Tá *teampall* ar fáil ceithre huairé sna logainmneacha. Tá dhá logainm ann le hainm Naoimh is cosúil ina dhiaidh, **Templepeter (Teampall Pheadair)** (173), agus **Teampall Eoin** (435). Tá *teampall* ann agus ainmfhocal ina dhiaidh sa ghinideach **Templenaboe (Teampall na mBó)** (584), agus logainm amháin ann le *baile* roimhe, **Ballintemple (Baile an Teampaill)** (98). Maidir leis an logainm **Chapelstown**

(**Baile an Teampaill**) (21), is léir ó na foinsí gur *Baile an Teampaill* a mhair anuas go dtí an 16ú haois (*COD* iv 292).

### II 1.10.5 *Tigh*

Is minic ciall eaglasta ag baint le *teach*, mar is léir ó scrúdú na bhfoinsí. Féach mar shampla **St. Mullins (Tigh Moling)** (583), agus déantar plé ar thionchar na Breatnaise ar fhorbairt an fhocail le teacht na misinéirí ón mBreatain Bheag sa 5ú haois (Smyth 1982, 32). Ar na samplaí de *theach* sna logainmneacha, tá ainm Naoimh leis uair amháin, **Tigh Moling** (583). Tá sé logainm ann le *teach* agus ainmfhocal sa ghinideach, **Tinnaclash (Tigh na Claise)** (210, 472), **Tinnagarney (Tigh na gCeithearnaigh)** (399), **Tiknock (Tigh an Chnoic)** (508), **Tinnahinch (Tigh na hInse)** (585), agus **Tinnacarrig (Tigh na Carraige)** (595). Tá suas le tríocha logainm a bhfuil an focal *teach* nó *tigh* iontu i gCo. Loch Garman (de Vál 1987, 54).

### II 1.10.6 *Tobar*

Níl ach dhá shampla de *tobar* sna logainmneacha. Tá logainm amháin ann le hainm Naoimh ina dhiaidh; **Toberbride (Tobar B(h)ride)** (254). Tá logainm amháin ann le *tobar* sa ghinideach, **Knocknatubbrid (Cnoc na Tiobraide)** (102). Tá *well* i mBéarla ar fáil uair amháin, **Patrickswell** (506).

### II 1.11.1 *Gnéithe aiceanta*

#### II 1.11.2 *Achadh*

Tá trí logainm sa chontae le *achadh*, aidiacht agus ainmfhocal sa ghinideach, **Aghanure (Achadh an Iúir)** (60), *achadh* leis féin, **Agha (Achadh)** (215), agus le haidiacht, **Aghabeg (Achadh Beag)** (324). Feicimid *achadh* i seanainm **Sherwood or Dukespark** (155), (*Ráithín Ardachaidh*) (155).

#### II 1.11.3 *Aiteann*

Tá dhá logainm ann le *aiteann* iontu, sa ghinideach, **Ardattin (Ard Aitinn)** (96), agus **Ballynattin (Baile an Aitinn)** (382).

#### II 1.11.4 *Ard*

Tá sé logainm le *ard* agus ainmfhocal ina dhiaidh sa ghinideach, **Ardnehue** (45), **Ardoyne (Ard Dúin)** (95), **Ardattin (Ard Aitinn)** (96), agus **Ardbearn (Ardbhearna)** (125), **Ardbearn and Torman (Ardbhearna)** (174), agus **Ardristan (Ard Bristín)** (403). Tá *ard* sa dara háit sna logainmneacha, **Knockarda (Cnoic Arda)** (83), **Ullard Beag, More (Érard)** (202), **Tomard Lower, Upper (Tuaim Ard)** (390, 92) agus **Tomard or Boolyrathornan (Tuaim Ard nó Buaille P áth**

**Eornan** (391). Glacaim leis gur *Ráithín Ardachaidh* seanainm **Sherwood or Dukespark** (155).

### II 1.11.5 *Carraig*

Tá trí logainm le *carraig* agus aidiacht ina dhiaidh, **Carrigduff (Carraig Dhubh)** (136, 138), **Carriglead (Carraig Léith)** (561), agus **Carrig Beg More (Carraig Bheag, Mhór)** (238, 239). Tá dhá logainm ann le hainmfhocal ina dhiaidh, **Carrignafecka (Carraig na Feice)** (328), agus **Carrickslaney (Carraig na Sláine)** (88). Tá cúig logainm le *carraig* sa dara háit, **Ballinacarrig (Baile na Carraige)** (1), **Carrigpark (Páirc na Carraige)** (240), **Kilcarrig (Cill Charraige)** (247), **Kilcarry (Coill Charraige)** (608), agus **Tinnacarrig (Tigh na Carraige)** (595).

### II 1.11.6 *Cloch*

Tá aon logainm déag sa chontae le *cloch* iontu. I gcás cúig logainm acu, tá ainmfhocal sa ghinideach ina dhiaidh, **Cloghna (Cloch Átha)** (25), **Clomoney (Cloch Mhuine)** (227), **Clogrenan (Cloch Ghrianáin)** (345), agus **Clorusk Lower, Upper (Cloch Rúsc)** (349, 350). Tá aidiacht le *cloch* sa logainm **Newstown (Cloch Nua)** (103). Tá *cloch* agus ainm Angla-Normannach ina dhiaidh ar fáil in **Clowater (Cloch Uaitéir)** (228), ainm atá in **Cloghristick (Cloch Christic)** (26) is cosúil, agus tá sloinne Angla-Normannach ann in **Clonmacshane (Cloch Mhic S(h)eoilín)** (206), agus **Closutton (Cloch Sutton)** (351). Tá *cloch* sa ghinideach sa logainm **Mountwolseley or Crosslow (Crois Chloiche)** (519).

### II 1.11.7 *Cluain*

An míniú a thugann Smyth ar *chluain* ná 'a fertile clearing surrounded by an expanse of bog', a thugann le fios gur talamh bog a bhí mórthimpeall ar an inis thortúil ina lár (Smyth 1982, 30). Tá *cluain* ar fáil i mbreis agus 19 logainm; ina haonar **Cloneen (Cluainín)** (216), agus sa cnuasfhocal **Clanagh (Cluaineach)** (562). Tá sé sa dara háit sa logainm **Lumcloon (Lomchluain)** (273). Tá trí logainm ann le haidiacht ina dhiaidh; **Clonetoose (Cluain Thuas)** (264), agus **Clonmore (Cluain Mhór)** (360, 414). Tá ocht logainm ann le hainmfhocal sa ghinideach tar éis *cluain*; **Clonmelsh (Cluain Meilse / -sí (?))** (22), **Broomville or Clonachona (Cluain an Chonaidh)** (100), **Clonmullen (Cluain (an) M(h)uillinn)** (139), **Clonacur (Cluain na Cora)** (241), **Clonegall (Cluain na nGall)** (603), **Clonygoose (Cluain na gCuas)** (603), agus **Clongarran (Cluain Gearrán)** (604). Tá dhá logainm ann agus ainm Gaelach ina dhiaidh; **Clonee East, West (Cluain Aodha)** (186, 316). Tá *cluain* agus sloinne ina dhiaidh sna logainmneacha **Clonbulloge or Ballycallon (Cluain Bolg)** (160) agus **Clonogan (Cluain Uí Ógáin)** (605). Tá *cluain* féin ar fáil sa ghinideach faoi dhó; **Knockclonagad (Cnoc Chluain na nGad)** (337), agus **Kilcloney (Cill Chluaine)** (543).

### II 1.11.8 *Cnoc*

Maidir le *cnoc* i logainmneacha Loch Garman, tá ceithre scór ar a laghad leis seo iontu (de Vál 1987, 56). I gCeatharlach, tá 33 samplaí de *cnoc* ar fáil sna logainmneacha, **Knockeen (Cnoicín)** (571). Tá naoi logainm ann le *cnoc* agus aidiacht ina dhiaidh; **Knockbower (Cnoc Bodhar)** (70), **Knockarda (Cnoic Arda)** (83), **Knockbrack (Cnoc Breac)** (190), **Knockmore (Cnoc Mór)** (231), **Knockroe (Cnoc Rua)** (289, 501), **Knocknabranagh and Knockbaun (Cnoc na mBreatnach agus Cnoc Bán)** (367), **Knockboy (Cnoc Buí)** (497), agus **Marley or Knockduff (Márlach nó Cnoc Dubh)** (574). Tá 11 logainm ann le *cnoc* agus ainmfhocal sa ghinideach ina dhiaidh; **Knocknatubbrid (Cnoc na Tiobraide)** (102), **Knockdoorish (Cnoc Dubhrois)** (151), **Knockdramagh (Cnoc Droma)** (191), **Knockendrane (Cnoc an Draighin)** (272), **Knockclonagad (Cnoc Chluai na nGad)** (337), **Knockullard (Cnoc Úlloird)** (338), **Knockagarry (Cnoc an Gharraí)** (366), **Knockevagh (Cnoc na bhFeá)** (498), **Knocklishen Beg, More (Cnoc Lisín)** (499, 500), agus **Knocknagundarragh or Scortreen (Cnoc na gCondúnach nó Scairtín)** (545). Níl ach sampla amháin de *cnoc* agus ainm ina dhiaidh, **Knockmanus (Cnoc Mhánaís)** (230). Tá ceithre logainm ann le *cnoc* agus sloinne ina dhiaidh, **Knocknabranagh and Knockbaun (Cnoc na mBreatnach agus Cnoc Bán)** (367), **Knockymullygurry (Cnoc Uí Mhaoil Gharaidh)** (572), **Ballinabranagh (Baile na mBreatnach)** (343) agus **Walshtown or Ballynabranagh (Baile na mBreatnach)** (587). Tá ceithre logainm ann le *baile* agus *cnoc* ina dhiaidh, **Ballyknockan (Baile an Chnocáin)** (259, 393), **Ballyknock Baile Chnoc an Bhiocáire** (555), agus **Ballyknockcrumpin (Baile Chnoc an Chrompáin)** (556). Tá dhá logainm ann le hainmfhocal roimhe agus *cnoc* sa ghinideach, **Kilknock (Cill Chnoic)** (128, 178), agus **Tiknock (Tigh an Chnoic)** (508).

### III 1.11.9 Coill

Insíonn an líon mór logainmneacha in Uíbh Fhailí agus i Laois ina bhfuil *ros* agus *doire* iontu gur fhás foraoiseacha móra sa cheantar sin (Smyth 1982, 25). Is cinnte go bhfuil go leor focail ar fáil i gCeatharlach a thugann fás leathan crann le fios, mar shampla *ros*, *coill*, *fiódh*, *wood* agus *bile*.

Tá timpeall tríocha logainm i Loch Garman a thosnaíonn leis an bhfocal *coill* (de Vál 1987, 50). I gCeatharlach, tá ocht logainm leis an bhfocal *coill*. Tá aidiacht ina dhiaidh sa logainm **Kilmeay (Coill Mheánach)** (4). Tá ainmfhocal sa ghinideach ina dhiaidh cúig huair, **Kilmaglush (Coill Mhaigh Ghlaise)** (189), **Kilcarry (Coill Charraige)** (247), **Kilcruit (Coill Cruite)** (308), **Parknakyle (Páirc na Coille)** (372) agus **Killalongford (Coill an Longfoirt)** (423). Tá an t-ainm *Seán* ina dhiaidh sa logainm **Killyshane (Coill Sheáin)** (82), agus an aidiacht *garbh* roimhe sa logainm **Garryhill (Garbhchoill)** (245). Tá an focal sa ghinideach dhá uair, **Baile na Coille** (75), agus **Raheenkyle (Ráithín Coill)** (294). Is cosúil ó fhoinsí na bliana 1764 (*Barnhill otherwise called Barnekill (Reg. Deeds abstracts ii 322)*) gur *Bearna Choille* is bunús don logainm **Barnhill** (495). Is léir freisin ó na foinsí gur *Garbhchoill* atá mar bhunús don logainm **Garryhill** (245), mar shampla sa bhliain 1570 (*[Garbh-Choill]*) (*Baronia Udrone*).

### II 1.11.10 Corrán

Tá breis agus sé logainm le *corrán*, mar shampla leis féin, **Craan (Corrán)** (90), agus **Craans (Na Corráin)** (101). Tá *corrán* sa chéad áit le hainmfhocal sa ghinideach, **Craanpursheen (Corrán Puirín)** (119), **Craanaha (Corrán Átha)** (161), **Cranavonane (Corrán Bhunáin)** agus le haidiacht bhriathartha **Craanlusky (Corrán Loiscthe)** (385). Tá aidiacht le *corrán* sa logainm **Cranemore (Corrán Mór)** (141).

#### II 1.11.11 *Crainn*

Tá éagsúlacht crann luaite sna logainmneacha tríd síos, mar shampla *dair*; **Ballyellin and Tomdarragh (Baile Alain agus Tuaim Darach)** (223), **Raheendarragh (Ráithín Darach)** (293), *beith*; **Tombeagh (Tom Beithe)** (458), agus cnuasfhocail **Beitheanach** (548), agus **Crannach** (286). Luaitear *an tsailleach* sna logainmneacha **Tomnaslough (Tamhnach na Saileach (?))** (400), **Ballysallagh Lower, Upper (Baile Saileach)** (439, 440), agus **Ballynasilloge (Baile na Saileog)** (536). Tá crainn eile luaite sna logainmneacha chomh maith, **Aghanure (Achadh an Iúir)** (60), **Ballagherneen (Bealach an (?))** (255), **Lorum (Leamhdhroim)** (310), **Coolnakeeran (Cúl na gCaorthann)** (361), agus ba é **Baile na Fuinseoige** seanainm **Constablehill** (444) is cosúil. Tá *craobh* luaite sa logainm **Creclin (Craobhdhroim (?))** (432). Ar ndóigh, tá *bile* ar fáil sa logainm **Rathvilly (Ráth Bhile)** (507), agus an *leamhán*; **Leagh or Ballybeg (Leamhach nó Baile Beag)** (213).

#### II 1.11.12 *Currach*

Tá cur síos ar dhéantús na talún sna logainmneacha seo *currach*, *móin*, *seisceann*, *maothail*, *bog*.

Aon logainm amháin atá sa chontae le *currach*; **Curragh (Currach)** (445). Tá ainmfhocal ina dhiaidh sa logainm **Curraghercruit (Currach na Cruite)** (243). Tá ceithre logainm ann le *currach* sa ghinideach, **Moanacurragh (Móin an Churraigh)** (5), **Bunnagurragh (Bun na gCurrach)** (137), **Rossacurra (Ros a Churraigh)** (195), agus **Ballycurragh (Baile an Churraigh)** (165).

#### II 1.11.13 *Draighean*

Tá *draighean* ar fáil faoi thrí sna logainmneacha. Tá an cnuasfhocal ann, **Dranagh (Draighneach)** (564), agus tá *cnoc* roimhe sa logainm **Knockendrane (Cnoc an Draighin)** (272). Luaitear *ó Chill Draighneach* chomh luath le 800c (*F. Oeng.* 186), agus *'ó Cill Draighneach* sa bhliain 1170c (*Mart. Gorm* 158), **Kildreenagh (Cill Draighneach)** (248). Is fiú na logainmneacha **Rosdellig (Ros Deilge)** (296) agus **Drisoge (Driseóg)** (121) a lua anseo freisin.

#### II 1.11.14 *Drom(ainn)*

Tá ocht logainm le *droim* iontu. Tá *droim* sa dara háit sna logainmneacha **Knockdramagh (Cnoc Droma)** (191), **Creclin (Craobhdhroim (?))** (432), agus

mar dara cuid de chomhfhocal sa logainm **Lorum (Leamhdhroim)** (310). Tá aidiacht ina dhiaidh in **Drumfea (Droim Féich)** (266), agus leanann ainm duine é sa logainmn **Drumguin (Droim gCoinn)** (446). Tá *ridge* againn i mBéarla mar logainm eile (375), agus *iomaire* againn in **Ballynunnery (Baile an Iomaire)** (166). Tá *dromainn* ar fáil sa logainm **Drummin (Dromainn)** (91, 565).

#### II 1.11.15 *Fearann*

Tá ceithre logainm sa chontae le *fearann*, agus leanann ainmfhocal é sa ghinideach, **Farranaphlure (Fearann an Phlúir)** (30), **Friarstown (Fearann na Manach)** (50) agus **Farranacurragh (Fearann an Churraigh)** (363). Leanann ainm Angla-Normannach é sa logainm **Farranafreney (Fearann na bhFréineach)** (352).

#### II 1.11.16 *Fiodh*

Tá trí logainm ann le *fiodh* iontu; *fiodh* agus aidiacht ina dhiaidh, **Feamore (Fiodh Mór)** (364), le hainmfhocal roimhe agus *fiodh* sa ghinideach; **Knockevagh (Cnoc na bhFeá)** (498) agus **Lisnevagh (Lios na bhFeá)** (502).

#### II 1.11.17 *Gleann*

Tá *gleann* ar fáil ceithre huairé sna logainmneacha, mar shampla leis féin; **Glenoge (Gleannóg)** (31). Is cuid de chomhfhocal é faoi dhó sna logainmneacha, **Leighlinbridge (Leithghlinn an Droichid)** (217) agus **Oldleighlin (Seanleithghlinn)** (371). Tá ainmfhocal ina dhiaidh sa ghinideach, **Glannahary (Gleann na Cora)** (305, 334).

#### II 1.11.18 *Grian*

Tá *grian* ar fáil ina haonar sa logainm **Greenane (Grianán)** (52). Tá *baile* roimhe faoi dhó; **Ballygraney (Baile na Gréine)** (224), agus **Ballynagrane (Baile na Gréine)** (535). Tá *cill* roimhe faoi dhó; **Kilgraney (Cill Ghréine)** (93, 309). Tá *cloch* sa chéad áit sa logainm **Clogrenan (Cloch Ghrianáin)** (345).

#### II 1.11.19 *Hill*

Tá sé logainm sa chontae le *hill* iontu. Bíonn ainmfhocail éagsúla roimhe, **Spahill** (297), **Fonthill** (346), agus **Constablehill** (444). Tá sloinne roimhe sa logainm **Davis's-hill** (418) agus aidiacht roimhe sa logainm **Blackhill** (412). Tá an t-iolar luaite leis sa logainm **Eaglehill** (419, 420, 447).

#### II 1.11.20 *Lágh*



Tá *lág* ar fáil faoi dhó sna logainmneacha le *cúl*, **Coolalaw (Cúl an Lágha)** (415), agus le *béal*, **Bealalaw (Béal an Lágha)** (184).

#### II 1.11.21 *Leacain*

Tá *leacain* ar fáil trí huairé sna logainmneacha, **Lackan (Leacain)** (291, 368, 573); agus le haidiacht ina dhiaidh, **Lackabeg (Leaca b(h)eag)** (600). Níl ach dornán logainmneacha i Loch Garman le *leacain* iontu (de Vál 1987, 63).

#### II 1.11.22 *Maigh*

Tá *maigh* ar fáil faoi chúig sna logainmneacha. Leanann ainmfhocal sa ghinideach é i dtrí cinn acu, **Moyvally (Maigh Bhealaigh)** (292), **Mohullen (Maighean (an) Chuilinn nó Maigh (an) Chuilinn)** (531), agus **Moyacomb (Maigh Dá Chonn)** (601). Tá *maigh* ar fáil freisin le hainmfhocal roimhe agus ina dhiaidh, **Kilmaglush (Coill Mhaigh Ghlaise)** (189). Tá sé freisin mar chuid de chomhfhocal le haidiacht roimhe, **Fennagh (Fionnmhach)** (267).

#### II 1.11.23 *Móin*

Is deacair idirdhealú a dhéanamh idir *Móin* agus *Muine* nuair atá *mon-* in úsáid i logainmneacha Loch Garman. I Loch Garman tá breis agus dhá scór logainm le *mon-* iontu (de Vál 1987, 50). Tá seacht logainm i gCeatharlach le *móin* sa chéad áit agus ainmfhocail sa ghinideach leis, **Moanacurragh (Móin an Churraigh)** (5), **Moanalow (Móin an Locha)** (34), **Moanamanagh (Móin na Manach)** (35), **Moneygrogh (Móin na gCruach)** (153), **Moanavoth (Móin na bhFód)** (503), **Monastill (Móin na Coille (?))** (452), agus **Monaughrim (Móin Achrainn)** (610). Tá *móin* agus aidiacht ina dhiaidh ar fáil faoi dhó, **Moanmore (Móin Mhór)** (164, 370). Tá dhá logainm ann le *móin* sa ghinideach, **Ballymoon (Baile Móna)** (233), agus **Ballyellin or Ballinamona (Baile Alain nó Baile na Móna)** (281).

#### II 1.11.24 *Mullán*

Tá *mullán* ar fáil faoi thrí leis an ainmfhocal ina dhiaidh sa ghinideach; **Mullanaskeagh (Mullán na Sceach)** (575), **Mullanavode (Mullán na bhFód)** (576), **Mullannagaun (Mullán na nGamhan)** (577). I Loch Garman, tá deich mbaile fearainn a thosnaíonn le *mullan-*, *mullaun-*, agus *mullin-* (de Vál 1987, 59).

#### II 1.11.25 *Oileán*

Cnocán i bportach is ciall le 'hoileán' go minic sna logainmneacha (Ó Mainnín 1989-90, 200). Tá *island* ar fáil sna logainmneacha **Moatlusha or Inchisland (Inis)** (36) agus **Island** (422). Tá *inis* ar fáil faoi dhó sna logainmneacha **Inch or Inchaphuca (Inis an Phúca)** (569) agus **Tinnahinch (Tigh na hInse)** (585).

### II 1.11.26 *Páirc*

An t-ainmfhocal *coill* agus *carrraig* sa ghinideach a leanann *páirc* sna logainmneacha; **Carrigpark (Páirc na Carraige)** (240), agus **Parknakyle (Páirc na Coille)** (372). Is cosúil ó na foinsí gur logainmneacha Béarla a cumadh san 18-19ú haois iad **Deerpark New, Old** (143, 144), **Dukespark** (155), agus **Painestown or Oakpark** (64). Tá *park* ann leis féin sa logainm **Park** (6).

### II 1.11.27 *Ros*

Tá ocht logainm le *ros*- mar shampla le haidiacht roimhe agus *ros* sa ghinideach; **Knockdoorish (Cnoc Dubhrois)** (151), **Rathrush (Ráth Rois)** (171), **Ballinrush (Baile an Rois)** (183), agus **Croanruss (Crón Ros)** (188). Tá ceithre shampla againn de *ros* agus ainmfhocal sa ghinideach ina dhiaidh. Tá trí logainm eile ann agus *ros* mar fhocal tosaigh agus an focal ina dhiaidh sa ghinideach; **Rossacurra (Ros an Churraigh)** (195), **Rosdellig (Ros Deilge)** (296), agus **Roscat (Ros Cat)** (404). Tá sampla amháin d'aidiacht ina dhiaidh; **Roslee (Ros Liath)** (196). Ginideac<sup>1</sup> atá ann sna logainmneacha **Portrushen Lower, Upper (Port Roisín)** (470-1).

### II 1.11.28 *Sceach*

Tá ceithre logainm ann le *sceach* iontu. Tá sé sa ghinideach faoi thrí sna logainmneacha **Croneskagh Lower, Upper (Crón na Sceiche)** (416, 417), agus **Mullanaskagh (Mullán na Sceach)** (575). Tá *sceach* sa chéad áit sa logainm **Skahanrane (Sceach an Ráithín)** (312).

### II 1.11.29 *Seisceann*

Tá sé logainm le *seisceann* iontu. Tá sé leis féin trí huairé **Seskin (Seisceann)** (581), **Seskin Lower, Upper (Seisceann)** (376, 378). Leanann an sloinne Gaelach 'Ó Riain' *seisceann* sa logainm **Seskinryan (Seisceann Uí Riain)** (311). Leanann ainmfhocal *seisceann* i gcás an logainm **Seskinnamadra (Seisceann na Madradh)** (339). Tá aidiacht le *seisceann* sa logainm **Seskinrea (Seisceann Riabhach)** (377). Tá an ghinideach ar fáil sa logainm **Barnahaskin (Berna Sheascainn)** (283).

Tá focail éagsúla eile in úsáid le droch-thalamh a chur in iúl, mar shampla *maothail*; **Moyle Big, Little (An Mhaothail)** (43, 44), agus *léana*; **Leany (Léana)** (609). Is fiú gan dearmad a dhéanamh ar *bog* a thagann ón Gaeilge *bogach*, mar atá sa logainm **Boghouse** (262) **Redbog** (429), agus **Brownbog** (443). Tá an logainm **Boggan (An Bogán)** (113) le cur san áireamh freisin, agus **Gormona (Gormeanach)** (246).

### II 1.11.30 *Sliabh*

Tá aon logainm amháin le *sliabh* ann, **Slievedurda (Sliabh Durda)** (582).

### II 1.11.31 *Srath*

Tá cúig logainm le *srath* ann. Tá *srath* leis féin ann **Sragh (Srath)** (124). Tá aidiacht in éineacht leis; **Straduff (Srath Dubh)** (199) agus le haidiacht bhriathartha **Stralusky (Srath Loisethe)** (468). Leanann ainmfhocal é sa ghinideach **Straboe (Srath Bó)** (513). Tá *srath* sa ghinideach sa logainm **Ballinastraw (Baile na Srath)** (97).

### II 1.11.32 *Tulach*

Tá *tulach* sna logainmneacha ceithre huairé; leis an nginideach ina dhiaidh; **Tullowmagimma (Tulach Mhaigh Mo-Dhíomóg)** (65). Tá trí logainm le *tulach* agus aidiacht ina dhiaidh, **Tullowcreeen (Tulach Chríon)** (380), **Tullowbeg (Tulach Bheag)** (436), agus **Tullowphelim (Tulach Ó bhFeilmidh)** (524). Tá *crompán* ar fáil sa logainm **Ballyknockcrumpin (Baile Chnoc an Chrompáin)** (556).

### II 1.11.33 *Úllord*

Tá *úllord* agus ainmfhocal sa ghinideach ina dhiaidh sa logainm **Knockullard (Cnoc Úlloird)** (338). Tá *abhaill* sa logainm **Owlbeg (Abhaill Bheag)** (546). Tá *orchard* againn sa logainm **Orchard** (323). Tá logainm amháin ann le *habhallord* ann; **Orchard (Abhallord)** (611).

### II 1.11.34 *Wood*

Tá cúig logainm le *wood* iontu, **Raheenwood (Ráithín na Coille)** (318, 374), **Johnduffswood** (365), **Woodside** (459), agus **Woodlands** (612).

### II 1.121. *Cur faoi an duine*

#### II 1.12.2 *Áth*

Tá trí logainm le *áth*. Tá dhá logainm ann le hainm ina dhiaidh; **Aghwater (Áth Uaitéir)** (27), agus **Aghade (Áth Fiothaid)** (86). Tá an ginideach sa logainm **Cloghna (Cloch an Átha)** (25).

#### II 1.12.3 *Bealach*

Tá *bealach* ar fáil sa ghinideach trí huairé sna logainmneacha, **Ballinvally (Baile an Bhealaigh)** (106, 131), **Ballinvally and Kiltennell (Baile an Bhealaigh agus Cill tSinchill)** (280), agus **Moyvally (Maigh Bhealaigh)** (292). Aidiacht a leanann é sa logainm **Ballaghmore (Bealach Mór)** (181). Leanann ainmfhocail sa ghinideach

*bealach* i gcás trí logainm, **Ballagherneen (Bealach an (?))** (255), **Ballaghaclay (Bealach (Átha) Cleithe)** (406) agus **Ballinagilky (Bealach na Giolcaí)** (407).

#### II 1.12.4 *Bearna*

Tá cúig logainm sa chontae seo leis an bhfocal *bearna* iontu. Tá an focal mar dara cuid de chomhfocal sna logainmneacha **Ardbearn (Ardbhearna)** (125), agus **Ardbearn and Torman (Ardbhearna)** (174). Leanann aidiacht *bearna* sa logainm **Bearnahask (Bearna Sheasc)** (283). Tá an ghinideach ina dhiaidh sa logainm **Barnahaskin (Bearna Sheascainn)** (283) agus **Barnhill (Bearna Choille)** (495).

#### II 1.12.5 *Bóthar*

Tá dhá shampla againn de *bóthar* agus aidiacht ina dhiaidh; **Boherduff (Bóthar Dubh)** (236), agus **Bohermore (Bóthar Mór)** (237).

#### II 1.12.6 *Buaile*

Tá aidiacht leis an bhfocal seo sa logainm **Booldurragh (Buaile Dhorcha)** (314). Tá *buaile* sa chéad áit i gcás an logainm **Tomard or Boolyrathornan (Tuaim Ard, Buaile Ráth Eornan)** (391), agus ainm leis sa logainm, **Boolvannanan (Buaile Mhanannáin)** (383). Tá *buaile* sa ghinideach sa logainm **Ballynaboley (Baile na Buaile)** (279). Bíodh is gur **Ballinacrea** (182) atá inniu ann i mBéarla, is follas ó na foinsí siar chomh fada le 1544 *Bolynekrehe* (COD iv 260), agus anuas go dtí an bhliain 1756 *Bolynecreagh* (CGn. 184.53.121999), gur **Buaile na Creiche** atá ann cé gur **Ballinacrea** an litriú Béarla a úsáidtear, / bu:l nð 'kre: / (Fuaimniú Áitiúil) (10).

#### II 1.12.7 *Caisleán*

Tá *castle* ar fáil i dtrí logainm; **Caisleán Gráis (Castlegrace)** (89, 116) agus **Castlemore (Caisleán Mór)** (434). Maidir le **Castletown (Baile an Chaisleáin)** (68) is léir ó na foinsí gur mhair *Baile an Chaisleáin* anuas go dtí an 17ú haois. Tagaimid ar *Ballicaslane* sa bhliain 1609 (CPR Jas I XVI 542), agus *Ballycaslan* sa bhliain 1551-2 (*Fiants Ed. Vi* 974). Tá scór ainmneacha i Loch Garman a bhfuil an focal *castle* ina dtús (de Vál 1987, 47).

#### II 1.12.8 *Cora*

Luaitear *cora* faoi cheathair sna logainmneacha. Tá aidiacht léi faoi dhó, **Corry Beg or Currenree (Cora Bheag nó Cora an Rí)** (330), **Corrymore or Corries (Coraí)** (301). Tá *cora* sa ghinideach faoi dhó sna logainmneacha **Clonacur (Cluain na Cora)** (241), agus **Glannahary (Gleann na Cora)** (305).

#### II 1.12.9 *Cúil*

Tá *cúil* ar fáil leis féin i logainm amháin **Coole (Cúil)** (496). Leanann ainmfhocal é sa ghinideach sna logainmneacha seo **Coolnasheegan (Cúil na Síogán)** (187), **Coolnapish (Cúil na Pise)** (242), **Coolnacuppoge (Cúil na gCopóg)** (329), agus **Coolmanagh Lower, Upper (Cúil na Manach)** (462, 463). Leanann an sloinne Gaelach Ó Cuáin *cúil* sa logainm **Coolyhune (Cúil Uí Chuáin)** (563).

#### II 1.12.10 *Cúl*

Tá *cúl* ar fáil i sé logainm. Leanann ainmfhocal sa ghinideach cúig huairé, **Coolasnaghta (Cúl an tSneachta)** (265), **Coolnakeeran (Cúl na gCaorthann)** (361), **Coolnakisha (Cúl na Cise)** (384), **Coolalaw (Cúl an Lagha)** (415), agus **Coolnamara (Cúl na Mara)** (593). Tá aidiacht ina dhiaidh sa logainm **Coolroe (Cúl Rua)** (606).

#### II 1.12.11 *Dún*

Is annamh a bhíonn dath in éineacht le *dún* i logainmneacha (Flanagan 1980-1, 21), ach tá **Dunroe (Dún Rua)** (333) againn sa chontae seo. Tá **Donore (Dún Óir)** (304) agus **Dunleckny (Dún Leicne)** (16) ann agus *dún* sa chéad áit. Tá **Downings (Dúnaibh)** (517) ann, agus *dún* sa ghinideach sa logainm **Ardoyne (Ard Dúin)** (95).

#### II 1.12.12 *Garraí*

Tá sé logainm sa chontae le *garraí*. Tá sé mar chuid de chomhfhocal sa logainm **Shangarry (Seangharraí)** (197). Tá *garraí* sa dara háit sna logainmneacha **Knockagarry (Cnoc an Gharraí)** (366), agus **Ballyshancarragh (Baile Sheangarraí)** (597). Leanann sloinne *garraí* sa logainm **Garryhundon (Garraí Chondúin)** (23). Tá *garraí* sa chéad áit sa logainm **Garreenleen (Garraí an Lín)** (167). Sa logainm **Newgarden ((An) Garraí Nua)** (63) mar atá ann inniu is léir ó na foinsí gur mhair **Garraí Nua** anuas go dtí an 17ú haois (1631, *Garrynew, Inq. Temp. Car. I*). I Loch Garman, tá timpeall tríocha logainm a thosnaíonn leis an bhfocal *garraí*, agus ainm duine ag gabháil leis an gcuid is mó díobh (de Vál 1987, 57).

#### II 1.12.13 *Gráinseach*

Tá ceithre logainm sa chontae le *grange* iontu. Is féidir **Grangeford (Gráinseach Fhotharta)** (32, 33) a cheangal le mainistir i mBealach Conglais a bunaíodh sa bhliain 1148 i gCill Mhantáin. Tá *grange* ar fáil faoi dhó eile freisin, **Grangewat (Gráinseach Uait)** (51) agus tá **Butlersgrange (Gráinseach an Bhuitléaraigh)** (515) mar atá inniu air luaite sa *Leabhar Branach (a nGráinsigh an Bhuitléaraigh)*.

#### II 1.12.14 *Líon*

Déanann logainmneacha insint shuimiúil ar nósanna an cheantair agus na slite a bhí acu dul i ngleic leis an timpeallacht. Tá *líon* ar fáil faoi dhó sna logainmneacha, **Ballyleen (Baile Lín)** (109), agus **Garreenleen (Garraí an Lín)** (167). Tá an fhoinsé *Garryline at' Flaxgarden* sa bhliain 1690 le tabhairt faoi deara (*Inq. Temp. Gul. & Mary* 1). (*Leabhar Branach* xviii 1646).

### II 1.12.15 *Lios*

Focal neamhchoitianta é *lios* i logainmneacha Laighean (Flanagan 1980-1, 16). Tá *lios* ar fáil sé huairé sna logainmneacha. Tá trí logainm ann le hainm Gaelach ina dhiaidh, **Lisgarvan (Lios Garbháin)** (170), **Lasmaconly (Lios Mhic Conghaile)** (192), agus **Lissalican (Lios Ailleagáin)** (530). Is minic a bhíonn aidiacht a chuireann dath in iúl in éineacht le *lios* sa logainm (Flanagan 1980-1, 21), ach ní hamhlaidh atá anseo i gCeatharlach. Tá an t-ainmfhocal *lios* agus aidiacht ina dhiaidh ar fáil faoi dhó, **Knocklishen Beg, More (Cnoc Lisín)** (499, 500). Tá *lios* agus ainmfhocal sa ghinideach ina dhiaidh ar fáil sa logainm **Lisnevagh (Lios na bhFeá)** (502). Déanann na tagairtí seo maraon le tagairtí don slua sí; **Sheean (Sián)** (198), agus **Inch or Inchaphuca (Inis an Phúca)** (569), insint an-shuimiúil ar chaitheamh aimsire chomh maith le córas smaointe na dúiche.

### II 1.12.16 *Muileann*

Tá *muileann* ar fáil i dtrí logainm, **Clonmullen (Cluain (an) M(h)uilinn)** (139), agus **Milltown (Baile an Mhuilinn)** (152, 274).

### II 1.12.17 *Pis*

Tá *pis* ar fáil faoi dhó sna logainmneacha, agus leis na hainmfhocail *cúil*, agus *ráth* **Coolnapish (Cúil na Pise)** (242) agus **Rathnapish (Ráth na Pise)** (17).

### II 1.12.18 *Ráth*

Tá *ráth* an-choitianta i Laighin (Flanagan 1980-1, 16). Tá *ráth* ar fáil go minic sna logainmneacha, ina aonar, mar chuid de chomhfhocail agus le sloinne nó hainm baiste. Tá ceithre logainm ann le *ráithín* ina aonar, **Raheen (Ráithín)** (154, 373, 428, 467). Tá dhá logainm le *raheen* agus *wood* ina dhiaidh, **Raheenwood (Ráithín na Coille)** (318, 374). Tá ocht logainm ann le *ráth* agus ainmfhocal ina dhiaidh sa ghinideach, **Rathnapish (Ráth na Pise)** (17), **Rathnashannagh (Ráth na Sionnach)** (38), **Rathrush (Ráth Rois)** (171), **Rathnageeragh (Ráth na gCaorach)** (278), **Raheenkyle (Ráithín Coill)** (294), **Rathnafushoge (Ráth na Fuiséige)** (454), agus **Rathnagrew Lower, Upper (Ráth na Graí)** (455, 456). Leanann an ginideach *ráth* sé huairé, **Rathedan (Ráth Éadain)** (220), **Raheendarragh (Ráithín Darach)** (293), **Rathornan (Ráth Eornan)** (388), **Boolyrathornan (Buailé Ráth Eornan)** (391), **Rahill (Ráth Éill)** (488), agus **Rathvilly (Ráth Bhile)** (507). Bíonn aidiacht le *ráth* go minic sna logainmneacha (Flanagan 1980-1, 21), agus is amhlaidh atá i gcás cúig logainm sa chontae seo, **Ráthbaun (Ráth Bán)** (37), **Raheenliegh (Ráithín Liath)**

(194), **Rathduff (Ráth Dubh)** (252), **Rathmore (Ráth Mór)** (490), agus **Rathglass (Ráth Glas)** (521). Bíonn ainm duine le *ráth*, mar shampla **Ratheeragh (Ráth Fhiachrach)** (104), **Rathvarrin (Ráth Bhairinn)** (105), **Raheenkillane (Ráithín Chill Áine)** (130), **Rathellin (Ráth Alain)** (221), **Rathercan (Ráth Earcáin)** (277), **Rathanna (Ráth Fhánadh)** (295), agus **Rathdaniel (Ráth Dhónaill)** (480). Bíonn sloinnte sa dara háit le *ráth* mar shampla sloinnte Gaelacha, **Raheendoran (Ráithín Deoráin)** (348), **Raheenadaw (Ráithín Uí Dheá)** (479), agus sloinnte Angla-Normannacha **Rathvinden (Ráth Bhindúin)** (389), agus **Rathwade (Ráth Wade)** (222). Is léir mar sin gur focal é *ráth* a bhí fós in úsáid i gCeatharlach iartheach na Normannach, (*Flanagan 1980-1, 20*). Bíonn gnéithe eile leis sa dara háit mar shampla **Rathlyon (Ráth Laighean)** (522), **Rathgeran (Ráth Gearrán)** (5'9), **Rathcrogue (Ráth Caróg)** (72), **Rathtoe (Ráth Tó)** (172). Tá aon logainm amháin le *ráithín* ann sa ghinideach, **Skahanrane (Sceach an Ráithín)** (312).

Bíodh is gur **Kyle** (529) leagan an lae inniu, tá sé le léamh ar na foinsí go raibh dá fhocal eile ar a laghad leis anuas go dtí an 17ú haois ach gur cailleadh iad. Tháinig Price ar an litriú *Kityughnegerathe* sa bhliain 1570 (*Price; Cal. Carew MSS*), agus tá go leor leaganacha eile aimsithe ag Nicholls (1970-1, 33), ina measc; *a marte-lande in .... Kilrathginny (IPR Jas i 51b)* sa bhliain 1604, *Kilraghyne (Inq. Temp. Car. I 63)* sa bhliain 1616 *Kilragynny (Kavanagh Papers 43)* sa bhliain 1621 *Killmackinee (Price; CI)* sa bhliain 1637 agus *Killmackinnee (Price; CI)* sa bhliain 1638.

## II 1.12.19 *Rí*

Tá dhá logainm le *rí*, atá sa ghinideach, **Ballinree (Baile an Rí)** (325), agus **Kilree (Cill Rí)** (336).

## II 1.12.20 *Tuaim*

Tá trí logainm le *tuaim*, agus is aidiacht a leanann é, **Tomard Lower Upper, (Tuaim Ard)** (390, 392), agus **Tomard or Boolyrathornan (Tuaim Ard nó Buaille Ráth Eornan)** (391).

Chímid tagairtí sna logainmneacha do ghnéithe aiceanta na timpeallachta a chuaigh i bhfeidhm ar an duine agus é ag dul i mbun a chuid oibre gach lá. Baisteadh ainmneacha ar na háiteanna ab fharr a d'oirfeadh do leagan amach an cheantair, agus a thugann eochair dúinn inniu ar mheoin agus dearcadh an té a cheap.

### II 1.13.1 *Ainmhithe*

Luaitear ainmhithe i mbreis agus fiche logainm, a thugann eolas dúinn ar thábhacht na seilge nó na feirmeoireachta nuair a ceapadh an t-ainm. Tá éin dhifriúla luaite trí huair (fuinseog, fiach, spideog), **Graiguenaspiddoge (Gráig na Spideog)** (212), **Drumfea (Droim Féich)** (266), agus **Rathnafushoge (Ráth na Fuiseoige)** (454). Luaitear madraí agus cúnna i dtrí logainm, **Labanasigh (Leaba na Soithe)** (249), **Seskinnamadra (Seisceann na Madradh)** (339), agus **Porchavodda (Póirse an Mhadaidh)** (453). Luaitear an sionnach sa logainm **Rathnashannagh (Ráth na**

**Sionnach** (38), an chaora sa logainm **Rathnageeragh (Ráth na gCaorach)** (278), agus an coinicéar in **Coneykeare (An Coinicéar)** (395). Luaitear focail éagsúla atá ceangailte le capall sé huair; **Rathnagrew Lower, Upper (Ráth na Graí)** (455, 456), **Kineagh (Ci(o)nn Eich)** (473) **Kilgarron or Janeville (Coill Ghearrán)** (270), **Rathgeran (Ráth Gearrán)** (579) agus **Clongarron (Cluain Gearrán)** (604). Tá an focal Béarla *deer* luaite faoi dhó, **Deerpark New, Old** (143, 144), agus *eagle* sa logainm **Eaglehill** (419, 447, 420). Tá an *bhó* luaite faoi dhó sa ghinideach, **Straboe (Srath Bó)** (513), **Templenaboe (Teampall na mBó)** (584), agus **Mullannagaun (Mullán na nGamhan)** (577).

## II 1.14 *Fianaise na teanga ó na logainmneacha*

### II 1.14.1 *-each > / ð /*

Cailtear *-(e)ach* deiridh neamhaiceanta, mar shampla; **Quinagh (Cúinneach)** (7), **Moanamanagh (Móin na Manach)** (35), **Rathnashannagh (Ráth na Sionnach)** (38), **Cappagh (An Cheapach)** (114), **Bunnagurragh (Bun na gCurrach)** (137), **Knockdramagh (Cnoc Droma)** (191), **Curraghcruit (Currach na Cruite)** (243), **Kildreenagh (Cill Draighneach)** (248), **Fennagh (Fionnmhach)** (267), **Rathnageeragh (Ráth na gCaorach)** (278), **Raheendarragh (Ráithín Darach)** (293), **Ballinabranagh (Baile na mBreatnach)** (343), **Farranacurragh Fearann an Churraigh** (363), **Knocknabranagh and Knockbaun (Cnoc na mBreatnach agus Cnoc Bán)** (367), **Ballaghaclay (Bealach (Átha) Cléithe)** (406), **Ballysallagh Lower, Upper (Baile Saileach)**, **Curragh (Currach)** (445), **Coolmanagh Lower, Upper (Cúil na Manach)** (462, 463), **Coppenagh (Copánach)** (516), **Ouragh (Odhrach)** (520), agus **Dranagh (Draighneach)** (564).

### II 1.14.2 *-each > / x /*

Coinnítear an / x / áfach i roinnt samplaí, mar shampla, **Rathnashannagh (Ráth na Sionnach)** (38) (/ ra nð 's'inðx /, / rat nð 's'anok / Fuaimniú Áitiúil (58, 71)), **Barragh (Barrach)** (134) (/ 'bar ðx / Fuaimniú Áitiúil (3, 6, 10, 60, 65, 71), **Knockbarragh (Cnoc Barrach)** (150) (/ nok 'barðx / Fuaimniú Áitiúil (6,10)), **Ballaghmore (Bealach Mór)** (181) (/ balðx 'mo:r /, Fuaimniú Áitiúil (10, 12, 71), **Leagh or Ballybeg (Leamhach)** (213) (/ lðux / Fuaimniú Áitiúil (10)), **Crannagh (Crannach)** (286) (/ kra:nax / Fuaimniú Áitiúil (11)), **Ballaghaclay (Bealach (Átha) Cléithe)** (406) (/ balðx ð 'kle: / Fuaimniú Áitiúil. (5, 41), **Clanagh (Cluaineach)** (562) (/ 'kla:ɪðx /, Fuaimniú Áitiúil (13)), **Mullannaskeagh (Mullán na Sceach)** (575) (/ mulɑ:n ð s'k'ax / Fuaimniú Áitiúil (13, 19, 20).

### II 1.14.3 *-each > / ð /, / e: /, / i: /*

In áiteanna eile déantar / ð /, / e: / nó / i: / de, mar shampla, **Baunreagh (Bán Riach)**, (359) (/ bɑ:n 're: /, / bɑ:n 'ri: / Fuaimniú Áitiúil (8, 54, 57, 73), **Croneskagh Lower, Upper (Crón na Sceiche)** (416, 417), / klo:n ð 'ski: /, / kra:n ð 'li: /, / kro:n ð 'ski: /, /



kro:n ð 'ske: /, Fuaimniú Áitiúil (5, 37, 38, 41), agus **Kineagh (Ci(o)nn Eich)** (473) (/ kin 'e: /, Fuaimniú Áitiúil (2, 8, 17, 71).

#### II 1.14.4 -*abha*- > / ðu /

Is cosúil ón litriú *Ballyngovin* sa bhliain 1545 (*COD* iv 287), go raibh dhá shiolla le háireamh sa dara focal sa logainm **Ballygowan (Baile an Ghabhann)** (344). San 17ú haois, is é an litriú *Bally(n)gown(e)* is coitianta, ach is é / bali 'gðun / fuaimniú an lae inniu. Maidir leis an logainm **Ballynalour (Baile na Lobhar)** (559), tá sé spéisiúil breathnú ar na bealaí a úsáideadh san 17ú haois leis an dara focal a chur i mBéarla agus an insint uaidh sin ar fhuaim an fhocail *Ballenyloure* (1601; *Fiants Eliz.* 6541), *Balliowniloure* (1604, *IPR Jas.* I 51a), *Ballaghnelowre* (1667, *Kavanagh Papers* 54). Is é / balinð 'lður / an fuaimniú áitiúil (13, 19).

#### II 1.14.5 -*abha*- > / u: /

Is é an litriú *Gowlin*, agus *Gowlee* is coitianta san 17ú haois den logainm **Gowlin (An Gabhailín)** (567). Is é / 'gu:lin / an fuaimniú áitiúil (13, 19, 20). Ag breathnú ar fhoinsí an logainm **Cournellan (Corr Nialláin)** (594), is é an litriú is coitianta a úsáidtear san 16-17ú haois chun an chéad fhocal a chur i litriú an Bhéarla ná *Cor*, *Cowr-*, *Cur-*, *Core-*, *Coor-*, *Cour-*. Tá guta fada againn san fhoghraíocht áitiúil inniu, / cu:rt 'nelin / (24), / cu:r 'nelðn / (13, 21, 22, 24).

#### II 1.14.6 -*abha*- > / o: /

In ainneoin nach bhfuil aon fhoinsí aimsithe agam níos faide siar ná foinse Uí Dhonnabháin don logainm **Ballylower (Baile Lobhar)** (110), is léir ón bhfuaimniú áitiúil / bali 'lo:r / cén fuaim atá ag *lobhar* sa logainm áirithe seo (Murab ionann agus an logainm eile le *lobhar* ann sa chontae seo, **Ballynalour (Baile na Lobhar)** (559).

#### II 1.14.7 / ið /, / i: / > / ði /

Tá logainmneacha ann agus glacadh bealaí eile lena litriú i mBéarla. Úsáideadh an litir -*ya*- i gcás an logainm **Ballyryan (Baile Uí Riain)** (67), agus **Seskinryan (Seisceann Uí Riain)** (253), a thugann leid dúinn ar fhuaim -*y*- an Bhéarla. Tá *Ballirian* ann sa bhliain 1606 (*IPR Jas.* I 87b), agus is sa bhliain 1626 a thagann an chéad foinse atá aimsithe agamsa den -*y*-, mar atá *Ballyryan* (*Inq. Temp. Car.* I 10). Níor éirigh liom teacht ar litriú gan an -*y*- ann níos déanaí ná 1672c *Ballyrean* (*Hib. Del.*).

Maidir leis an logainm **Sliguff (Slí Dhubh)** (313), is léir ó na foinsí gur *Sleguffe* (*BSD* 65), nó *Sleagoffe* (*Hib. Del.*) a mhair sa 17ú haois. Is é / slði 'guf / an fuaimniú áitiúil (8, 52, 53), a thugann le fios gur tháinig forás ar an bhfuaim / i: / go / ði /, cé nach bhfuil sin le sonrú i litriú Béarla an lae inniu, **Sliguff**.

Feicimid an tréith chéanna sa logainm **Myshall (Míseal)** (193). Anuas go dtí an 15ú haois níl aon *-y-* sna foinsí, mar shampla sa bhliain 1397 in *Misheill* (Dowling 25). Ba sa bhliain 1497 a tháinig mé ar an gcéad rian den *-y-* ag teacht isteach sa litriú *Mysyll* (*Cal. Papal. Letters* xvi 827). Tá an litriú *Mys-* agus *Mis-* taobh le chéile go dtí an 18ú haois nuair atá an litriú deireanach ann gan *-y-*, mar shampla sa bhliain 1703 *Mishell* (*ACT* 385). Bíodh sin mar atá, tá fianaise ann gur mhair an fhoghra'ocht / mi: s'ðl / ag tús an chéid seo, (Fuaimniú Áitiúil (6, 10), ach anois is é / mði s'ðl / an fuaimniú áitiúil anois (6, 10, 20, 26, 28, 29, 31, 51, 52, 60).

Is é *Kilbride* an leagan Béarla is coitianta san 17ú haois den logainm **Kilbride (Cill(in) Bhríde)**. Tá an litriú *Killenbryde* ann sa bhliain 1562-3 (*Fiants Eliz.* 471), agus *Killynbryde alias Kilbryde* sa bhliain 1601 (*COD* vi 113). Is é / kil 'brðid / fuaimniú an lae inniu (Fuaimniú Áitiúil 6, 10, 56...). Tá fianaise ann go raibh / tubðr 'brðid / mar fhuaimniú áitiúil amháin (Fuaimniú Áitiúil 32) ar an logainm **Toberbride (Tobar B(h)ríde)** (254). D'fhéadfadh sé gur tháinig an fuaimniú seo ó litriú an Bhéarla.

#### II 1.14.8 *ua* > / o: /

Feicimid an fhuaim / o: / ag *ua* sna logainmneacha seo, **Ballynoe (Baile Nua)** (99), **Ballywilliamroe (Baile Uilliam Rua)** (235), **Knockroe (Cnoc Rua)** (289), agus **Dunroe (Dún Rua)** (333). Sa logainm **Ballynolan (Baile Uí Nualláin)** (356), feicimid an forás / uð / > / o /.

#### II 1.14.9 *ua* > / u: /

Feicimid an forás foghraíochta *ua* > / u: / sna logainmneacha seo **Agharue (Achadh Rua)** (381), **Clonetoose (Cluain Thuas)** (264), **Ballynaboley (Baile na Buaile)** (279), **Booldurragh (Buaile Dhorcha)** (314), **Knockroe, (Cnoc Rua)** (501), **Boolyvannanan (Buaile Mhanannáin)** (383), agus **Coolroe (Cúl Rua)** (606).

#### II 1.14.10 *á* > / α: /

Tá fianaise ann go bhfuil an fhuaim / α: / ag an *á* sna logainmneacha seo, **Baunogenasraid (Bánóg na Sráide)** (28), **Baunogeophlure (Bánóg an Phlúir)** (29), **Rathbaun (Ráth Bán)** (37), **Baunleath (Bán Liath)** (358), **Baunreagh (Bán Riach)** (359), **Knocknebranagh and Knockbaun (Cnoc na mBreatnach agus Cnoc Bán)** (367), agus **Raheenadaw (Ráithín Uí Dheá)** (479).

#### II 1.14.11 *á* > / a: /

Tá an fhuaim / a: / ag an nguta fada sna logainmneacha seo; **Craan (Corráin)** (90), **Craans (Corráin)** (101), **Craanpursheen (Corrán Púirín)** (119), **Cranemore (Corrán Mór)** (141), **Craanaha (Corrán Átha)** (161), **Craanlusky (Corrán Loiscthe)** (385), **Cranavonane (Corrán an Bhunáin)** (386), **Aclare (Áth Clár)** (180), **Lisnevagh (Lios na bhFeá)** (502), agus **Knockevagh (Cnoc na bhFeá)** (498).

#### II 1.14.12 *á* > / e: /

Tugaimid an forás foghraíochta *á* > / e: / faoi deara ar na logainmneacha seo a leanas, **Slaneyquarter** (39), **Killyshane (Coill Sheáin)** (82), **Carrickslaney (Carraig na Sláine)** (88), **Cranemore (Corrán Mór)** (141), **Ballintrane (Baile an tSruháin)**, **Clonmacshane (Cloch Mhic S(h)eoinín)** (206), **Killinane (Cill (Mo) Fhionáin)** (353), **Ballyshane (Baile Sheáin)** (431), **Ballykillane (Baile Uí Choileáin)** (438), **Rahill (Ráth Éill)** (488), **Acaun (Áth (?))** (491), **Ballyhegan (Baile Uí Ágáin)** (554), agus **Slaney (An tSláine)** (618). Is é *-ane* a úsáidtear leis an bhfuaim seo a chur i litriú an Bhéarla.

#### II 1.14.13 / ið / > / i: /

Feicimid an fhuaim / i: / sna logainmneacha, **Raheenleigh (Ráithín Liath)** (194), **Rosslee (Ros Liath)** (196), **Ballykeenan (Baile Uí Chianáin)** (132), agus **Ballykeenan (Baile Uí Chianáin)** (590).

#### II 1.14.14 / ið / > / e: /

Tá fianaise ann go bhfuil an fhuaim / e: / ag **Ballykeenan (Baile Uí Chianáin)** (590).

#### II 1.14.15 *uí* > / ði /

Tá an fhuaim / ði / ag *-uí-* sa logainm **Knockboy (Cnoc Buí)** (497).

#### II 1.14.16 *nn* > *ng*

Sa logainm **Ballyling (Baile Uí Fhloinn)** (557), tá fianaise ar an bhforás anseo *nn* caol deiridh > *ng* (Ua Súilleabháin 1994, 488; Ó hUiginn 1994, 561). Is léir ó thaighde Quin go raibh an tréith seo i nGaeilge Chill Chainnigh thart ar na blianta 1707-1721, agus tugann sé samplaí dúinn ó shaothar aistriúcháin Lucas Smyth, m.sh., *bainge* (bainne), agus *éinghe* (éinne) (Quin 1964-6, 109). Is cosúil gurb é an forás seo faoi deara na litreacha *g(h)* a bheith le feiscint i leaganacha Béarla den logainm **Kineagh (Ci(o)nn Eich)** (473) san 17ú haois, *Kingagh (Hib. Reg.)*.

#### II 1.14.17 *loch* > / o: /

Faighimid an fhuaim / o: / ag deireadh an logainm **Moanalow (Móin an Locha)** (34), agus sa logainm **Mountwolsley or Crosslow (Crois Chloiche)** (519).

#### II 1.14.18 *Mór* > / mo:r /

Tá fianaise ann gurb í an fhuaim / mo:r / atá ag *mór* sna logainmneacha, **Cranemore (Corrán Mór)** (141), **Moanmore (Móin Mhór)** (164), **Ballaghmore (Bealach Mór)** (181), **Clonmore (Cluain Mhór)** (360), **Feamore (Fiodh Mór)** (364), **Moanmore (Móin Mhór)** (370), **Clonmore (Cluain Mhór)** (414), **Rathmore (Ráth Mór)** (490), agus **Knocklishen Beg, More (Cnoc Lisín)** (499, 500).

#### II 1.14.19 *Mór* > / mo:r /, / mu:r /.

Tá an fhuaim / mu:r /, agus an fhuaim / mo:r / ar fáil sna logainmneacha **Knockmore (Cnoc Mór)** (231), agus **Castlemore (Caisleán Mór)** (434).

#### II 1.14.20 *Focal dháshiollach* > *focal aonsiollach*

Is mar fhocal aonsiollach a litrítear *corrán* i bhfoinsí Béarla na logainmneacha seo (le béim ar an dara siolla); **Craan (Corráin)** (90), **Craans (Corráin)** (101), **Craanpursheen (Corrán Púirín)** (119), **Cranemore (Corrán Mór)** (141), **Cranaha (Corrán Átha)** (161), **Craanlusky (Corrán Loiscthe)** (385), agus **Cranavonane (Corrán an Bhunáin)** (385). Bíodh is gur focal aonsiollach a cheap Ó Donnabháin sa 19ú haois, tagaimid ar litriú dháshiollach ag freagairt do *corrán* chomh déanach leis an 18ú haois, mar shampla sa bhliain 1786 *Garrinpursin* (CGn. 419.199.273657). Is é *Coranmore* an litriú Béarla is coitianta ar an logainm **Cranemore (Corrán Mor)** (141) san 16ú haois, ach faoin mbliain 1657c tagaimid ar an litriú *Cranmore* (Hib. Reg.; DS).

Is léir gur focal dháshiollach é *caróg* ó shracfhéachaint ar fhoinsí agus fhuaimniú Béarla na logainmneacha, **Ballycrogue (Baile Caróg)** (9); (/ balɪ 'kro:g /, / balɪ 'kro:k /, Fuaimniú Áitiúil (9, 71); **Rathcrogue (Ráth Caróg)** (72) (/ rat 'kro:g /, / 'rat kro:g /, / ra 'kro:g /, Fuaimniú Áitiúil (14, 15, 40, 63, 71, 72). Mar shampla, sa bhliain 1620 tá an litriú *Ballycurroge* (Inq. Temp. Jac. I 5) againn, bíodh is go bhfuil an litriú *Ballicroge*, *Ballycroge* ar fáil san aois seo freisin (BSD 65, Census 353). San 16ú haois a fhaighimid focal dháshiollach ag freagairt do *caróg* sa logainm **Rathcrogue (Ráth Caróg)** (72), (1572, *Rathcarog*, *Fiants Eliz.* 2103). San 17ú haois litriú aonsiollach amháin a fhaighimid, *Rathcroage* (Inq. Temp. Car I 19), *Rackroge* (Hib. Reg.; BSD 65).

Tugann gach foinse den bhaile fearainn **Ballyasilloge (Baile na Saileog)** (536) (/ balɪ n̪ 's'ilo:g /, / balɪ n̪ 's'il og /, / bal n̪ 's'il o:g /, Fuaimniú Áitiúil (7, 11, 21, 24, 25) le fios go bhfuil an bhéim ar an gcéad siolla. Chomh luath leis an 16ú haois, tá an litriú *Balleneshillock* (*Fiants. Eliz.* 3155) ann, agus sa bhliain 1750 *Ballynesilloge* (CGn.141.358.95794).

#### II 1.14.21 *r* > / s /

Maidir leis an logainm **Craanpursheen (Corrán Púirín)** (119), is léir go raibh an fuaimniú / s / ag an *-r-* sa focal *púirín*. Chomh luath leis an mbliain 1550-1 is é *Garranpurcyne* (*Fiants Ed.* vi 719) an litriú air agus *Cronepurseene* sa bhliain 1660c

(BSD 75). Is léir ón bhfuaimniú áitiúil go maireann an -s- seo ar aghaidh sa chaint go fóill in ainneoin an litrithe Bhéarla, / kra:n 'pur s'i:n / (10); / kra:n pur 's' in / (10, 71).

Feicimid an tréith chéanna i gcuid de na focail i gcanúint Chill Chainnigh, m.sh. *bóithreán*, 'boh-shawn,' (Ó Meachair 1985, 131), *bóithrín*, 'boh-sheen,' (Ó Meachair 1985, 131), *grabaire*, 'graishe,' (Ó Meachair 1985, 132), *láithreach*, 'lawish·ick,' (Ó Meachair 1985, 132), *slogaire*, 'slugaishe,' (Ó Meachair 1985, 134), *feirin*, 'feizin' or 'feisin,' *méirín*, (Ó Ceallaigh 1954, 51), 'meirzin,' *mochoiri*, 'mochoizi,' (Ó Ceallaigh 1954, 52), *gabhairín*, 'gðu 'zi:n,' (Moylan 1996, 123), *grabaire* 'grabðzð, grabiz'ð, grabidz'e, grabis'tð' (Moylan 1996, 140), *reidhteoir*, 'reiteois,' (Ó Ceallaigh 1954, ), *machaire*, 'machaise,' (Moylan 1996, 171), *máire cam*, 'ma:zð' (Moylan 1996, 173), *ramaire*, 'ramðz'ð,' (Moylan 1996, 212), *mairg*, 'mazig, (Moylan 1996, 173).

## II 1.15.22

### Foinsí agus a Noda

- Accounts St. Mary "Accounts of lands, possessions and revenues of St. Mary's Abbey, Dublin at period of its dissolution, AD 1539-1540", in *Chart. St. Mary*, vol 2, ed. John T. Gilbert (London 1884).
- A. CLON *The Annals of Clonmacnoise being Annals of Ireland from the earliest period A.D. 1408 translated into English A.D. 1627 by Conell Mageoghagan and now for the first time printed*, ed. The Rev. Denis Murphy S. J. (Dublin 1896).
- A. CONN *Annála Connacht; the annals of Connacht (AD 1224-1544)*, ed. A. Martin Freeman (Dublin 1944).
- ACT "Abstracts of The Conveyances from the Trus'ees of the Forfeited Estates and Intrests in Ireland in 1688" - Appendix to *Fifteenth Annual Report from the Commissioners of Public Records of Ireland* (1825); 348-396.
- Acta SS Colgan *Acta sanctorum veteris et majoris Scotiae seu Hiberniae*, John Colgan (Lovanii 1645).
- Admin. Ire. *The administration of Ireland 1172-1377*, ed. H. G. Richardson and G. O. Sayles (Dublin 1963).
- Aff. Ire. *Documents of the Affairs of Ireland before the King Council*, ed. G. O Sayles Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (Dublin, 1979).
- AGBP *Ainmneacha Gaeilge na mbailte poist*, Oifig an tSoláthair; (Baile Átha Cliath 1969).
- AIF *The Annals of Inisfallen*, ed. Séan Mac Airt (Dublin 1951).

- Ainm *Ainm; bulletin of the Ulster Place-name Society* (Belfast 1986-).
- AL Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis do Chontae Cheatharlach.
- ALC *The Annals of Loch Cé; A chronicle of Irish Affairs from A.D 1014 to A.D. 1590*, ed. William M. Hennessy, 2 vols (London 1871).
- Alen *Calendar of Archbishop Alen's Register c.1172-1534*, prepared and edited from the original in the Registry of The United Dioceses of Dublin and Glendalough and Kildare by Charles McNeill (Dublin 1950).
- Anal. Hib. *Analecta Hibernica* (Dublin 1930-69; Shannon 1970-).
- Annals St. Mary "Annales Monasterii Beate Marie Virginis juxta Dublin", in *Chart. St. Mary*, vol 2, ed. John T. Gilbert (London 1884).
- Ann. Ire. Frag *Annals of Ireland; Three fragments copied from Ancient Sources by Dubhaltach Mac Firbisigh*; ed. John O' Donovan (Dublin 1860).
- Ann. Ros. "The Annals of Roscrea," ed. D. Gleeson, S. Mac Airt, *PRIA*, vol. 59, sect.c, no.3, (1958).
- AÓR *Dánta Aodhagáin Uí Rathaile*, ed. Rev. Patrick S. Dinneen. *ITS* vol iii (London 1911).
- Archiv. Hib. *Archivium Hibernicum; or, Irish historical records*, ser. 1, vols i-vii (Maynooth 1912-21); ser. 2, vol. viii- (1941-).
- ARÉ *Annála Ríoghachta Éireann; annals of the kingdom of Ireland by the Four Masters from the earliest period to the year 1616*, ed. John O'Donovan, 7 vols. (Dublin 1848-51).

- AS "Acallamh na Senórach," eag. Whitley Stokes in *Irische Texte* 4.1 (1900) Leipzig.
- ASE "Abstracts of grants of lands and other hereditaments under the acts of settlements and explanation, AD 1664-84" compiled by John Lodge and published in the appendix to the *15th Annual report from the commissioners...respecting the public records of Ireland* (1825) 45-340.
- AU *Annála Uladh; annals of Ulster; otherwise Annála Senait, annals of senait; a chronicle of Irish affairs, 431-1131, 1155-1541* ed. William Hennessy and Bartholomew MacCarthy, 4 vols (Dublin 1887-1901).
- Balt. "The Charter of John, Lord of Ireland, in favour of The Cistercian Abbey of Baltinglass" by K.W. Nicholls, *Peritia* vol 4, 1985, 187-206.
- Baronia Udrone 'Portion of an ancient map entitled Baronia Udrone in Com. Catherloughe made circa 1570' printed in 'Life and Times of Sir Peter Carew,' by John MacLean 1857, in "Unpublished Letters from Richard II in Ireland," ed. Edmund Curtis, *PRIA* vol. xxxvii sect.c No.14 (1934-5).
- Bayly Papers "Bayly Papers", ed. John Ainsworth, *Anal. Hib.* xxv (Dublin 1967).
- Bede *Venerabilis Baedae; Historiam Ecclesiasticam Gentis Anglorum Historiam Abbatum Epistolam ad Ecgberctum una cum Historia Abbatum Auctore Anonymo*, ed. Carolus Plummer 2 vols, (Oxford 1896).
- Bk. Gen.DF. *The Introduction to the Book of Genealogies by Dubhaltach Mac Firbhisigh - found in the Book; Genealogical Tracts I*, Toirdhealbhadh Ó Raithbheartaigh (1932).
- B.M.Add. MS. British Museum Additional Manuscript. (buíochas do Hubert Gallwey 1970).



- Britannia *Britannia, sive florentissimorum regnorum Angliae, Scotiae, Hiberniae, et insularum adiacentium .....*  
William Camden (AD 1587).
- B. Shuibhne *Buile Suibhne (The frenzy of Suibhne) being the adventures of Suibhne Geilt; a middle Irish romance*, ed. J.G. O'Keefe ITS xii (London 1913).
- Butlers *Poems on the Butlers of Ormond, Cahir and Dunboyne. AD 1400-1650* ed. James Carney. Dublin Instituted for Advanced Studies (Dublin 1945).
- Cal. Carew MSS *Calendar of the Carew manuscripts preserved in the Archiepiscopal Library at Lambeth*, ed. J.S. Brewer and W.Bullen 6 vols (London 1867-73).
- Cal. Cecil. Mss. "Calendar of the Manuscripts of the Most Hon. The Marquis of Salisbury, Part 1." *Calendar of the Cecil Manuscripts preserved at Hatfield House, Hertfordshire.* (1883-1899).
- Cal. Dav. Cam. "Calendar of David Camerarius" in *Kalendars of Scottish Saints*, ed. A. P. Forbes (Edinburgh 1872).
- Cal. Papal Letters *Calendar of entries in the papal registers relating to Great Britain and Ireland: papal letters AD 1198-1498*, ed. W.H. Bliss, C. Johnson, J.A. Twemlow, Michael J.Haren, Anne P. Fuller 16 vols (London 1893-1960, Dublin, 1978, 1986, 1994).
- Cal. P.C.R., (1828) *Calendar of Patent and Close Rolls, Ireland (Middle Ages)* Irish Record Commission 1828. (buíochas do Hubert Gallwey don tagairt seo), (Gallwey 1970, 44, n.12).
- Camb. Eversus *Cambrensis Eversus, seu potis Historica Fides in Rebus Hibernicis Giraldo Cambrensi abrogata; in quo plerasque justii Historici dotes desiderari, plerosque naevos inesse, ostendit Gratianus Lucius, Hibericus, qui etiam aliquot res memorabiles Hibernicas veretis et*

*novae memoriae passime re nata huic operi inseruit,*  
ed. Rev. Matthew Kelly 2 vols (Dublin 1848).

- CB *Camden's Britannia*, Newly translated into English with large additions and improvements, ed. Edmund Gibson (London 1695).
- CBB "A Middle-Irish Poem on Leinster dynasties," in ead., Brian Ó Cuív, *Études Celtiques* 18 (1981-2), 141-150.
- CC *Liostaí Logainmneacha; Contae Chill Chainnigh; County Kilkenny* (Baile Átha Cliath 1993).
- Census *A Census of Ireland circa 1659, with supplementary material from the poll money ordinances (1660-1)*, ed. Séamus Pender (Dublin 1939).
- CDI *Calendar of documents relating to Ireland, 1171-1307*, ed. H.S. Sweetman and G.F. Handcock 5 vols, (London 1875-86).
- CGH *Corpus genealogiarum Hiberniae*, vol. 1, ed. M.A. O'Brien (Dublin 1962).
- CGn. Clárlann na nGníomhas (Tagraítear d'imleabhar, leathanach, gníomhas).
- Chart. St. Mary *Rerem Britannicarum Medii Aevi Scriptores or Chronicles and memorials of Great Britain and Ireland during the Middle Ages; Chartularies of St. Mary's Abbey Dublin, with the Register of its house at Dunbrody and Annals of Ireland*, ed. John T. Gilbert 2 vols. (London 1884).
- Chron. Ire. *The Chronicle of Ireland 1584-1608*, by Sir James Perrott, ed. Herbert Wood (Dublin 1933).
- Chron. Scot. *Chronicum Scotorum; a chronicle of Irish affairs, from the earliest times to A.D. 1135; with a supplement,*

- containing the events from 1141 to 1150*, ed. William M. Hennessy (London 1866).
- Cinnlae A.Uí S *Cinnlae Amhlaoibh Uí Shúileabháin, The Diary of Humphrey O' Sullivan*, ed. Rev. Michael McGrath; ITS vols. xxx-xxxii (Dublin 1936).
- Civ. Surv. *The civil survey, AD 1654-6*, ed Robert Simington, 10 vols, Irish Manuscript Commission (Dublin 1931-61).
- CJR *Calendar of Justiciary Rolls, Ireland, 1295-1314, I-III* (1905-c.1958).
- Clanricarde *Letter-Book of the Earl of Clanricarde, 1643-47*, ed. by John Lowe. (Dublin 1983).
